



**A9-0234/2023**

6.7.2023

**\*\*\*I**

## **TUARASCÁIL**

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (COM(2022)0105 – C9-0058/2022 – 2022/0066(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile  
An Coiste um Chearta na mBan agus um  
Chomhionannas Inscne

(Nós imeachta comhchoiste – Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta)

Rapóirtéirí: Frances Fitzgerald, Evin Incir

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe i gcomhréir le Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:

Rosa Estaràs Ferragut, an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

### ***Eochair do na siombailí a úsáidtear***

- \* An nós imeachta comhairliúcháin
- \*\*\* Nós imeachta an toilithe
- \*\*\*I An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
- \*\*\*II An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
- \*\*\*III An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

### ***Leasuithe ar dhréachtghníomh***

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

#### **Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail **I** nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsíú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.

Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

### Leathanach

DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA .....	4
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN .....	162

## DRÉACHTRÚN REACTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaiigh a chomhrac (COM(2022)0105 – C9-0058/2022 – 2022/0066(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0105),
  - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagail 82(2) agus 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra don Parlaimint (C9-0058/2022),
  - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir leis an mbunús dlí atá molta,
  - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
  - ag féachaint don tuairim réasúnaithe a thíolaic Teach na dTeachtaí sa tSeic, faoi chuimsiú Phrótaicail Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,
  - ag féachaint do Rialacha 59 agus 40 dá Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,
  - ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Buiséid agus ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla
  - ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne an (A9-0234/2023),
- 1 ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
  - 2 á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
  3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

**Togra le haghaidh Treorach  
Lua 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2) agus Airteagal 83(1) de,

*Leasú*

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2) agus Airteagal 83(1) **agus (2)** de,

Leasú 2

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(1) Is é is cuspóir don Treoir seo creat cuimsitheach a chur ar fáil chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais ar fad. Déanann sé amhlaidh trí bhearta a neartú agus a thabhairt isteach sna réimsí seo a leanas: an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis ábhartha, cosaint íospartach agus rochtain ar cheartas, tacaíocht d'íospartaigh, cosc, comhordú agus comhar.

*Leasú*

(1) Is é is cuspóir don Treoir seo creat cuimsitheach a chur ar fáil chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais ar fad. Déanann sé amhlaidh trí bhearta a neartú agus a thabhairt isteach sna réimsí seo a leanas: an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus pionóis ábhartha, cosaint íospartach agus rochtain ar cheartas, tacaíocht agus cúiteamh d'íospartaigh, bailiú feabhsaithe sonraí, cosc, comhordú agus comhar.

Leasú 3

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Is bunluachanna de chuid an Aontais iad an combhionannas idir mná agus fir agus an neamh-idirdhealú agus is cearta bunúsacha iad a chumhdaítear, faoi

*Leasú*

(2) Is bunluachanna de chuid an Aontais iad an combhionannas idir mná agus fir agus an neamh-idirdhealú agus is cearta bunúsacha iad a chumhdaítear, faoi

seach, in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh na prionsabail sin i mbaol, rud a bhaineann an bonn de chearta na mban agus na gcailíní chun comhionannais i ngach réimse den saol.

seach, in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 21 agus Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Cuireann foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh na prionsabail sin i mbaol, rud a bhaineann an bonn de chearta na mban agus na gcailíní chun comhionannais i ngach réimse den saol agus lena gcuirtear cosc ar chur chun cinn iomlán na mban, na gcailíní agus ár sochaithe ina n-iomláine.

## **Leasú 4**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(3) Sáraíonn foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh cearta bunúsacha amhail an ceart chun dínit an duine, an ceart chun beatha agus iomláine an duine, an toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, cosaint sonraí pearsanta, agus cearta an linbh, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (“An Chairt”).

*Leasú*

(3) Is sárú ar chearta bunúsacha é foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh amhail ceart chun dínit an duine, ceart chun na beatha agus chun iomláine an duine, an toirmeasc ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, an ceart chun saoirse agus slándála, cosaint sonraí pearsanta, an ceart chun neamhidirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhorais inscne, agus cearta an linbh, mar a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

## **Leasú 5**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le hiompar coiriúil arb

*Leasú*

(4) Ba cheart feidhm a bheith ag an Treoir seo maidir le hiompar coiriúil arb

ionann é agus foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, mar a dhéantar coir air faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Áirítear leis sin na cionta coiriúla a shainmhínítear sa Treoir seo, eadhon éigniú, ciorrú ball giniúna ban, comhroinnt neamh-chomhfhiosach ábhair atá pearsanta nó cúbláilte, cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, cibeargríosú chun foréigin nó fuatha agus iompar coiriúil a chumhdaítear le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2011/36/AE<sup>2</sup> agus Treoir 2011/93/AE<sup>3</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena sainmhínítear cionta coiriúla maidir le teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus gáinneáil ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach. Ar deireadh, tá cionta coiriúla áirithe faoin dlí náisiúnta faoi shainmhíniú an fhoréigin in aghaidh na mban. Áirítear leis sin coireanna amhail femiciú, ciapadh gnéasach, mí-úsáid ghnéasach, stalcaireacht, luathphósadh agus pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú éigeantach, agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin, amhail ciapadh gnéasach ar líne, cibearbhulaíocht nó ábhar gnéasach follasach a fháil gan iarraidh. Is cineál foréigin in aghaidh na mban é foréigean baile a d'fhéadfaí a choiriúlú go sonrach faoi dhlíthe náisiúnta nó a chumhdaítear le cionta coiriúla, a dhéantar laistigh den teaghlach nó den aonad baile nó idir iarchéilí nó céilí reatha, mar a shainmhínítear sa Treoir seo.

ionann é agus foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, mar a dhéantar coir air faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Áirítear leis sin na cionta coiriúla a shainmhínítear sa Treoir seo, eadhon éigniú, ionsaí gnéasach, ciorrú ball giniúna ban, ciorrú ball giniúna idirghnéasach, steiriliú éigeantais, pósadh éigeantais, ciapadh gnéasach i saol na hoibre, comhroinnt neamhthoiliúil ábhar dlúthchaidrimh nó cúbláilte, cibearstalcaireacht, cibearchiapadh, ábhar gnéasach a fháil gan iarraidh, cibeargríosú chun foréigin nó fuatha agus iompar coiriúil a chumhdaítear le hionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe Treoir 2011/36/AE<sup>36</sup> agus Treoir 2011/93/AE<sup>37</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, lena sainmhínítear cionta coiriúla a bhaineann le teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus gáinneáil ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach. Ar deireadh, tá cionta coiriúla áirithe faoin dlí náisiúnta faoi shainmhíniú an fhoréigin in aghaidh na mban. Áirítear leis sin coireanna amhail feimeamharú, foréigean páirtí dlúthchaidrimh, ciapadh gnéasach, mí-úsáid ghnéasach, stalcaireacht, luathghinmhilleadh éigeantach, teacht i dtír gnéasach trí striapachas daoine eile, cosc a chur ar fhoirceannadh deonach toirchis agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin, amhail ciapadh gnéasach ar líne nó cibearbhulaíocht, nó iarracht a dhéanamh é sin a chosc. Is cineál foréigin é foréigean teaghlaigh a d'fhéadfaí a choiriúlú go sonrach faoin dlí náisiúnta nó a chumhdaítear le cionta coiriúla a dhéantar laistigh den teaghlach nó den aonad teaghlaigh nó idir iarchéilí nó céilí nó páirtithe reatha, is cuma cé acu atá nó nach bhfuil tithíocht á roinnt acu. ***Mar sin féin, chun an creat reachtach a thabhairt chun críche go hiomlán chun aghaidh a thabhairt ar gach cineál foréigin inscnebhunaithe, tá sé ríthábhachtach na réimsí coireachta a liostaítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a leathnú chun***

## *foréigean inscnebhunaithe a áireamh.*

<sup>2</sup> Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, IO L 101, 15.4.2011, lgh. 1–11.

<sup>3</sup> Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle, IO L 335, 17.12.2011, lch. 1-14.

<sup>2</sup> Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, (IO L 101, 15.4.2011, lch. 1).

<sup>3</sup> Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle (IO L 335, 17.12.2011, lch. 1).

## **Leasú 6**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Ceapadh na bearta faoin Treoir seo chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, ós rud é go ndéanann na cineálacha foréigin a chumhdaítear faoin Treoir seo difear díréireach dóibh, eadhon foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh. Aithnítear sa Treoir seo, áfach, go bhféadfadh daoine eile a bheith thíos leis na cineálacha foréigin sin agus gur cheart go mbainfidís tairbhe as na bearta dá bhforáiltear inti. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh leis an téarma ‘íospartach’ do gach duine, beag beann ar a ngnéas nó ar a n-inscne.

*Leasú*

(5) Ceapadh na bearta faoin Treoir sin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní, ós rud é go ndéanann na cineálacha foréigin a chumhdaítear faoin Treoir seo difear díréireach, ach ní go heisiach, dóibh, eadhon foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh. ***De réir shonraí Eurostat ó 2015, ba mhná iad naonúr as gach deichniúr íospartach éignithe agus ochtar as gach deichniúr íospartach ionsaithe ghnéasaigh san Aontas.*** Fir a bhí i 99 % díobh siúd a cuireadh i bpríosún mar gheall ar choireanna den sórt sin. Aithnítear sa Treoir seo go bhféadfadh daoine eile a bheith ina n-íospartaigh ar na cineálacha foréigin sin agus gur cheart dóibh tairbhe a bhaint as na bearta dá bhforáiltear inti. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt a dhéanamh leis an téarma ‘íospartach’ do gach duine, beag beann ar a



ngnéas nó ar a n-inscne.

## Leasú 7

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) De bharr a leochaileachta, déantar dochar díreach mothúchánach do leanaí a fheiceann foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhforbairt. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur íospartaigh iad na leanaí sin agus go dtairbhíonn siad de bhearta cosanta spriocdhírthe.

*Leasú*

(6) De bharr a leochaileachta, déantar dochar díreach mothúchánach agus shíceolaíoch do leanaí a fheiceann foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhforbairt. Dá bhrí sin, ba cheart leanaí den sórt sin a mheas mar íospartaigh agus ba cheart go mbainfeadh siad tairbhe as bearta cosanta spriocdhírthe agus speisialaithe, as bearta coisctheacha spriocdhírthe agus speisialaithe agus as bearta tacaíochta spriocdhírthe agus speisialaithe. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, go háirithe, go bhfaighidh leanaí tuismitheora a maraíodh mar thoradh ar fhoréigean in aghaidh na mban nó ar fhoréigean teaghlaigh an tacaíocht a theastaíonn uathu, lena n-áirítear trí bhearta cosanta spriocdhírthe agus trí thacaíocht spriocdhírthe, go háirithe le linn aon imeachtaí breithiúnacha ábhartha, mar gheall ar a staid thar a bheith leochaileach. Ba cheart bearta spriocdhírthe do leanaí a bheith bunaithe ar thuiscint iomlánaíoch agus inscne-shonrach ar dhinimic an chaidrimh mhí-úsáidigh agus ba cheart a áirithiú leo go seachnófar aon athíospart ar an leanbh agus ba cheart go n-áiritheodh siad cearta an linbh. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin agus cearta coimeádta leanaí agus cearta cuairte á mbreithniú.***

## Leasú 8

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 7

(7) Tuigtear gur sárú ar chearta an duine é foréigean in aghaidh na mban agus is léiriú leanúnach é ar idirdhealú struchtúrach in aghaidh na mban, a eascraíonn as caidreamh cumhachta neamhionann go stairiúil idir mná agus fir. Is cineál foréigin inscnebhunaithe é, a chuireann fir i bhfeidhm go príomha ar mhná agus ar chailíní. Tá sé fréamhaithe sna róil, iompraíochtaí, gníomhaíochtaí agus tréithe atá tógtha go sóisialta a mheasann sochaí ar leith a bheith oiriúnach do mhná agus d'fhir, dá dtagraítear go ginearálta faoin téarma 'inscne'.

(7) Tuigtear gur sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban agus gur saincheist mhór sláinte phoiblí é agus is léiriú leanúnach é ar idirdhealú struchtúrach in aghaidh na mban ina n-éagsúlacht uile, rud a eascraíonn as caidreamh cumhachta neamhionann go stairiúil idir mná agus fir. Is cineál foréigin inscnebhunaithe é, a chuireann fir i bhfeidhm go príomha ar mhná agus ar chailíní. Tá sé fréamhaithe sna róil, iompraíochtaí, steiréitíopaí inscne, gníomhaíochtaí agus tréithe atá tógtha go sóisialta a mheasann sochaí ar leith a bheith oiriúnach do mhná agus d'fhir, dá dtagraítear go ginearálta faoin téarma 'inscne'. ***Tá sé forleathan i gcónaí agus bíonn tionchar aige ar mhná ar gach leibhéal den tsochaí, beag beann ar aois, oideachas, ioncam, staid shóisialta nó tír thionscnaimh nó chónaithe. Tá sé ar cheann de na bacainní is tromchúisí ar chomhionannas inscne a bhaint amach.***

## **Leasú 9**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 8**

(8) Is fadhb shóisialta thromchúiseach é an foréigean teaghlaigh, fadhb a bhíonn i bhfolach go minic. D'fhéadfadh tráma tromchúiseach síceolaíochta agus fisiciúla a bheith mar thoradh air mar is iondúil gur duine é an ciontóir atá ar eolas ag na híospartaigh, agus bheifí ag súil go mbeidh muinín aige as. Is féidir le foréigean den sórt sin a bheith i bhfoirmeacha éagsúla, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch agus eacnamaíoch. D'fhéadfadh foréigean teaghlaigh tarlú cibé acu atá nó nach bhfuil an ciontóir i bpáirt leis an íospartach nó an bhfuil

(8) Fadhb shóisialta thromchúiseach is ea foréigean teaghlaigh, fadhb atá fós i bhfolach go minic mar thoradh ar stiogma sóisialta. D'fhéadfadh tráma tromchúiseach síceolaíoch agus fisiceach a bheith mar thoradh air agus iarmhairtí tromchúiseacha aige do shaol pearsanta agus gairmiúil íospartaigh toisc gur gnách gur duine é an ciontóir a bhfuil aithne ag na híospartaigh air, a mbeadh an t-íospartach in ann muinín a bheith aige as. D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist le foréigean den sórt sin, lena n-áirítear foréigean fisiciúil, gnéasach,

teaghlach roinnte aige nó aici leis an íospartach.

síceolaíoch agus eacnamaíoch agus d'fhéadfadh sé tarlú laistigh de réimse caidrimh. Is minic a chuimsíonn foréigean teaghlaigh rialú comhéigneach, agus d'fhéadfadh sé tarlú má bhí nó má tá teaghlach á roinnt ag an gciontóir leis an íospartach.

## Leasú 10

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 9

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(9) I bhfianaise na sonraíochtaí a bhaineann leis na cineálacha seo coireanna, is gá tacar cuimsitheach rialacha a leagan síos, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar fhadhb leanúnach an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais shonracha íospartaigh an fhoréigin sin. Léiríodh nach leor na forálacha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc go héifeachtach. Go háirithe, díritear i dTreoir 2011/36/AE agus i dTreoir 2011/93/AE ar chineálacha sonracha foréigin den sórt sin, agus, le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup>, leagtar síos an creat ginearálta d'íospartaigh na coireachta. Cé go gcuirtear roinnt cosaintí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, níl sé leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha.

*Leasú*

(9) ***Mar gheall ar a thromchúisí atá fadhb an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh san Aontas i gcónaí, rud a léirítear go soiléir ós rud é gur léiríodh nach leor na gníomhartha dlíthiúla atá ann cheana agus a gcur chun feidhme, in éineacht le sonraíochtaí na gcoireanna sin, tugtar údar le caitheamh le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh ar bhealach éagsúil i gcomparáid le híospartaigh coireanna eile san Aontas agus tugtar údar leis na bearta sonracha a thugtar isteach leis an Treoir seo maidir le híospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh.*** I bhfianaise na sonraíochtaí a bhaineann leis na cineálacha seo coireanna, is gá tacar cuimsitheach rialacha a leagan síos, lena dtugtar aghaidh go sonrach ar fhadhb leanúnach an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de agus iomlánaíoch agus lena bhfreastalaítear ar riachtanais shonracha íospartaigh an fhoréigin sin. Léiríodh nach leor na forálacha atá ann cheana ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc go héifeachtach. Go háirithe, díritear i dTreoir 2011/36/AE 2011/93/AE ar chineálacha sonracha foréigin den sórt sin,

agus, le Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>4</sup>, leagtar síos an creat ginearálta d'íospartaigh na coireachta. Cé go gcuirtear roinnt cosaintí ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, níl sé leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar a riachtanais shonracha.

---

<sup>4</sup> Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

---

<sup>4</sup> Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta íospartaigh na coireachta, maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh agus maidir le hiad a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle (IO L 315, 14.11.2012, lch. 57).

## **Leasú 11**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(10) Tacaíonn an Treoir seo leis na gealltanais idirnáisiúnta atá déanta ag na Ballstáit chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)<sup>5</sup> agus, i gcás inarb ábhartha, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (“Coinbhinsiún Iostanbúl”)<sup>6</sup> agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le foréigean agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre, a síníodh an 21 Meitheamh 2019 sa Ghinéiv.

*Leasú*

(10) Leis an Treoir seo, tacaítear leis na gealltanais idirnáisiúnta atá tugtha ag na Ballstáit chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus a chosc, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW)<sup>5</sup>, agus Moladh Ginearálta Uimh. 35 uaidh maidir le foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban, lena nuashonraítear moladh ginearálta Uimh. 19, Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (CRPD), agus, i gcás inarb ábhartha, Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (“Coinbhinsiún Iostanbúl”)<sup>6</sup>, Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le foréigean

agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre, a síníodh an 21 Meitheamh 2019 sa Ghinéiv, agus Coinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le hIdirdealú i dtaca le Fostaíocht agus Gairm bheatha agus an Coinbhinsiún maidir le hobair chuibhiúil d'oibríthe tí.

---

<sup>5</sup> An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW), UNGA, 1979.

<sup>6</sup> An Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), Comhairle na hEorpa, 2011.

---

<sup>5</sup> An Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdealaithe in aghaidh Ban a Dhíothú (CEDAW), UNGA, 1979.

<sup>6</sup> An Coinbhinsiún chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl), Comhairle na hEorpa, 2011.

## Leasú 12

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 11

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Is féidir foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a dhéanamh níos measa i gcás ina dtrasnaíonn sé idirdhealú bunaithe ar ghnéas agus ar fhorais eile idirdhealaithe a thoirmisctear le dlí an Aontais, eadhon náisiúntacht, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach. Ba cheart do na Ballstáit, dá bhrí sin, aird chuí a thabhairt ar íospartaigh a ndéanann an t-idirdhealú trasnach sin difear dóibh, trí bhearta sonracha a chur ar fáil i gcás ina bhfuil foirmeacha idirdhealaithe a thrasnaíonn an t-idirdhealú i láthair. Go háirithe, tá baol méadaithe ann go bhfulaingeoídh mná leispiacha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus mná (LBTIQ) aeracha, mná faoi mhíchumas agus mná a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch

#### *Leasú*

(11) Is féidir foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a ghéarú i gcás ina dtrasnaíonn sé le hidirdhealú bunaithe ar inscne nó ar ghnéas agus ar fhorais eile idirdhealaithe a thoirmisctear le dlí an Aontais agus i gcás ina bhfuil sé doscartha ón idirdhealú sin, eadhon náisiúntacht, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, stádas cónaithe, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne agus saintréithe gnéis. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar íospartaigh a ndéanann idirdhealú trasnach den sórt sin difear dóibh trí bhearta sonracha a chur ar fáil i gcás ina bhfuil cineálacha trasnacha idirdhealaithe ann. Go háirithe, mná leispiacha, déghnéasacha, trasinscneacha, neamhdhénártha, idirghnéasacha agus aeracha (LBTIQ), mná

nó eitneach acu, go bhfulaingeoídh siad foréigean inscnebhunaithe.

faoi mhíchumas, mná torracha, mná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus mná a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, tá baol níos mó ann go bhfulaingeoídh siad foréigean inscnebhunaithe agus foréigean teaghlaigh. *Mar shampla, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar ghníomhartha foréigin inscnebhunaithe a fhéachann le pionós a chur ar íospartaigh as a gclaonadh gnéasach, a léiriú inscne nó a bhféiniúlacht inscne, amhail “éigniú ceartaitheach”, mar a thugtar air. Ina theannta sin, bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní atá neamhchosanta ar idirdhealú agus ar fhoréigean ar bhonn teaghlaim dá ngnéas nó dá n-inscne agus d’fhorais eile, lena n-áirítear cibearchiapadh agus cibeargríosú chun foréigin nó fuatha agus, dá bhrí sin, ba cheart caitheamh leis na cionta sin le tromchúis chuí.*

## Leasú 13

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 12

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(12) Tá íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh i mbaol imeaglaithe, frithbheartaíochta, athíospartha tánaisteach agus athíospartha. Ba cheart, dá bhrí sin, aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar an ngá atá le dínit agus sláine fhisiciúil na n-íospartach sin a chosaint.

*Leasú*

(12) Tá íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh i mbaol imeaglaithe, frithbheartaíochta, athíospartha tánaisteach agus athíospartha. Dá bhrí sin, ba cheart aird ar leith a thabhairt ar na rioscaí sin agus ar an ngá atá le dínit fhisiceach agus shíceolaíoch agus ionracas na n-íospartach sin a chosaint i ngach cás, lena n-áirítear roimh imeachtaí coiriúla, lena linn agus ina ndiaidh, agus ar a gceart chun cosanta agus tacaíochta, agus ceartas á áirithiú ag an am céanna trí chiontóirí a thabhairt chun cuntais. *De réir tuarascála ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha dar teideal ‘Violence against women: an EU-wide survey’, [Foréigean in aghaidh na mban: suirbhé uile-Aontais] bhí aithne nó*

*caidreamh éigin roimhe seo ag 67 %  
d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh le  
déantóir an fhoréigin ghnéasaigh agus,  
dá bhrí sin, tá gá le cosaint láidir  
d'íospartaigh chun ionsaithe breise a  
chosc.*

## **Leasú 14**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(13) Tá éigniú ar cheann de na cionta is tromchúisí a sháraíonn sláine gnéis duine agus is coir é a théann i bhfeidhm go díreireach ar mhná. Is éard atá i gceist leis éagothroime chumhachta idir an ciontóir agus an t-íospartach, rud a ligeann don chiontóir leas gnéasach a bhaint as an íospartach chun críocha amhail daingniú pearsanta, forlámhas a dhearbhu, aitheantas sóisialta a fháil, dul chun cinn nó gnóthachan airgeadais b'fhéidir. Éilíonn go leor Ballstát fós go n-úsáidfear forneart, bagairtí nó comhéigean do choir an éignithe. Tá Ballstáit eile ag brath ar an gcoinníoll nár thoiligh an t-íospartach leis an ngníomh gnéasach, agus ar an gcoinníoll sin amháin. Is leis an gcur chuige sin amháin a dhéantar cosaint iomlán ar shláine gnéis na n-íospartach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá cosaint chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais trí na gnéithe bunaitheacha de choir éigniú na mban a sholáthar. .

## **Leasú 15**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 14**

*Leasú*

(13) Tá éigniú ar cheann de na cionta is tromchúisí a sháraíonn dínit agus sláine gnéis agus coirp duine agus is coir é a théann i bhfeidhm go díreireach ar mhná. Is éard atá i gceist leis éagothroime chumhachta idir an ciontóir agus an t-íospartach, lena gceadaítear don chiontóir leas gnéasach a bhaint as an íospartach chun críocha amhail sásamh pearsanta, forlámhas a dhearbhu, aitheantas sóisialta a fháil, dul chun cinn, gnóthachan airgeadais nó pionós a d'fhéadfadh a bheith ann trí “éigniú ceartaitheach”. Éilíonn go leor Ballstát fós go n-úsáidfear forneart, bagairtí nó comhéigean do choir an éignithe. Tá Ballstáit eile ag brath ar an gcoinníoll nár thoiligh an t-íospartach leis an ngníomh gnéasach, agus ar an gcoinníoll sin amháin. Is leis an gcur chuige sin amháin a dhéantar cosaint iomlán ar shláine gnéis na n-íospartach agus tá sé i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is gá cosaint chomhionann a áirithiú ar fud an Aontais trí na gnéithe bunaitheacha de choir éigniú na mban go háirithe a sholáthar.

(14) Ba cheart go n-áireofaí go sainráite leis an éigniú gach cineál treáite gnéis, le haon chuid nó rud coirp. Ba cheart go mbeadh an easpa toilithe ina ghné lárnach, bhunaitheach den sainmhíniú ar éigniú, ós rud é nach mbíonn aon fhoréigean fisiceach ná úsáid fornirt bainteach lena dhéanamh. Ba cheart go bhféadfaí toiliú tosaigh a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh, i gcomhréir le huathriail ghnéasach an íospartaigh, agus níor cheart go dtabharfaí le tuiscint leis sin go huathoibríoch go dtoilítear le gníomhartha amach anseo. Ba chóir go mbeadh treá gnéasach neamhchomhthoiliúil ina éigniú fiú nuair a dhéantar i gcoinne céile nó páirtí pearsanta.

## **Leasú 16**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 14 a (nua)**

(14) Ba cheart go n-áireofaí go sainráite leis an éigniú gach cineál treáite gnéis, le haon chuid nó rud coirp. Ba cheart an easpa toilithe a bheith ina ghné lárnach agus bhunaitheach den sainmhíniú ar éigniú, ós rud é gur minic nach mbíonn foréigean fisiciúil ná úsáid fornirt i gceist nuair a dhéantar an gníomh. Ba cheart go bhféadfaí toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh, i gcomhréir le huathriail ghnéasach an íospartaigh, agus níor cheart go dtabharfaí le tuiscint leis sin go huathoibríoch go dtoilítear le gníomhartha amach anseo. Ba cheart go mbeadh treá gnéasach neamhthoiliúil ina éigniú, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar é i gcoinne céile nó páirtí dlúthchaidrimh.

***(14a) Is cineál foréigin ghnéasaigh é ionsaí gnéasach a théann i bhfeidhm go díreireach ar mhná agus a sháraíonn go mór sláine fhisiciúil agus neamhspleáchas coirp duine. Tá éagsúlacht mhór idir an dlí náisiúnta maidir le hionsaí gnéasach ar fud na mBallstát agus, dá bhrí sin, is léir gur gá rialacha a bhunú maidir le hionsaí gnéasach ar leibhéal an Aontais. Clúdaíonn ionsaí gnéasach gníomhartha de chineál gnéasach. Áirítear le gníomhartha de chineál gnéasach gníomhartha ina bhfuil teagmháil fhisiciúil idir corp an déantóra agus baill ghiniúna an íospartaigh agus gníomhartha ina bhfuil teagmháil idir corp an íospartaigh agus baill ghiniúna an íospartaigh.***



**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 14 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(14b) Ba cheart toiliú a thabhairt i gcónaí faoi shaoirse agus go deonach. Ba cheart go bhféadfaí toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh, i gcomhréir le huathriail ghnéasach an íospartaigh, agus níor cheart go dtabharfaí le tuiscint leis sin go huathoibríoch go dtoilítear le gníomhartha amach anseo. Tá roinnt cásanna ann nach bhfuil íospartach in ann saorthoil a chruthú agus ba cheart a mheas, dá bhrí sin, gur gníomhartha neamhthoiliúla iad cionta a dhéantar sna cásanna sin. Agus measúnú á dhéanamh ar chás ar leith, ba cheart imthosca pearsanta agus seachtracha a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, níl an eagla teoranta don bhagairt go ndéanfaí gníomh coiriúil. Ba cheart go gcumhdódh an easpa toilithe mar gheall ar mheisce éagumasú arb iad drugaí, alcól nó substaintí meisciúla eile is cúis leis. I gcásanna atá an-leochaileach tá cásanna inar léir nach mbíonn ach deiseanna teoranta ag íospartaigh a n-ionracas coirp agus gnéasach a chosaint agus ionsaí a sheachaint. D'fhéadfaí a áireamh i gcás an-leochaileach cásanna ina bhfuil míchothromaíocht chumhachta an-tromchúiseach nó spleáchas eacnamaíoch tromchúiseach. Is éard atá i gceist le gníomhaíocht faoi choim ná scor d'aon ghnó agus go rúnda de mhodh próifíolacsais nó rialaithe atáirgthe a úsáid le linn treá. Mar gheall ar an bhfíric go n-athraíonn gníomhaíocht faoi choim na himthosca inar tugadh toiliú, d'fhéadfaí é a mheas mar éigniú nó ionsaí gnéasach.**

## Leasú 18

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(15) Maidir leis na cionta arb ionann iad agus éigniú, ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar chiontóirí a ciontaíodh roimhe sin i gcionta den chineál céanna páirt a ghlacadh i gcláir idirghabhála chun an riosca atitimeachais a mhaolú.

*Leasú*

(15) Ba cheart oibleagáid a bheith ar chiontóirí a ciontaíodh as éigniú a bheith rannpháirteach i gcláir idirghabhála atá bunaithe ar fhianaise chun an riosca atitimeachais a mhaolú, chun caidreamh sábháilte a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach cuimsitheach agus eolasach, ar an díobháil a dhéantar trína bhfreagracht a aithint agus a ndearthaí agus a n-iompraíocht dhíobhálacha a athrú. ***Ba cheart do na húdaráis inniúla na húdaráis bhreithiúnacha a chur ar an eolas faoi infhaighteacht na gclár sin.***

## Leasú 19

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 15 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(15a) Is cineál teacht i dtír é an pósadh éigeantais a théann i bhfeidhm go príomha ar mhná agus ar chailíní agus a bhfuil sé ar intinn leis forlámhas a chur in iúl ina leith. Is cineál foréigin é lena mbaineann sárúithe tromchúiseacha ar chearta bunúsacha agus, go háirithe, cearta na mban agus na gcaoilíní ar shláine choirp, ar shaoirse, ar neamhspleáchas, ar shláinte choirp agus mheabhrach, ar shláinte ghnéis agus atáirgthe, ar oideachas agus ar shaol príobháideach. Is tosca iad an bhochtaineacht, an dífhostaíocht, an nós nó na coinbhleachtaí go léir lena chuirtear pósadh éigeantais chun cinn. Baintear úsáid as foréigean fisiciúil agus gnéasach agus as bagairtí foréigin go minic chun iallach a chur ar bhean nó ar chailín pósadh. Nuair a chuirtear iachall***

*orthu pósadh, tá baol níos mó ann go ndéanfar teacht i dtír gnéasach agus tuilleadh foréigin. Go minic, bíonn cineálacha teacht i dtír agus foréigin fhisiciúil agus shíceolaíoch, amhail teacht i dtír gnéasach, ag gabháil leis an bpósadh éigeantais. Dá bhrí sin, is gá do na Ballstáit uile pósadh éigeantais a choiriúlú, ciontóirí a chur faoi phionóis iomchuí agus é a dhéanamh indéanta póstaí den sórt sin a neamhniú nó a dhíscaoileadh gan aon ualach iomarcach riaracháin nó airgeadais a bheith ar íospartaigh.*

## Leasú 20

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 16

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(16) D’fhonn aghaidh a thabhairt ar chiorrú ball giniúna ban ar íospartaigh atá doleasaithe agus ar feadh an tsaoil, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gcion sin go sonrach agus go leordhóthanach sna dlíthe coiriúla. Is cleachtas dúshaothraithe é ciorrú ball giniúna ban a bhaineann le baill ghiniúna cailín nó mná agus a dhéantar chun forlámhas a chaomhnú agus a chur in iúl ar mhná agus ar chailíní agus chun smacht sóisialta a chur ar ghnéasachas na mban agus na gcailíní. Déantar é uaireanta i gcomhthéacs pósadh éigeantais leanaí nó foréigean teaghlaigh. D’fhéadfadh ciorrú ball giniúna ban tarlú mar chleachtas traidisiúnta a fheidhmíonn roinnt pobal ar a mbaill baineanna. Ba cheart go gcumhdódh sé cleachtais a dhéantar ar chúiseanna neamhleighis. Ba cheart go dtagródh an téarma “excising” [eisceadh] do bhaint iomlán nó páirteach an bhrillín agus labia majora. Ba cheart go gcumhdófaí le “ionfhiobúlú” dúnadh na labia majora trí liopaí seachtracha na pite a fhuáil go páirteach le chéile chun an oscailt na faighne a chúngú. Ba cheart tagairt a

*Leasú*

(16) Chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla agus síceolaíocha a bhíonn ag ciorrú ball giniúna ban ar íospartaigh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an gcion sin go sonrach agus go leordhóthanach sna dlíthe coiriúla. Is cleachtas dúshaothraithe é ciorrú ball giniúna ban a bhaineann le baill ghiniúna cailín nó mná agus a dhéantar chun forlámhas a chaomhnú agus a chur in iúl ar mhná agus ar chailíní agus chun smacht sóisialta a chur ar ghnéasachas na mban agus na gcailíní. Déantar é uaireanta i gcomhthéacs pósadh éigeantais leanaí nó foréigean teaghlaigh. D’fhéadfadh ciorrú ball giniúna ban tarlú mar chleachtas traidisiúnta a fheidhmíonn roinnt pobal ar a mbaill baineanna. Ba cheart go gcumhdódh sé cleachtais a dhéantar ar chúiseanna neamhleighis. Ba cheart go dtagródh an téarma “excising” [eisceadh] do bhaint iomlán nó páirteach an bhrillín agus labia majora. Ba cheart go gcumhdófaí le “ionfhiobúlú” dúnadh na labia majora trí liopaí seachtracha na pite a fhuáil go páirteach le chéile chun an oscailt na

dhéanamh leis an téarma “aon chiorrú eile a dhéanamh” do na hathruithe fisiciúla eile ar fad ar na baill ghiniúna ban.

faighne a chúngú. Ba cheart tagairt a dhéanamh leis an téarma “aon chiorrú eile a dhéanamh” do na hathruithe fisiciúla eile ar fad ar na baill ghiniúna ban.

Leasú 21

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 16 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(16a) Is cleachtas díobhálach agus dúshaothraithe é steiriliú éigeantach, comhéigneach agus neamhdheonach eile a chuireann deireadh le cumas na n-íospartach atáirgeadh gnéasach a dhéanamh, agus is minic a bhíonn iarmhairtí tromchúiseacha ann do shláinte fhisiciúil, shíceolaíoch agus shóisialta an duine, agus déantar é chun rialú sóisialta a dhéanamh ar mhná agus ar leanaí agus ar a ngnéasacht. Sáraíonn sé cearta bunúsacha amhail na cearta chun dínite, chun iomláine coirp agus chun príobháideachta, ní urramaíonn sé an ceanglas go dtabharfaí toiliú saor agus feasach agus aithnítear é mar chineál céastóireachta agus drochíde. Is minic a bhíonn dlúthbhaint ag steiriliú éigeantach, comhéigneach agus neamhdheonach eile le hidirdhealú agus smaointe steiréitipiciúla faoi cé ar cheart nó nár cheart a bheith torrach agus leanaí a bheith acu. Bhí mná agus leanaí Romacha, mná agus leanaí faoi mhíchumas, lena n-áirítear, go háirithe, míchumais intleachta agus siceasóisialta, mná ar mian leo cóir dhearbhaithe inscne a fháil agus mná agus leanaí ina gcónaí in institiúidí, bhí siad go háirithe i mbaol steiriliú éigeantais, comhéigneach agus neamhdheonach ar shlí eile. Ba cheart béim ar leith a chur ar réamhthoilíú feasach na mná nó an linbh chun steiriliú a dhéanamh. Níor cheart toiliú an chaomhnóra dhlíthiúil a chur in ionad toiliú na mná nó an linbh. Ní***

*chumhdaítear leis na forálacha maidir le steiriliú éigeantach a leagtar amach sa Treoir seo idirghabhálacha éigeandála leighis ná gnáthaimh mháinliachta a dhéantar, mar shampla, chun cabhrú le bean trína beatha a shábháil.*

Leasú 22

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 16 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(16b) Nós imeachta nó cóireáil máinliachta nó leighis nach bhfuil gá leis ó thaobh leighis de is ea ciorrú ball giniúna idirghnéasach a dhéantar ar dhuine a rugadh le héagsúlachtaí ar shaintréithe gnéis agus é mar chuspóir nó mar éifeacht na saintréithe sin a athrú chun iad a ailíniú leo siúd a mheastar a bheith baineann nó fireann de ghnáth. Tá nósanna imeachta agus cóireálacha, a dhéantar ar mhná agus ar leanaí idirghnéasacha, bunaithe ar an tuairim go bhfuil rogha déнарtha de shaintréithe gnéis mar ghnáthnós, agus go bhfuil aon rogha eile neamhghnách agus ní mór é a cheartú. Níor cheart nósanna imeachta nó cóireálacha a dhéanamh maidir le saintréithe gnéis ban nó leanaí a rugadh le héagsúlachtaí ar shaintréithe gnéis nach bhfuil ar a gcumas toiliú a thabhairt ach amháin nuair atá gá soiléir agus práinneach lena mbeatha a chaomhnú nó le díobháil thromchúiseach dá sláinte fhisiciúil a chosc. Níor cheart nósanna imeachta nó cóireálacha neamhriachtanacha a bhfuil sé mar aidhm acu nó a bhfuil éifeacht acu tréithe gnéis a athrú a dhéanamh ach amháin le toiliú feasach agus roimh ré ó bhean nó leanbh a rugadh le héagsúlachtaí ar shaintréithe gnéis. D'fhéadfadh laigi fisiceacha agus síceolaíocha ar feadh an tsaoil a bheith mar thoradh ar chiorrú ball giniúna idirghnéasach agus, dá bhrí*

*sin, ba cheart déileáil leis leis an tromchúis chéanna le ciorrú ball giniúna ban. Tá sé tábhachtach, dá bhri sin, tacaíocht leighis agus shíceolaíoch iomchuí a chur ar fáil do dhaoine idirghnéasacha agus dá dteaghlaigh agus urraim a thabhairt dá gceart cinntí eolasacha a dhéanamh faoina gcorp féin agus faoina gcúram sláinte féin.*

Leasú 23

Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 16 c (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(16c) Tá toirmeasc ginearálta ar ghnéaschiapadh agus ar chiapadh a bhaineann le gnéas ar an leibhéal náisiúnta faoi chuimsiú chur chun feidhme threoracha an Aontais maidir le comhionannas inscne. Mar sin féin, níl sé cruthaithe go bhfuil gníomhartha dlí an Aontais éifeachtach go leor chun na feiniméin sin a chomhrac sa chleachtas, go háirithe maidir le pionóis. Mura ngearrtar pionós ar iompar den sórt sin faoin dlí coiriúil, ní bhainfidh íospartaigh tairbhe as an gcosaint spriocdhírithé a fhoráiltear leis an Treoir seo. Ceadáitear le hAirteagal 83(2) CFAE rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla a shainiú ar choinníoll go bhfuil sé fíor-riachtanach dlíthe coiriúla na mBallstát a chomhfhogasú chun cur chun feidhme éifeachtach beartais de chuid an Aontais a áirithiú i réimse ina ndearnadh bearta um chomhchuibhiú. Le Treoracha 2006/54/CE, 2004/113/CE agus 2010/41/AE, rinneadh comhchuibhiú, ar leibhéal an Aontais, ar rialacha maidir le gnéaschiapadh ag an obair agus gnéaschiapadh i soláthar earraí agus seirbhísí agus i dtaca le rochtain orthu. I bhfianaise an chomhthéacs sin agus chur chun feidhme neamhéifeachtach bheartas an Aontais i gcoinne gnéaschiaptha, tá*

*gá, dá bhrí sin, le rialacha íosta breise sa réimse sin.*

Leasú 24

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 17**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(17) Is gá foráil a dhéanamh do shainmhínte comhchuibhithe ar chionta agus ar phionóis maidir le cineálacha áirithe cibearfhoréigin. Díríonn an cibearfhoréigean go háirithe ar pholaiteoirí, ar iriseoirí agus ar chosantóirí chearta an duine ar mná iad. Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní i suíomhanna oideachais, amhail scoileanna agus ollscoileanna, agus bíonn iarmhairtí díobhálacha aige sin ar a mbreisoideachas agus ar a meabhairshláinte, rud a bhféadfadh féinmharú a bheith mar thoradh air i gcásanna tromchúiseacha.

*Leasú*

(17) Is gá foráil a dhéanamh do shainmhínte comhchuibhithe ar chionta agus ar phionóis maidir le cineálacha áirithe cibearfhoréigin. Díríonn an cibearfhoréigean go háirithe ar pholaiteoirí ban, ar iriseoirí, ar chosantóirí chearta an duine, ar ghníomhaithe ban agus ar dhaoine atá mar chuid de phobail imeallaithe nó atá faoi réir cineálacha trasnacha idirdhealaithe. ***Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná atá neamhchosanta ar idirdhealú nó ar fhoréigean ar bhonn a n-inscne nó ar fhorais eile.*** Is féidir le cibearfhoréigean mná a chur ina dtost agus bac a chur ar a rannpháirtíocht shochaíoch agus ghairmiúil ar chomhchéim le fir. Mar thoradh ar úsáid mhéadaithe na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ag an obair, tá méadú tagtha ar an gcibearfhoréigean in aghaidh na mban. ***Mar thoradh ar an gcibearfhoréigean méadaithe sin, tá sé ráite ag Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, i dtuairim dar teideal ‘Teleworking and gender equality – conditions so that teleworking does not exacerbate the unequal distribution of unpaid care and domestic work between women and men and for it to be an engine for promoting gender equality’ [Teilea-obair agus comhionannas inscne — coinníollacha ionas nach gcuirfidh an teilea-obair le dáileadh éagothrom an chúraim gan íocaíocht agus na hoibre tí idir mná agus fir agus go mbeadh sí ina hinneall chun comhionannas inscne a chur chun cinn], agus tá sé ráite ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair gur gá***

*aird ar leith a thabhairt ar bhearta coisctheacha agus cosanta i gcomhthéacs na hoibre.* Bíonn tionchar díréireach ag an gcibearfhoréigean ar mhná agus ar chailíní san oideachas, mar shampla i scoileanna agus in ollscoileanna, agus bíonn iarmhairtí díobhálacha aige sin ar a mbreisoideachas agus ar a meabhairshláinte, rud a bhféadfadh féinmharú a bheith mar thoradh air i gcásanna tromchúiseacha. ***Ba cheart oiliúint a chur ar údaráis inniúla a dhéanann foréigean in aghaidh na mban a chomhrac chun cionta a bhaineann le cibearfhoréigean a ionchúiseamh go rathúil chun a áirithiú go ndéanfar cionta den sórt sin a ionchúiseamh go rathúil agus chun an tsaoirse ó phionós a chomhrac.***

## Leasú 25

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 18

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(18) Tá an baol ann go méadófar go héasca, go gasta agus go forleathan cineálacha áirithe cibearfhoréigin le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus is é an toradh a bheidh air sin go gcruthófar nó go bhfeabhsófar díobháil dhomhain agus fhadtéarmach don íospartach. Maidir leis an acmhainneacht atá ann an t-aimpliú sin a dhéanamh, rud atá ina réamhchoinníoll maidir le roinnt cionta den chibearfhoréigean a dhéanamh, ar cionta iad a shainítear faoin Treoir seo, ba cheart é a léiriú leis an ngné a bhaineann le hábhar áirithe a dhéanamh inrochtana, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, d'úsáideoirí deiridh. Ba cheart go dtuigfí leis an téarma 'cumas' go dtagraíonn sé do líon suntasach úsáideoirí deiridh na dteicneolaíochtaí atá i gceist a shroicheadh, sa chaoi go mbeifear in ann rochtain shuntasach a fháil ar an ábhar sin agus é a dháileadh tuilleadh amach anseo.

*Leasú*

(18) Tá an baol ann go ndéanfar cineálacha áirithe cibearfhoréigin a scaipeadh go héasca, go tapa agus go forleathan trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, rud a d'fhágfadh go gcruthófaí nó go gcuirfí leis an díobháil dhomhain fhadtréimhseach don íospartach. Is réamhriachtanas é an scaipeadh chun roinnt cionta cibearfhoréigin a shainmhíneáir faoin Treoir seo a dhéanamh agus léirítear é leis an ngné a bhaineann le hábhar áirithe a dhéanamh inrochtana, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, d'úsáideoirí deiridh eile. Ba cheart an téarma 'úsáideoirí deiridh eile' a thuiscint mar thagairt do theacht ar líon úsáideoirí deiridh na dteicneolaíochtaí atá i gceist, agus ar an gcaoi sin go bhféadfaí rochtain a fháil ar an ábhar sin agus dáileadh breise a dhéanamh ar an ábhar sin. Ba cheart an téarma sin a léirmhíniú agus a



Ba cheart an téarma sin a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ag féachaint do na himthosca ábhartha, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun an t-ábhar sin a dhéanamh inrochtana agus do na modhanna a chuireann na teicneolaíochtaí sin ar fáil le haghaidh aimplithe.

## Leasú 26

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 19

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(19) Go háirithe mar gheall ar an gclaonadh atá ann maidir le dáileadh agus déanamh atá éasca, tapa agus leathan, chomh maith lena nádúr pearsanta, d'fhéadfadh scaipeadh neamh-chomhfhiosach ar líne ábhair a léiríonn gníomhaíochtaí gnéasacha agus íomhánna pearsanta a bheith an-díobhálach do na híospartaigh. Ba cheart gach cineál ábhair den sórt sin a chumhdach leis an gcion dá bhforáiltear sa Treoir seo, amhail íomhánna, grianghraif agus físeáin, lena n-áirítear íomhánna gnéasaithe, gearrthóga fuaime agus gearrthóga físe. Ba cheart go mbainfeadh sé le cásanna ina scaiptear an t-ábhar don phobal, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an íospartaigh, is cuma ar thoiligh an t-íospartach le giniúint an ábhair sin nó ar tharchuir sé chuig duine ar leith é. Ba cheart go n-áireofaí sa chion freisin táirgeadh nó cúbláil neamh-chomhthoiliúil, trí eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, mar shampla, a fhágann go dtaispeántar é amhail is go bhfuil duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha, a mhéid a scaiptear an t-ábhar freisin don phobal ina dhiaidh sin, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an duine sin. Ba cheart go n-áireofaí i dtáirgeadh nó i gcúbláil den sórt sin déanamh 'domhainbhrionnuithe', i gcás ina bhfuil an t-ábhar cosúil go suntasach le

chur i bhfeidhm ag féachaint do na himthosca ábhartha, lena n-áirítear na teicneolaíochtaí a úsáidtear chun an t-ábhar sin a dhéanamh inrochtana agus na modhanna a chuirtear ar fáil leis na teicneolaíochtaí sin lena scaipeadh.

*Leasú*

(19) Mar gheall ar an gclaonadh atá ann maidir le dáileadh agus déanamh atá éasca, tapa agus leathan, chomh maith lena nádúr dlúthchaidrimh, is féidir dochar a dhéanamh do na híospartaigh trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide d'ábhar dlúthchaidrimh agus d'ábhar de chineál gnéasach d'úsáideoirí deiridh eile. Ba cheart gach cineál ábhair den sórt sin a chumhdach leis an gcion dá bhforáiltear sa Treoir seo, amhail íomhánna, grianghraif agus físeáin, lena n-áirítear íomhánna gnéasaithe, gearrthóga fuaime agus gearrthóga físe. Ba cheart go mbainfeadh sé le cásanna ina scaiptear an t-ábhar d'úsáideoirí deiridh eile, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an íospartaigh, is cuma ar thoiligh an t-íospartach le giniúint an ábhair sin nó ar tharchuir sé chuig duine ar leith é. Ba cheart a áireamh sa chion freisin an táirgeadh nó an ionramháil neamhthoiliúil, mar shampla trí eagarthóireacht a dhéanamh ar íomhánna, lena n-áirítear trí bhíthin intleacht shaorga ar ábhar a thagann chun solais amhail is dá mbeadh duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha, a mhéid a chuirtear an t-ábhar ar fáil d'úsáideoirí deiridh ina dhiaidh sin, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, gan toiliú an duine sin. Ba cheart go n-áireofaí le táirgeadh nó ionramháil den sórt sin

duine aonair, rudaí, áiteanna nó eintitis nó imeachtaí eile, lena léirítear gníomhaíochtaí gnéasacha duine eile, agus ina ndealraíonn sé go bréagach do dhaoine eile a bheith barántúil nó fírinneach. Ar mhaithe le híospartaigh an iompair sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart bagairt a dhéanamh d’iompar den sórt sin a chumhdach freisin.

monarú ‘domhainbhrionnuithe’, i gcás ina léiríonn ábhar ar dlúthchaidrimh nó ábhar de chineál gnéasach é duine atá an-chosúil le duine atá ann cheana agus a dhealródh go bréagach do dhaoine eile a bheith barántúil nó fírinneach. Ar mhaithe le híospartaigh an iompair sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart bagairt a dhéanamh d’iompar den sórt sin a chumhdach freisin. ***Thairis sin, ós rud é gur cineál coiteann imeaglaíthe agus tosta mná é an “cibearsplancáil”, ba cheart, dá bhrí sin, cion d’iomhánna, d’fhíseáin nó d’ábhar eile a léiríonn baill ghiniúna a bheith á seoladh gan iarraidh a chumhdach leis an Treoir seo.***

## Leasú 27

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 20

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(20) Is cineál nua-aimseartha foréigin í an chibearstalcaireacht a dhéantar go minic ar bhaill teaghlaigh nó ar dhaoine atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, ach freisin a dhéanann iarpháirtithe nó lucht aitheantais. De ghnáth, baineann an ciontóir mí-úsáid as an teicneolaíocht chun iompar, ionramháil agus faireachas comhéigheach agus rialaithe a threisiú, rud a mhéadaíonn eagla, imní agus leithlisiú de réir a chéile ó chairde agus ó mhuintir an íospartaigh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha íosta maidir le cibearstalcaireacht a bhunú. Le cion na cibearstalcaireachta, ba cheart faireachas leanúnach an íospartaigh a chumhdach gan toiliú ná údarú dlíthiúil a fháil uaidh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. D’fhéadfaí é sin a chumasú trí shonraí pearsanta an íospartaigh a phróiseáil, amhail trí ghoid aitheantais nó spaireacht a dhéanamh ar na sonraí sin ar a meáin shóisialta éagsúla nó ar a n-ardáin éagsúla teachtaireachtaí, a ríomhphoist agus a bhfón, pasfhocail a ghoid nó a

*Leasú*

(20) Is cineál nua-aimseartha foréigin í an chibearstalcaireacht a dhéantar go minic ar bhaill teaghlaigh nó ar dhaoine atá ina gcónaí sa teaghlach céanna, ach freisin a dhéanann iarpháirtithe nó lucht aitheantais. De ghnáth, baineann an ciontóir mí-úsáid as an teicneolaíocht chun iompar, ionramháil agus faireachas comhéigheach agus rialaithe a threisiú, rud a mhéadaíonn eagla, imní agus leithlisiú de réir a chéile ó chairde, ó mhuintir agus ó obair an íospartaigh. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha íosta maidir le cibearstalcaireacht a bhunú. Le cion na cibearstalcaireachta, ba cheart faireachas leanúnach an íospartaigh a chumhdach gan toiliú ná údarú dlíthiúil a fháil uaidh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. D’fhéadfaí é sin a chumasú trí shonraí pearsanta an íospartaigh a phróiseáil, amhail trí ghoid aitheantais nó spaireacht a dhéanamh ar na sonraí sin ar a meáin shóisialta éagsúla nó ar a n-ardáin éagsúla teachtaireachtaí, a ríomhphoist agus a bhfón, pasfhocail a

nagl asanna a haice il chun rochtain a fh il ar a sp asanna pr ibh aideacha, tr  aipeanna geolog anaithe a shuite il, lena n- air tear bogearra  stalcaireachta, n  tr na ngaireas a ghoid. Thairis sin, ba cheart go gcumhd fa  le stalcaireacht faireach n ar  ospartaigh, gan toili  n   dar  an duine sin, tr  ghl asanna teicneola ochta at  nasctha tr  Idirl ion na Ruda  Nithi la, amhail fearais chliste bhaile.

ghoid n  a ngl asanna a haice il n  bogearra  eochairbhloc la a ghn iomhacht  go r nda chun rochtain a fh il ar a sp asanna pr ibh aideacha, tr  aipeanna geolog anaithe a shuite il, lena n- air tear bogearra  stalcaireachta, n  tr na ngaireas a ghoid. Thairis sin, ba cheart go gcumhd fa  le stalcaireacht faireach n ar  ospartaigh, gan toili  n   dar  an duine sin, tr  ghl asanna teicneola ochta at  nasctha tr  Idirl ion na Ruda  Nithi la, amhail fearais chliste bhaile. ***Thairis sin,  s rud   gur cine l coiteann for igin in aghaidh na mban   teachtaireachta  bagartha agus maslacha a sheoladh ar  agus ar  eile i gcomhr ite pr ibh aideacha, ba cheart, d  bhri sin,   a chumhdach leis an Treoir seo.***

## Leas  28

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 21

*T acs arna mholadh ag an gCoimisi n*

(21) Ba cheart rialacha  osta maidir le cion an chibearchiaptha a leagan s os chun cur i gcoinne ionsa  a thionscnamh le tr u p irtithe n  chun p irt a ghlacadh in ionsa  den s rt sin arna dh r u ar dhuine eile, tr   bhar bagrach n  maslach a chur ar f il don iliomad  s ideoir  deiridh. D'fh adfadh ionsaithe leathana den s rt sin, lena n- air tear ionsaithe comhordaithe drong ar l ne, athr  ina n-ionsa  as l ne n  a bheith ina gc is le gort  suntasach s ceola och agus i gc asanna tromch iseacha, d'fh adfadh siad f inmhar  an  ospartaigh a chruth . Is minic a dh r tear ionsaithe den s rt sin ar pholaiteoir  m ra ban, ar iriseoir  n  ar dhaoine aitheanta ar bhealach eile, ach is f idir leo tarl  i gcomhth acsanna  ags la freisin, mar shampla ar champais n  i scoileanna. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar fhor igean ar l ne den s rt sin go h irithe i gc as ina dtarla ionn na hionsaithe ar sc la

*Leas *

(21) Ba cheart rialacha  osta maidir le cion an chibearchiaptha a leagan s os chun cur i gcoinne ionsa  a thionscnamh n  chun p irt a ghlacadh in ionsa  den s rt sin arna dh r u ar dhuine eile, tr   bhar bagrach n  maslach a chur ar f il d' s ideoir  deiridh eile. D'fh adfadh ionsaithe leathana den s rt sin, lena n- air tear ionsaithe comhordaithe drong ar l ne, athr  ina n-ionsa  as l ne n  a bheith ina gc is le gort  suntasach s ceola och agus i gc asanna tromch iseacha, d'fh adfadh siad f inmhar  an  ospartaigh a chruth . Is minic a dh r tear leis na hionsaithe sin ar pholaiteoir  (baineanna) iomr iteacha, ar iriseoir  agus ar chosant oir  chearta an duine n  ar dhaoine aitheanta eile, ach is f idir leo tarl  freisin i gcomhth acsanna  ags la, mar shampla ar champais n  i scoileanna agus i saol na hoibre. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar fhor igean ar l ne den s rt sin go h irithe i gc as ina

leathan, mar shampla i bhfoirm ciaptha méadaitheach ar líon suntasach daoine.

dtarlaíonn na hionsaithe ar scála leathan, mar shampla i bhfoirm ciaptha méadaitheach ar líon suntasach daoine.

## Leasú 29

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 22

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Mar gheall ar an méadú atá tagtha ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta, tá méadú mór tagtha ar fhuathchaint, lena n-áirítear bunaithe ar ghnéas nó ar inscne le blianta beaga anuas. Treisítear scaipeadh éasca, gasta agus fairsing na fuathchainte tríd an bhfriotal digiteach de thairbhe na héifeachta dí-urchoillte ar líne, nó laghdaíonn toimhde na hanaithnideachta ar líne, agus mothúchán na saoirse ó phionós, an leisce a bheadh ar dhaoine caint den chineál sin a dhéanamh. Is minic a bhíonn mná ina sprioc fuatha gnéasaí agus fuath do mhná ar líne, rud atá in ann géarú isteach sa fhuathchoireacht as líne. Ní mór é sin a thascradh go luath. Ní i gcónaí a thagraíonn an teanga a úsáidtear sa chineál fuathchainte seo go díreach do ghnéas nó d'inscne an duine/na ndaoine ar a bhfuiltear ag díriú, ach is féidir an spreagadh claonta a aithint go hindíreach ó ábhar foriomlán na cainte.

*Leasú*

(22) Bhí ról suntasach ag leitheadúlacht na n-ardán ceannasach ar líne sa mhéadú ar úsáid an idirlín agus na meán sóisialta agus tá méadú mór tagtha ar ghríosú poiblí chun foréigin agus fuatha, lena n-áirítear bunaithe ar ghnéas nó ar inscne, go háirithe in éineacht le forais eile, le blianta beaga anuas. Treisítear scaipeadh éasca, gasta agus fairsing na fuathchainte tríd an bhfriotal digiteach de thairbhe na héifeachta dí-urchoillte ar líne, nó laghdaíonn toimhde na hanaithnideachta ar líne, agus mothúchán na saoirse ó phionós, an leisce a bheadh ar dhaoine caint den chineál sin a dhéanamh. Mar sin féin, is féidir le hanaithnideacht a bheith riachtanach freisin do mharthanóirí foréigin inscnebhunaithe agus do phobail eile atá i mbaol. Is minic a bhíonn mná ina sprioc fuatha gnéasaí agus fuath do mhná ar líne, rud atá in ann géarú isteach sa fhuathchoireacht as líne. ***D'fhéadfaí díriú ar leanaí agus daoine óga leis an cibearfhoréigean freisin, a thagraíonn go minic do shaintréithe pearsanta amhail míchumas, tionscnamh ciníoch nó eitneach, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, léiriú inscne, tréithe gnéis nó forais eile a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heisiamh sóisialta, imní, aslú chun féindhíobháil a dhéanamh agus, i gcásanna foircneacha, smaoiniamh féinmharaíthe, iarrachtaí féinmharaíthe nó féinmharú mura rachfar i ngleic leo.*** Ní mór é sin a chosc nó a thascradh ag céim luath. Ní i gcónaí a thagraíonn an teanga a úsáidtear sa chineál fuathchainte

seo go díreach do ghnéas nó d'inscne an duine/na ndaoine ar a bhfuiltear ag díriú, ach is féidir an spreagadh claonta a aithint go hindíreach ó ábhar foriomlán na cainte.

Leasú 30

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 23

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(23) Le cion na cibear-fhuathchainte, glactar leis nach gcuirtear an gríosú in iúl i gcomhthéacs príobháideach amháin, ach go poiblí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide. Chun críocha na Treorach seo, ba cheart go mbeadh sé i gceist leis an gcoincheap 'scaipeadh don phobal' mír ábhair ar leith a chur ar fáil, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, do líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, eadhon an t-ábhar a chur ar fáil go héasca d'úsáideoirí i gcoitinne, gan gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón duine a sholáthair an t-ábhar, is cuma má tá rochtain iarbhír ag na daoine sin ar an bhfaisnéis atá i gceist. Dá réir sin, i gcás ina mbeidh gá le clárú nó cead isteach do ghrúpa úsáideoirí chun rochtain a fháil ar an ábhar, níor cheart an fhaisnéis sin a mheas a bheith scaipthe ar an bpobal ach amháin i gcás ina gclárófar nó ina ligfear isteach go huathoibríoch úsáideoirí atá ag iarraidh rochtain a fháil ar an ábhar gan cinneadh ó dhuine nó gan roghnú cé dó ar cheart rochtain a cheadú. Agus measúnú á dhéanamh acu an gcáilíonn ábhar mar ghríosú chun fuatha nó chun foréigin, ba cheart do na húdaráis inniúla na cearta bunúsacha chun tuairimí a nochtadh, mar a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt iad, a chur san áireamh.

*Leasú*

(23) Le cion na cibear-fhuathchainte, glactar leis nach gcuirtear an gríosú in iúl i gcomhthéacs príobháideach amháin, ach go poiblí trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide. Dá bhrí sin, ba cheart go gceanglófaí leis go scaipfí ar an bpobal é, agus ba cheart a thuiscint gurb é atá i gceist leis mír áirithe ábhair lena spreagtar foréigean nó fuath a chur ar fáil trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide do líon daoine a d'fhéadfadh a bheith neamhtheoranta, eadhon an t-ábhar a chur ar fáil go héasca d'úsáideoirí i gcoitinne, gan gá a bheith le gníomhaíocht bhreise ón duine a chuir an t-ábhar ar fáil, is cuma an bhfuil rochtain iarbhír ag na daoine sin ar an bhfaisnéis atá i gceist. Dá réir sin, i gcás ina mbeidh gá le clárú nó cead isteach do ghrúpa úsáideoirí chun rochtain a fháil ar an ábhar, níor cheart an fhaisnéis sin a mheas a bheith scaipthe ar an bpobal ach amháin i gcás ina gclárófar nó ina ligfear isteach go huathoibríoch úsáideoirí atá ag iarraidh rochtain a fháil ar an ábhar gan cinneadh ó dhuine nó gan roghnú cé dó ar cheart rochtain a cheadú. Agus measúnú á dhéanamh acu an gcáilíonn ábhar mar ghríosú chun fuatha nó chun foréigin, ba cheart do na húdaráis inniúla na cearta bunúsacha chun tuairimí a nochtadh, mar a chumhdaítear in Airteagal 11 den Chairt iad, a chur san áireamh.  
***Chun a áirithiú go gcáileoidh ábhar ar líne mar chibeargríosú chun foréigin nó fuatha, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar an t-ábhar sin a mheasúnú,***

*ar bhonn cás ar chás, bunaithe ar na critéir a leagtar síos i bPlean Gníomhaíochta Rabat na Náisiún Aontaithe maidir le toirmeasc ar abhcóideacht fuath náisiúnta, ciníoch nó reiligiúnach arb ionann é agus gríosú chun idirdhealaithe, chun naimhdeas nó chun foréigin, agus aird á tabhairt, go háirithe, ar chomhthéacs sóisialta agus polaitiúil na teachtaireachta, stádas an chainteora, ábhar agus foirm na hóráide, intinn agus dóchúlacht agus bagairt na díobhála.*

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(23a) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go meastar gur imthoisc ghéaraitheach é an fíoras go ndéantar cion d'fhonn brabús nó gnóthachan a dhéanamh nó go dtugtar brabús nó gnóthachan iarbhír, mar shampla trí dhúmhal i gcás cibearfhoréigin nó trí ioncam a thuilleamh trí chiorrú ball giniúna ban nó trí steiriliú éigeantach, toisc go gcruthaíonn brabús nó gnóthachan go raibh cur chuige córasach agus modheolaíoch ann i leith na coire, agus ar an gcaoi sin a thromchúisí atá sí a léiriú.*

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 23 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(23b) Déantar “coireanna onóra” mar a thugtar orthu chun aidhm seachas éifeacht láithreach na coire, nó sa bhreis*

*air sin, a shaothrú. D'fhéadfadh sé gurb é an aidhm sin ná “onóir” an teaghlaigh a chur i réim arís, an fonn atá ann go bhfeicfí go n-urramófaí traidisiún nó go gcloífí le riachtanais reiligiúnacha, chultúrtha nó ghnásanna a mheastar a bheith ag pobal áirithe. Cuireann coireanna den sórt sin brú mór ar an íospartach, d'fhéadfadh sáruihte ar chearta daonna an íospartaigh a bheith mar thoradh orthu agus is gnách go mbíonn tionchar acu ar shaol iomlán an duine, rud a fhágann go bhfuil an t-íospartach an-leochaileach.*

Leasú 33

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 23 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(23c) Tugtar le tuiscint le dearcadh atá inscne-íogair go gcuirtear san áireamh na saintréithe a bhaineann le saol na mban agus na bhfear araon, agus é mar aidhm ag an am céanna deireadh a chur le neamhionannais agus comhionannas inscne a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar ghné na hinscne agus í a chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit gné atá inscne-íogair a áireamh i gcur chun feidhme na Treorach seo agus sa mheastóireacht ar a cur chun feidhme. Áirítear freisin i bpeirspictíocht atá inscne-íogair tuiscint struchtúrach ar fhréamhacha an fhoréigin inscnebhunaithe, lena n-áirítear foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh mar fheiniméan córasach agus mar thoradh ar neamhionannas forleatach agus ar idirdhealú in aghaidh na mban, rud a chuireann tús le caoinfhuilaint an fhoréigin in aghaidh na mban.*

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 24**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(24) Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann coireanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú go héasca gan a bheith faoi réir íospairt thánaisteach ná athíospairt. Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit an deis a thabhairt gearáin a thíolacadh ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide chun na coireanna sin a thuairisciú. Ba cheart d'íospartaigh an chibearfhoréigin a bheith in ann ábhair a bhaineann lena dtuarascáil a uaslódáil, amhail seatanna scáileáin den iompar foréigneach líomhnaithe.

*Leasú*

(24) Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann coireanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú agus fianaise a sholáthar go héasca gan a bheith faoi réir íospairt thánaisteach ná athíospairt. ***Agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na coireanna a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus ar an riosca soiléir go bhféadfadh íospartaigh a ngearán coiriúil a tharraingt siar, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis ábhartha gach beart is gá chun a áirithiú go mbaileofar fianaise ar bhealach cuimsitheach a luaithe is féidir. Moltar do na Ballstáit dea-chleachtais a roinnt maidir le conas cosaint na fianaise a áirithiú in imscrúduithe ar choireanna den sórt sin, lena n-áirítear trí fhístaifeadadh den chéad agallamh leis an íospartach a chumasú, de réir mar is iomchuí. Cé nach luann an t-íospartach é, b'fhéidir, ba cheart do na húdaráis inniúla a mheas i gcónaí gur foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh iad na coireanna a chumhdaítear leis an Treoir seo agus ba cheart dóibh, dá bhrí sin, machnamh a dhéanamh ar an ngné sin a mheas le linn an imscrúdaithe.*** Chuige sin, ba cheart do na Ballstáit, sa bhreis ar thuairisciú pearsanta, an deis a sholáthar gearáin a thíolacadh, i dtimpeallacht shábháilte, ar líne nó trí theicneolaíochtaí inrochtana faisnéise agus cumarsáide eile chun coireanna den sórt sin a thuairisciú. ***Ba cheart do chórais gearán ar líne caighdeáin slándála a chomhlíonadh agus níor cheart dóibh sábháilteacht an íospartaigh a chur i mbaol.*** Ba cheart do na Ballstáit tuairisciú na n-íospartach ina n-éagsúlacht uile a éascú, lena n-áirítear, inter alia, roghanna



éasca agus inrochtana a áirithiú dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair iargúlta agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar chun cabhrú leo siúd nach féidir leo léamh, daoine atá ina gcónaí in institiúidí nó daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as braille agus teanga chomharthaíochta. Ba cheart d'íospartaigh a bheith in ann ábhair a bhaineann lena dtuarascáil a uaslódáil, amhail seatanna scáileáin den iompar foréigneach líomhnaithe. **Ba cheart go mbeadh rochtain ag íospartaigh ar chúnamh agus ar chúnamh dlúthiúil, saor in aisce agus i dteanga is féidir leo a thuiscint go réasúnta, agus cionta coiriúla á dtuairisciú acu agus le linn imeachtaí breithiúnacha.**

## Leasú 35

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 25

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(25) I gcás foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban, go háirithe nuair a dhéanann dlúthbhaill teaghlaigh nó dlúthpháirtithe iad, d'fhéadfadh íospartaigh a bheith faoi éigeantas an chiontóra agus go bhfuil eagla orthu dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla, fiú má tá a saol i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil a rialacha rúndachta ina mbacainn ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte, tuairisciú a dhéanamh do na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil beatha an íospartaigh i ngarbhaol díobhála coirp tromchúisí. Go minic, ní dhéanann tríú páirtithe cásanna d'fhoréigean teaghlaigh nó d'fhoréigean in aghaidh na mban a dhéanann difear do leanaí a idircheapadh ach amháin trí iompar neamhrialta nó díobháil fhisiciúil don leanbh a thabhairt ar aird. Ní mór leanaí a chosaint go

*Leasú*

(25) I gcás foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban, go háirithe nuair a dhéanann dlúthbhaill teaghlaigh nó dlúthpháirtithe iad, d'fhéadfadh íospartaigh a bheith faoi éigeantas an chiontóra agus go bhfuil eagla orthu dul i dteagmháil leis na húdaráis inniúla, fiú má tá a saol i mbaol. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil a rialacha rúndachta ina mbacainn ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte, tuairisciú a dhéanamh do na húdaráis inniúla, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil beatha an íospartaigh i ngarbhaol tromchúiseach díobhála coirp. **Tá bonn cirt le tuairisciú tríú páirtí den sórt sin mar bheart spriocdhírthe le haghaidh foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh toisc gur minic a tharlaíonn foréigean den sórt sin i ndlúthchaidreamh nó in imthosca teaghlaigh agus toisc go**

héifeachtach ar na cineálacha foréigin sin agus bearta leordhóthanacha a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, níor cheart go mbeadh srian ar ghairmithe ábhartha a thagann i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad nó le híospartaigh ionchasacha ar leanaí iad, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte nó oideachais, le rúndacht i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go ndearnadh gníomhartha tromchúiseacha foréigin i gcoinne an linbh nó go ndéanfar gníomhartha tromchúiseacha breise. I gcás ina dtuairiscíonn gairmithe na cásanna foréigin sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil siad faoi dhliteanas i leith sárú rúndachta.

***bhféadfaí nach ndéantar é a mheas mar ghníomh coiriúil agus, dá bhrí sin, nach ndéanann na daoine sin a bhfuil tairní acu air nó a fheiceann é go díreach, é a thuairisciú.*** Go minic, ní dhéanann tríú páirtithe cásanna d'fhoréigean teaghligh nó d'fhoréigean in aghaidh na mban a dhéanann difear do leanaí a idircheapadh ach amháin trí iompar neamhrialta nó díobháil fhisiciúil don leanbh a thabhairt ar aird. Ní mór leanaí a chosaint go héifeachtach ó chineálacha foréigin den sórt sin i bhfianaise na n-iarmhairtí díobhálacha fadtéarmacha a bhíonn aige orthu, agus ní mór bearta leordhóthanacha a dhéanamh go pras. Dá bhrí sin, níor cheart, ar an gcaoi chéanna, gairmithe ábhartha a thagann i dteagmháil le híospartaigh ar leanaí iad nó íospartaigh ionchasacha ar leanaí iad, lena n-áirítear gairmithe cúraim sláinte nó oideachais, a shrianadh le rúndacht agus ba cheart dóibh gníomhú i gcás ina bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go ndearnadh gníomhartha foréigin faoin Treoir seo i gcoinne an linbh nó go mbeifí ag súil le tuilleadh gníomhartha tromchúiseacha. I gcás ina dtuairiscíonn gairmithe na cásanna foréigin sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil siad faoi dhliteanas i leith sárú rúndachta.

## Leasú 36

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 26

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(26) Chun dul i ngleic le tearcthuairisciú sna cásanna inar leanbh é an t-íospartach, ba cheart nósanna imeachta maidir le tuairisciú atá sábháilte agus fabhrach do leanaí a bhunú. D'fhéadfadh ceistiú na n-údarás inniúil i dteanga shimplí inrochtana a bheith i gceist leis sin.

*Leasú*

(26) Chun dul i ngleic le tearcthuairisciú sna cásanna inar leanbh é an t-íospartach, ba cheart nósanna imeachta maidir le tuairisciú atá sábháilte agus fabhrach do leanaí a bhunú. D'fhéadfadh ceistiú na n-údarás inniúil i dteanga shimplí inrochtana a bheith i gceist leis sin. ***Chun leas an linbh a chosaint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gairmithe atá***

*speisialaithe i gcúram leanaí agus i dtacú le leanaí i láthair chun cabhrú leo níosanna imeachta tuairiscithe a dhéanamh.*

## Leasú 37

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 27

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(27) D'fhéadfadh baol ar leith a bheith ann d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban i ngeall ar mhoilleanna maidir le gearáin maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a phróiseáil, ós rud é go bhféadfadh ciontóirí a bheith ina ngiorracht don teaghlach nó dá gcéilí go minic. Dá bhrí sin, ba cheart saineolas leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha a bheith ag na húdaráis inniúla chun coireanna den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

*Leasú*

(27) D'fhéadfadh baol ar leith a bheith ann d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban i ngeall ar mhoilleanna maidir le gearáin maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a phróiseáil, ós rud é go bhféadfadh ciontóirí a bheith ina ngiorracht don teaghlach nó dá gcéilí go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na húdaráis inniúla um imscrúdú agus ionchúiseamh gearáin den sórt sin a phróiseáil gan mhoill. ***Ós rud é go ndearna an t-íospartach gearán nó go bhfuil sé ar intinn aige an caidreamh a fhágáil, d'fhéadfadh sé go mbeadh baol níos mó ann don íospartach.*** Ba cheart saineolas speisialaithe leordhóthanach agus uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha a bheith ag na húdaráis inniúla chun coireanna den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh gan moill mhíchúí toisc go gciallaíonn leanúntas an fhoréigin go bhféadfadh fiú na cionta sin is lú a dhéanann díobháil dóibh a bheith ar an gcéad chion den sórt sin i dtaca le tromchúis a ghéarú.

## Leasú 38

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 28

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(28) Is iondúil go mbíonn cosaint láithreach nó tacaíocht shonrach de dhíth ar

*Leasú*

(28) Is iondúil go mbíonn cosaint láithreach agus tacaíocht shonrach de dhíth

íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin in aghaidh na mban, mar shampla i gcás foréigean dlúthpháirtí, nuair a bhíonn ráta ard atarachais de ghnáth. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú aonair a dhéanamh chun riachtanais chosanta an íospartaigh a shainaithint tar éis chéadteagmháil na n-údarás inniúil leis an íospartach nó a luaithe a thagann amhras chun cinn gur íospartach foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh é an duine. D'fhéadfadh sé sin a bheith sular thuairiscigh íospartach cion go foirmiúil nó go réamhghníomhach má thuairiscíonn tríú páirtí an cion.

## Leasú 39

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 29

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(29) Agus riachtanais chosanta agus tacaíochta an íospartaigh á meas, ba cheart gurb é an príomhábhar imní a bheadh ann sábháilteacht an íospartaigh a chosaint agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil, agus imthosca aonair an íospartaigh á gcur san áireamh, i measc nithe eile. D'fhéadfadh imthosca den sórt sin a mbeadh aird speisialta ag teastáil uathu a áireamh toircheas an íospartaigh nó spleáchas an íospartaigh ar an gciontóir nó caidreamh leis an gciontóir.

ar íospartaigh foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban, mar shampla i gcás foréigin páirtí dlúthchaidrimh nó foréigin ghnéasaigh, áit a mbíonn an ráta atitímeachais ard. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú aonair atá inscne-íogair, chun riachtanais chosanta an íospartaigh agus riachtanais tacaíochta leighis agus speisialaithe a shainaithint, a dhéanamh ar an gcéad teagmháil a dhéanfaidh na húdaráis inniúla leis an íospartach, nó a luaithe a bheidh amhras ann gur íospartach foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh é an duine. D'fhéadfadh sé sin a bheith sular thuairiscigh íospartach cion go foirmiúil nó go réamhghníomhach má thuairiscíonn tríú páirtí an cion.

*Leasú*

(29) Agus measúnú á dhéanamh ar riachtanais chosanta agus tacaíochta an íospartaigh, ba cheart é a bheith ina phríomhchúram sábháilteacht an íospartaigh agus an chleithiúnaí agus cearta agus riachtanais an íospartaigh a chosaint, agus cosaint agus tacaíocht shaincheaptha a chur ar fáil, agus imthosca aonair agus leochaileacht an íospartaigh, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Ar na himthosca sin a bhfuil aird ar leith ag teastáil ina leith, d'fhéadfaí a áireamh ar thoircheas an íospartaigh, sláinte fhisiciúil agus mheabhrach an íospartaigh, míchumais, saincheisteanna maidir le mí-úsáid substaintí, láithreach leanaí, láithreach ainmhithe coimhdeachta, spleáchas an íospartaigh ar an gciontóir nó caidreamh leis an gciontóir, lena n-áirítear spleáchas eacnamaíoch nó spleáchas ar chúiseanna a bhaineann le stádas cónaithe, nó an t-íospartach a bhfuil leanbh coiteann aige

leis an gciontóir.

Leasú 40

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 30

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(30) D'fhonn tacaíocht chuimsitheach agus cosaint chuimsitheach d'íospartaigh a áirithiú, ba cheart baint a bheith ag na húdaráis inniúla uile agus ag na comhlachtaí ábhartha uile, nach bhfuil teoranta d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha, le measúnú a dhéanamh ar na rioscaí d'íospartaigh agus ar bhearta tacaíochta iomchuí ar bhonn treoirlínte soiléire arna n-eisiúint ag na Ballstáit. Ba cheart go n-áireofaí sna treoirlínte sin tosca atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an riosca a eascraíonn ón gciontóir, lena n-áirítear an tuiscint gur dócha go mbeidh amhrastaigh atá cúisithe i mionchionta contúirteach leis na cinn a chúsítear i gcionta níos déine, go háirithe i gcásanna foréigin baile agus stalcaireachta.

*Leasú*

(30) Chun tacaíocht agus cosaint chuimsitheach, iomchuí agus chomhordaithe a áirithiú d'íospartaigh, ba cheart cur chuige caighdeánaithe a ghlacadh maidir le measúnú riosca lena gcuirtear comhthuisceant ar an riosca chun cinn i rith na n-imeachtaí, agus ba cheart teanga choiteann a ghlacadh chun riosca a chur in iúl. Ba cheart do gach údarás inniúil agus gach comhlacht ábhartha, nach bhfuil teoranta d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha, a bheith rannpháirteach i measúnú a dhéanamh ar na rioscaí d'íospartaigh agus i mbearta iomchuí tacaíochta agus cosanta. Ba cheart é sin a dhéanamh ar bhonn prótacal measúnaithe riosca atá inscne-íogair agus íogair ó thaobh an chultúir de agus ar bhonn treoirlínte soiléire arna n-eisiúint ag na Ballstáit, arna bhforbairt i gcomhar le sainseirbhísí tacaíochta na mban agus leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte sin tosca a bheidh le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an riosca a bhaineann le sainiúlachtaí na gcineálacha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo, lena n-áirítear iompar comhéigineach agus rialaithe an chiontóra nó an amhrastaigh, agus an breithniú gur dócha go bhfuil amhrastaigh a chúsítear i mionchionta nó i gcéad chionta chomh contúirteach leis na daoine a chúsítear i gcionta níos déine nó i gcionta arís agus arís eile, go háirithe i gcásanna foréigin baile, agus stalcaireachta. ***Tá sé ríthábhachtach freisin oiliúint speisialaithe a chur ar ghairmithe túslíne maidir le huirlisí measúnaithe riosca a úsáid. Ba cheart***

*athbhreithniú a dhéanamh ar baol measúnú ag trátha tábhachtacha sa phróiseas, amhail tús a chur le cás cúirte, tabhairt breithiúnais nó pléití maidir le hathbhreithniú na socrúithe maidir le coimeád.*

Leasú 41

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 31**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(31) De bharr a leochaileachta i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, le himeaglú agus le frithbheartaíocht, agus toisc go ndéanann siad dochar mothúchánach a dhéanann dochar dá bhforbairt, ba cheart go bhfaigheadh leanaí an íospartaigh na bearta cosanta céanna a thugtar don íospartach. Daoine eile atá ag brath ar an íospartach, ar nós daoine fásta atá faoi mhíchumas agus a dtugann an t-íospartach cúram dóibh, d'fhéadfadh díobháil mhothúchánach den chineál céanna a bheith orthu agus, dá bhrí sin, ba cheart na bearta cosanta céanna a thabhairt dóibh.

*Leasú*

(31) De bharr a leochaileachta i ndáil le híospairt thánaisteach agus athíospairt, le himeaglú agus le frithbheartaíocht, agus toisc go ndéanann siad dochar mothúchánach a dhéanann dochar dá bhforbairt, ba cheart go bhfaigheadh leanaí an íospartaigh na bearta cosanta céanna a thugtar don íospartach. Is féidir le daoine eile atá spleách ar an íospartach, amhail daoine fásta faoi mhíchumas nó daoine fásta cleithiúnacha níos sine a gcuireann an t-íospartach cúram ar fáil dóibh, díobháil mhothúchánach den chineál céanna a fhulaingt agus ba cheart, dá bhrí sin, na bearta cosanta céanna a thabhairt dóibh. ***I gcomhthéacs an fhoréigin in aghaidh na mban, is féidir an drochíde a thugann déantóirí cionta do leanaí a úsáid chun cumhacht a fheidhmiú i gcoinne máithreacha agus chun foréigean a dhéanamh in aghaidh máithreacha, ar cineál foréigin indéirigh é in aghaidh na mban a dtugtar foréigean ionadach air i roinnt Ballstát. Is minic a úsáidtear ainmhithe freisin mar ghíaráil i bhfeidhmiú cumhachta ag déantóir na coire. Tá sé rithábhachtach, dá bhrí sin, go n-áiríteoidh na Ballstáit go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar na húdaráis ábhartha maidir le dinimic chasta an chaidrimh mhí-úsáidigh ionas go mbeidh siad in ann bearta cosanta den sórt sin a thabhairt cibé áit agus aon uair is***

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 32**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(32) Is minic a bhíonn tacaíocht shonrach de dhíth ar íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Chun a áirithiú go bhfaigheann siad tairiscintí tacaíochta go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla íospartaigh a chur i muinín na seirbhísí tacaíochta iomchuí. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil measúnú aonair tar éis sainriachtanais tacaíochta an íospartaigh a aimsiú. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh seirbhísí tacaíochta in ann teagmháil a dhéanamh leis an íospartach fiú gan toiliú an íospartaigh. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta gaolmhara ag údaráis inniúla, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar an dlí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) arna léamh in éineacht le hAirteagal (6)(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup>. Ba cheart a áireamh ar dhlíthe den sórt sin coimircí iomchuí i ndáil le sonraí pearsanta lena n-urramaítear éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus lena ndéantar foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna na ndaoine aonair a choimirciú. I gcás ina n-aistríonn údaráis inniúla sonraí pearsanta íospartach chuig seirbhísí tacaíochta chun íospartaigh a atreorú, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí a aistrítear teoranta don mhéid is gá chun seirbhísí an cháis a chur ar an eolas faoi imthosca an cháis, ionas go bhfaighidh íospartaigh an tacaíocht agus an chosaint iomchuí.

*Leasú*

(32) Is minic a bhíonn seirbhísí tacaíochta sonracha de dhíth ar íospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh ó ghairmithe oilte agus ó chúram leighis. Chun a áirithiú go bhfaighidh siad tairiscintí tacaíochta go héifeachtach, ba cheart do na húdaráis inniúla íospartaigh a tharchur láithreach chuig seirbhísí tacaíochta iomchuí, lena n-áirítear seirbhísí leighis. Ba cheart é sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil measúnú aonair tar éis sainriachtanais tacaíochta agus leighis an íospartaigh a aimsiú. Sa chás sin, ba cheart go mbeadh seirbhísí tacaíochta in ann teagmháil a dhéanamh leis an íospartach fiú gan toiliú an íospartaigh, ach aird chuí a thabhairt ar shábháilteacht an íospartaigh, agus riachtanais an íospartaigh á gcur san áireamh agus aon íospairt thánaisteach nó níos mó a chosc. ***Mar sin féin, ba cheart a bheith aireach ina leith sin toisc go bhféadfaí íospartach a chur i mbaol dá rachadh seirbhísí tacaíochta i dteagmháil leis an íospartach gan toiliú an íospartaigh, mar shampla má tá an t-íospartach ina chónaí nó ina cónaí le ciontóir smachtúil. Tá an baol ann freisin go ndéanfar íospartaigh a leithlisiú a thuilleadh ó thacaíocht mar gheall ar eagla. Dá bhrí sin, níor cheart do sheirbhísí tacaíochta teagmháil a dhéanamh le híospartaigh ach amháin gan a dtoiliú i gcás ina measann siad go bhfuil sé ríthábhachtach do shábháilteacht agus d'fholláine na n-íospartach.*** Maidir le próiseáil sonraí pearsanta gaolmhara ag údaráis inniúla, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na

sonraí sin bunaithe ar dhlí, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(c) arna léamh i gcomhar le hAirteagal (6)(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>7</sup> agus Treoir (AE) 2016/680. Ba cheart a áireamh ar dhlíthe den sórt sin coimircí iomchuí i ndáil le sonraí pearsanta lena n-urramaítear éirim an chirt maidir le cosaint sonraí agus lena ndéantar foráil maidir le bearta oiriúnacha agus sonracha chun cearta bunúsacha agus leasanna na ndaoine aonair a choimirciú. I gcás ina n-aistríonn údaráis inniúla sonraí pearsanta íospartach chuig seirbhísí tacaíochta agus leighis chun íospartaigh a atreorú, ba cheart dóibh a áirithiú go bhfuil na sonraí a aistrítear teoranta don mhéid is gá chun seirbhísí an cháis a chur ar an eolas faoi imthosca an cháis, ionas go bhfaighidh íospartaigh cúram leighis, tacaíocht agus cosaint iomchuí. ***Ba cheart a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag líon teoranta daoine ar na sonraí agus go mbeidh tréimhsí rochtana bunaithe go soiléir. Ba cheart faisnéis a chur ar fáil d'íospartaigh faoi na céimeanna sna himeachtaí agus faoin gcaoi ar féidir fianaise a áirithiú le haghaidh imeachtaí coiriúla a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.***

---

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (***Téacs atá ábhartha maidir le LEE***), (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1–88).

---

<sup>7</sup> Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

Leasú 43

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 32 a (nua)**



**(32a) Tá sé thar a bheith tábhachtach a áirithiú go mbeidh foireann speisialaithe i láthair laistigh d'údaráis forfheidhmithe dlí, d'údaráis ionchúisimh agus d'údaráis bhreithiúnacha na mBallstát. Ba cheart bunú cúirteanna nó dlísheomraí speisialaithe agus ainmniú ionchúisitheoirí speisialaithe maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a mheas mar rogha do na Ballstáit cur chuige atá inscne-íogair a áirithiú chun na cionta sin a chomhrac. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear acmhainní leordhóthanacha ar fáil do na húdaráis inniúla chun imscrúdú a dhéanamh ar na cionta a chumhdaítear leis an Treoir seo chun cás a sheachaint ina mbeadh ionchúiseamh neamhéifeachtach i leith an chiona mar thoradh ar imscrúdú neamhleor agus chun méadú ar an tsaoirse ó phionós a sheachaint.**

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 33**

(33) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh fáil ar orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála chun cosaint éifeachtach d'íospartaigh agus dá gcleithiúnaithe a áirithiú.

(33) Ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh fáil go pras ar orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála chomh maith le húsáid gabhála agus coinneála chun cosaint éifeachtach a áirithiú d'íospartaigh agus dá gcleithiúnaithe.

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 34**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(34) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfar orduithe urchoisc éigeandála a eisiúint i gcásanna contúirte láithreach, amhail i gcás ina bhfuil díobháil ar tí tarlú nó ina bhfuil sí tar éis tarlú cheana féin agus gur dóigh go ndéanfar arís í.

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 35**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(35) Féadfar a áireamh in orduithe cosanta toirmeasc ar an gciontóir rochtain a fháil ar cheantair áirithe; chun dul i dteagmháil leis an íospartach nó leis an gcleithiúnaí níos gaire d'fhad forordaithe nó chun teagmháil a dhéanamh leo, lena n-áirítear trí chomhéadain ar líne a úsáid agus chun airm thine nó airm mharfacha a shealbhú, más gá.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 36**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(36) Chun éifeachtacht orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála a chosaint, ba cheart sárúithe ar orduithe den

*Leasú*

(34) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfar orduithe urchoisc éigeandála a eisiúint i gcásanna contúirte láithrí, amhail i gcás ina bhfuil díobháil ar tí tarlú nó ina bhfuil díobháil déanta cheana féin agus gur dócha go ndéanfar arís é ar íospartaigh nó ar chleithiúnaithe.

*Leasú*

(35) Féadfar a áireamh ar orduithe srianta agus cosanta toirmeasc a chur ar an gciontóir nó ar amhrastach rochtain a fháil ar cheantair áirithe; áiteanna nó limistéir shainithe ina gcónaíonn an t-íospartach nó an cleithiúnaí nó ina dtugann siad cuairt ar an íospartach nó ar an gcleithiúnaí níos gaire ná achar forordaithe, ó theagmháil a dhéanamh leis an íospartach nó leis an gcleithiúnaí, lena n-áirítear trí chomhéadain ar líne a úsáid, agus ó airm thine nó airm mharfacha a shealbhú, i gcás inar gá. ***Ba cheart orduithe den sórt sin a eisiúint aon uair is inmholta an cás ina bhfuil riosca don íospartach i gceist, is cuma ar thuairiscigh an t-íospartach cion coiriúil.***

*Leasú*

(36) Chun éifeachtacht orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála a chosaint, ba cheart sárúithe ar orduithe den

sórt sin a bheith faoi réir pionós.  
D'fhéadfadh na pionóis sin a bheith de dhlí coiriúil nó de chineál dlíthiúil eile agus d'fhéadfadh pianbhreitheanna príosúin, fineálacha nó aon phionós dlíthiúil eile a bheith iontu atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

sórt sin a bheith faoi réir pionós.  
D'fhéadfadh na pionóis sin a bheith de dhlí coiriúil nó de chineál dlíthiúil eile agus d'fhéadfadh pianbhreitheanna príosúin, fineálacha nó aon phionós dlíthiúil eile a bheith iontu atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcásanna ina n-eisítear orduithe urchoisc, srianta agus cosanta, go gcuirtear ciontóirí ar an eolas agus go spreagtar iad chun clárú go deonach i gcláir speisialaithe lena dtugtar aghaidh ar a n-iompar foréigneach. Tá sé riachtanach go gcuirfear íospartaigh ar an eolas faoi aon sárú ar orduithe urchoisc, srianta nó cosanta. Ós rud é gur féidir le sárúithe ar orduithe urchoisc, teorach nó cosanta rioscaí a mhéadú agus a cheangal tuilleadh cosanta a chur i bhfeidhm, ba cheart measúnú athnuaite ar an ordú a dhéanamh láithreach tar éis sárú doiciméadaithe.***

Leasú 48

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 36 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(36a) Ba cheart faireachán leictreonach a úsáid chun forfheidhmiú orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála a áirithiú. Le faireachán leictreonach, is féidir comhlíonadh orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála a áirithiú, fianaise ar shárúithe ar orduithe den sórt sin a thairfeadh agus maoirseacht ciontóirí a fheabhsú. Ba cheart íospartaigh a chur ar an eolas i gcónaí faoi chumais agus faoi theorainneacha an faireacháin leictreonaigh.***

Leasú 49

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37) Má chuirtear fianaise ar iompar gnéasach san am a chuaigh thart i láthair chun cur i gcoinne inchreidteacht agus easpa toilithe íospartach i gcásanna foréigin ghnéasaigh, go háirithe i gcásanna éignithe, d'fhéadfaí buanú steiréitiopaí díobhálacha íospartach a threisiú agus ath-íospairt nó íospairt thánaisteach a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, gan dochar do chearta na cosanta, níor cheart ceisteanna, fiosrúcháin ná fianaise maidir le hiompar gnéasach an íospartaigh a cheadú in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí cúirte.

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 37 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(37a) ***Tá ról ríthábhachtach ag seirbhísí speisialaithe na mban maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Cuireann siad seirbhísí ar fáil a úsáideann modheolaíochtaí inscne-fhreagrúla chun tacú le mná agus a leanaí a fhulaingíonn foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh. I measc na seirbhísí sin tá ionaid tacaíochta do mhná, ionaid dídine do mhná, línte cabhracha, seirbhísí éigeandála um éigniú, ionaid atreorúcháin maidir le foréigean***

*Leasú*

(37) Trí fhianaise a chur i láthair maidir le hiompar gnéasach san am atá caite, roghanna gnéis an íospartaigh agus éadaí nó feisteas an íospartaigh chun cur i gcoinne chreidiúnacht agus easpa toilithe na n-íospartach i gcásanna foréigin ghnéasaigh, go háirithe cásanna éignithe, d'fhéadfaí buanú steiréitiopaí díobhálacha íospartach a threisiú agus d'fhéadfadh íospairt thánaisteach nó athíospairt a bheith mar thoradh air. Dá bhrí sin, gan dochar do chearta na cosanta, níor cheart ceisteanna, fiosrúcháin ná fianaise maidir le hiompar gnéasach an íospartaigh a cheadú in imscrúduithe coiriúla agus in imeachtaí cúirte. ***Níor cheart é a bheith indéanta ach nótaí arna dtógáil ag comhairleoirí nó ag teiripeoirí a úsáid in imeachtaí cúirte, le comhaontú an duine a labhair leis an comhairleoir nó leis an teiripeoir.***

*Leasú*

*gnéasach, agus seirbhísí coisctheacha príomhúla. Is minic a chuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha faoi stiúir ban iad ar fáil.*

Leasú 51

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 38**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(38) I bhfianaise chastacht agus thromchúis na gcionta a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus i bhfianaise riachtanais shonracha tacaíochta íospartach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh comhlachtaí ainmnithe tacaíocht bhreise ar fáil agus cosc ar na cionta sin. I bhfianaise an tsaineolais atá acu i gcúrsaí idirdhealaithe ar bhonn gnéis, is maith atá comhlachtaí comhionannais náisiúnta, a bunaíodh i gcomhréir le Treoracha 2004/113/CE<sup>8</sup>, 2006/54/CE<sup>9</sup> agus 2010/41/AE<sup>10</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, in ann na cúraimí sin a chomhlíonadh. Ina theannta sin, ba cheart an seasamh dlíthiúil a bheith ag na comhlachtaí sin chun gníomhú thar ceann nó chun tacú le híospartaigh de gach cineál foréigin in aghaidh na mban nó d'fhoréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear chun iarratas a dhéanamh ar chúiteamh agus ar ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, le formheas na n-íospartach. Ba cheart go n-áireofaí leis sin an fhéidearthacht gníomhú thar ceann roinnt íospartach nó chun tacú leo le chéile. Chun go mbeidh na comhlachtaí sin in ann a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirtear acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais ar fáil dóibh.

*Leasú*

(38) I bhfianaise chastacht agus thromchúis na gcionta a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus i bhfianaise riachtanais shonracha tacaíochta na n-íospartach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gurb iad sainseirbhísí agus comhlachtaí náisiúnta ainmnithe, comhlachtaí comhionannais agus gníomhaithe ábhartha eile a sholáthraíonn tacaíocht bhreise agus cosc na gcionta sin. I bhfianaise a gcuid saineolais i gcúrsaí idirdhealaithe ar fhorais chine, eitneachta agus gnéis, d'fhéadfadh comhlachtaí comhionannais náisiúnta, a bunaíodh i gcomhréir le Treoracha 2000/43/CE, 2004/113/CE<sup>8</sup>, 2006/54/CE<sup>9</sup> agus 2010/41/AE<sup>10</sup> ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bheith in ann na cúraimí sin a chomhlíonadh ar choinníoll go bhfuil saineolas speisialaithe leordhóthanach acu i réimse an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. I gcomhréir le traidisiúin agus cultúir dhlíthiúla aonair na mBallstát, ba cheart do na comhlachtaí sin agus do ghníomhaithe speisialaithe ábhartha eile a bheith in ann tacú le bailiú sonraí agus ba cheart seasamh dlíthiúil a bheith acu chun gníomhú thar ceann nó chun tacú le híospartaigh de gach cineál foréigin in aghaidh na mban nó foréigin teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear maidir le hiarratas a dhéanamh ar chúiteamh agus ábhar neamhdhleathach ar líne a bhaint, le formheas na n-íospartach.

Ba cheart go n-áireofaí leis sin an fhéidearthacht gníomhú thar ceann roinnt íospartach nó chun tacú leo le chéile. Chun a chur ar chumas na gcomhlachtaí sin a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear acmhainní daonna agus airgeadais leordhóthanacha ar fáil dóibh agus go mbeidh oiliúint chuí orthu chun iad féin a choinneáil cothrom le dáta le forbairt na dteicneolaíochtaí nua a úsáidtear i dtaca leis na cionta a chumhdaítear leis an Treoir seo.

---

<sup>8</sup> Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an chaithimh chomhionann idir fir agus mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

<sup>9</sup> Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

<sup>10</sup> Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

---

<sup>8</sup> Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal an chaithimh chomhionann idir fir agus mná maidir le rochtain agus soláthar earraí agus seirbhísí (IO L 373, 21.12.2004, lch. 37).

<sup>9</sup> Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha (IO L 204, 26.7.2006, lch. 23).

<sup>10</sup> Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE (IO L 180, 15.7.2010, lch. 1).

## Leasú 52

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 39

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(39) Tá riosca méadaithe íospartha i gceist le cionta áirithe a chumhdaítear leis an Treoir seo, go ndéanfar íospairt arís

*Leasú*

(39) Tá riosca méadaithe íospartha i gceist le cionta áirithe a chumhdaítear leis an Treoir seo, go ndéanfar íospairt arís

agus arís eile, íospairt fhada nó íospairt leanúnach fiú. Tarlaíonn an riosca sin go háirithe i ndáil le cionta a bhaineann le hábhar a chur ar fáil don iliomad úsáideoirí deiridh, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, mar thoradh ar chionta áirithe cibearfhoréigin, agus aird á tabhairt ar a éasca agus a thapúla is féidir ábhar den sórt sin a dháileadh ar mhórsála agus ar na deacrachtaí a bhíonn ann go minic nuair a bhaineann sé le hábhar den sórt sin a bhaint. Is iondúil go bhfanann an riosca sin fiú amháin tar éis ciontú. Dá bhrí sin, chun cearta íospartaigh na gcionta sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit bearta oiriúnacha a dhéanamh arb é is aidhm dóibh an t-ábhar i dtrácht a bhaint. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh aistriú ag an bhfoinse indéanta i gcónaí, mar shampla mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó praiticiúla a bhaineann le hordú aistrithe a fhorghníomhú nó a fhorfheidhmiú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin foráil a dhéanamh maidir le bearta chun rochtain ar ábhar den sórt sin a dhíchumasú.

## **Leasú 53**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 42**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(42) Maidir le forálacha na Treorach seo maidir le horduithe agus bearta eile chun rochtain ar ábhar ábhartha a bhaint agus a bhlocáil, níor cheart go bhfágfaí aon difear do na rialacha ábhartha atá i Rialachán XX/YYYY [an Rialachán atá beartaithe maidir le DSA]. Go háirithe, ba cheart go gcomhlíonfadh na horduithe sin an toirmeasc ar oibleagáidí ginearálta maidir le faireachán nó aimsiú gníomhach fíoras a fhorchur agus ceanglais shonracha an Rialacháin sin maidir le horduithe chun

agus arís eile, íospairt fhada nó íospairt leanúnach fiú. Tarlaíonn an riosca sin go háirithe i ndáil le cionta lena mbaineann ábhar pearsanta a scaipeadh le húsáideoirí deiridh eile, trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chomh maith le hábhar cibearchiaptha, i bhfianaise a éasca agus a thapúla is féidir an t-ábhar sin a dháileadh ar mhórsála agus na deacrachtaí a bhíonn ann go minic maidir leis an ábhar sin a bhaint. Is iondúil go bhfanann an riosca sin fiú amháin tar éis ciontú. Dá bhrí sin, chun cearta íospartaigh na gcionta sin a chosaint go héifeachtach, ba cheart ceangal a chur ar na Ballstáit bearta oiriúnacha a dhéanamh arb é is aidhm dóibh an t-ábhar i dtrácht a bhaint. Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh aistriú ag an bhfoinse indéanta i gcónaí, mar shampla mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla nó praiticiúla a bhaineann le hordú aistrithe a fhorghníomhú nó a fhorfheidhmiú, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit freisin foráil a dhéanamh maidir le bearta chun rochtain ar ábhar den sórt sin a dhíchumasú.

*Leasú*

(42) Maidir le forálacha na Treorach seo maidir le horduithe agus bearta eile chun rochtain ar ábhar ábhartha a bhaint agus a bhlocáil, níor cheart go bhfágfaí aon difear do na rialacha ábhartha atá i Rialachán (AE) 2022/2065. Go háirithe, ba cheart go gcomhlíonfadh na horduithe sin an toirmeasc ar oibleagáidí ginearálta maidir le faireachán nó aimsiú gníomhach fíoras a fhorchur agus ceanglais shonracha an Rialacháin sin maidir le horduithe chun ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas.

ábhar neamhdhleathach a bhaint anuas.

## **Leasú 54**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 43**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(43) I bhfianaise na tábhachta a d'fhéadfadh a bheith le hábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar do na horduithe nó do na bearta eile arna ndéanamh faoin Treoir seo chun na cionta ábhartha a imscrúdú nó a ionchúiseamh faoin dlí coiriúil nó chun rochtain orthu a bhlocáil nó a chosc, ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun a cheadú do na húdaráis inniúla ábhar den sórt sin a fháil nó a dhaingniú, i gcás inar gá. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis na bearta sin, mar shampla, ceangal a chur ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha ábhartha an t-ábhar a tharchur chuig na húdaráis sin nó an t-ábhar a chaomhnú ar feadh tréimhse teoranta nach dtéann thar a bhfuil riachtanach. Ba cheart go n-áiritheofaí le haon bhearta den sórt sin slándáil an ábhair, go bhfanfadh siad teoranta don mhéid atá réasúnach agus go gcomhlíonfadh siad na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta.

## **Leasú 55**

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 44**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(44) Chun íospairt thánaisteach a sheachaint, ba cheart go mbeadh íospartaigh in ann cúiteamh a fháil le linn

*Leasú*

(43) I bhfianaise na tábhachta a d'fhéadfadh a bheith ag ábhar a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar do na horduithe nó do na bearta eile arna ndéanamh faoin Treoir seo chun rochtain ar an ábhar sin a bhaint nó a dhíchumasú d'fhonn na cionta ábhartha a imscrúdú nó a ionchúiseamh faoin dlí coiriúil, ba cheart na bearta is gá a dhéanamh chun go mbeidh na húdaráis inniúla in ann ábhar den sórt sin a fháil nó a dhaingniú chun críche fianaise a sholáthar, i gcás inar gá. D'fhéadfadh a bheith i gceist leis na bearta sin, mar shampla, a cheangal ar sholáthraithe seirbhíse idirghabhálacha ábhartha an t-ábhar a tharchur chuig na húdaráis sin nó an t-ábhar a chaomhnú ar feadh tréimhse teoranta nach dtéann thar a bhfuil riachtanach faoi chuimsiú an imscrúdaithe agus chun tacú leis. Ba cheart slándáil an ábhair a áirithiú le haon bhearta den sórt sin, ba cheart dóibh a bheith teoranta i gcónaí don mhéid atá réasúnach, riachtanach agus comhréireach, agus na rialacha is infheidhme maidir le cosaint sonraí pearsanta a chomhlíonadh.

*Leasú*

(44) Chun íospairt thánaisteach a sheachaint, ba cheart go mbeadh íospartaigh in ann cúiteamh a fháil le linn



imeachtaí coiriúla. Ba cheart cúiteamh iomlán ón gciontóir a bheith iomlán agus níor cheart é a shrianadh le huasteorainn sheasta. Ba chóir go gclúdódh sé an dochar agus an tráma ar fad a bhíonn ag íospartaigh agus na costais a thabhaítear chun na damáistí a bhainistiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais teiripe, tionchar ar staid fostaíochta an íospartaigh, cailleadh tuillimh, damáistí síceolaíocha, agus dochar morálta de bharr shárú na dínite. Ba cheart go léireodh an cúiteamh go bhféadfadh sé go mbeadh ar íospartaigh foréigin teaghlaigh a saol a bhriseadh d'fhonn sábháilteacht a lorg, lena mbainfeadh athrú féideartha fostaíochta nó scoileanna nua a aimsiú do leanaí nó féiniúlacht nua a chruthú fiú.

imeachtaí coiriúla. Ba cheart cúiteamh iomlán ón gciontóir a bheith iomlán agus níor cheart é a shrianadh le huasteorainn sheasta. Ba cheart go gcumhdódh sé gach díobháil agus tráma a bhíonn ag íospartaigh agus na costais a thabhaítear chun na damáistí a bhainistiú, lena n-áirítear, i measc nithe eile, costais do sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear seirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus síceolaíochta, athshlánú, costais theiripe, tionchar ar staid fostaíochta an íospartaigh, cailleadh tuillimh, damáistí síceolaíocha, agus dochar morálta mar gheall ar shárú dínite. Ba cheart go léireodh an cúiteamh go bhféadfadh sé go mbeadh ar íospartaigh an **fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh a saol a bhriseadh d'fhonn sábháilteacht a lorg, lena mbainfeadh athrú féideartha chónaithe nó fostaíochta nó scoileanna nua a aimsiú do leanaí nó féiniúlacht nua a chruthú fiú. **Ba cheart cúiteamh a chur ar fáil d'íospartaigh a luaithe is féidir.****

## Leasú 56

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 45

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(45) Ba cheart cúnaimh agus tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus d'íospartaigh foréigin teaghlaigh sula gcuirtear deireadh leis na himeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina dhiaidh sin, mar shampla i gcás ina bhfuil gá fós le cóireáil leighis chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla nó síceolaíocha an fhoréigin, nó má tá sábháilteacht an íospartaigh i mbaol mar gheall ar na ráitis a rinne an t-íospartach sna himeachtaí sin.

*Leasú*

(45) Ba cheart cúnaimh agus tacaíocht a sholáthar gan mhoill d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh roimh dheireadh na n-imeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina dhiaidh sin, mar shampla i gcás ina bhfuil cóireáil leighis fós ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí tromchúiseacha fisiciúla nó síceolaíocha an fhoréigin, nó má tá sábháilteacht an íospartaigh i mbaol go háirithe mar gheall ar na ráitis a rinne an t-íospartach sna himeachtaí sin. **Ba cheart cúnaimh agus tacaíocht a bheith ar fáil d'íospartaigh beag beann ar cibé acu a tionscnaíodh imeachtaí coiriúla nó nár**

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 46**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(46) Ba cheart do sheirbhísí speisialaithe tacaíochta tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear foréigean gnéasach, ciorrú ball giniúna ban, pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantach, steiriliú agus ciapadh gnéasach agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin.

*Leasú*

(46) Ba cheart do sheirbhísí tacaíochta speisialaithe tacaíocht, comhairle agus faisnéis a sholáthar maidir le haon ábhair dhlíthiúla agus phraiticiúla ábhartha agus maidir le tarchuir chuig scrúduithe fóiréinseacha leighis agus seirbhísí cuimsitheacha cúraim sláinte d'íospartaigh de gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear foréigean gnéasach, teacht i dtír gnéasach trí striapachas daoine eile, ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasach, pósadh éigeantais, ginmhilleadh éigeantais agus steiriliú éigeantach, ciapadh gnéasach agus cineálacha éagsúla cibearfhoréigin.

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 47**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(47) Ba cheart do shaintacaíocht tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, lena n-áirítear cúram leighis, atá curtha in oiriúint dá riachtanais shonracha, agus beag beann ar aon ghearán oifigiúil. D'fhéadfaí seirbhísí den sórt sin a sholáthar de bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta íospartach nó mar chuid de na seirbhísí tacaíochta sin, a d'fhéadfadh leas a bhaint as eintitis atá ann cheana lena soláthraítear tacaíocht speisialaithe. Féadfaidh údaráis náisiúnta, eagraíochtaí tacaíochta íospartach nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile saintacaíocht a

*Leasú*

(47) Ba cheart do shaintacaíocht tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, lena n-áirítear cúram leighis, atá curtha in oiriúint dá riachtanais shonracha, agus beag beann ar aon ghearán oifigiúil. Ba cheart seirbhísí den sórt sin a sholáthar sa bhreis ar sheirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh, nó mar chuid chomhtháite de na seirbhísí sin, a d'fhéadfadh leas a bhaint as eintitis atá ann cheana a sholáthraíonn saintacaíocht, go háirithe le sainseirbhísí tacaíochta do mhná. Ba cheart córais atreoruithe agus comhair idir seirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh agus

sholáthar. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a thabhairt dóibh agus, i gcás inarb eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn na seirbhísí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh siad na cistí iomchuí.

saintacaíocht na mban a chur i bhfeidhm. Féadfaidh údaráis náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, eagraíochtaí tacaíochta íospartach, nó eagraíochtaí neamhrialtasacha eile saintacaíocht a chur ar fáil. Ba cheart acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais a thabhairt dóibh agus, i gcás inarb eagraíochtaí neamhrialtasacha a sholáthraíonn na seirbhísí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh siad na cistí iomchuí. ***Agus eagrú sainseirbhísí tacaíochta á pleanáil, ba cheart do na Ballstáit struchtúir na seirbhísí speisialaithe tacaíochta atá ann cheana agus na sineirgí eatarthu a chur san áireamh, mar aon leis na cineálacha seirbhísí tacaíochta speisialaithe a chuireann eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fáil, chun comhordú soiléir a áirithiú idir gníomhaithe agus, mar thoradh air sin, chun rochtain na mban ar na seirbhísí sin a éascú.***

## Leasú 59

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 48

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(48) De ghnáth bíonn ilchosaint agus riachtanais tacaíochta ag íospartaigh foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban. Chun aghaidh a thabhairt ar na nithe sin go héifeachtach, ba cheart do na Ballstáit seirbhísí den sórt sin a sholáthar ag na háitribh chéanna, nó na seirbhísí sin a chomhordú trí phointe teagmhála lárnach. Chun a áirithiú go sroichfear íospartaigh i limistéir iargúlta freisin nó nach féidir leo dul i dteagmháil go fisiciúil leis na hionaid sin, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le rochtain ar líne ar sheirbhísí den sórt sin. Ba cheart do na Ballstáit suíomh gréasáin aonair agus cothrom le dáta a bhunú ina gcuirfear an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis na seirbhísí tacaíochta agus cosanta atá

*Leasú*

(48) De ghnáth bíonn an iliomad riachtanais chosanta, leighis agus tacaíochta ag íospartaigh foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban. ***Is iad eagraíochtaí na mban is fearr a áirithíonn an cineál tacaíochta sin, i bhfianaise an tionchair dhíréirigh a bhíonn ag foréigean in aghaidh na mban orthu. Ba cheart do na húdaráis náisiúnta tacú le sainseirbhísí na mban agus iad a aithint. Ba cheart sainseirbhísí na mban a chur san áireamh go córasach i bpróisis chomhordúcháin ilghníomhaireachta le haghaidh measúnú riosca agus bainistiú riosca.*** Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na riachtanais ilchosanta, leighis agus tacaíochta atá ag íospartaigh an fhoréigin

ar fáil agus an rochtain sin ar fáil (rochtain ar líne aon stad). Ba cheart go leanfadh an suíomh gréasáin na ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas.

teaghlaigh agus an fhoréigin in aghaidh na mban, ba cheart do na Ballstáit seirbhísí den sórt sin a sholáthar ag an áitreabh céanna, nó, mar mhalairt air sin, seirbhísí den sórt sin a bheith acu a chomhordaítear trí lárphointe teagmhála. ***Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndáiltear na seirbhísí sin ar bhonn geografach go cothrom.*** Chun a áirithiú go sroichfear gach íospartach, lena n-áirítear íospartaigh i limistéir iargúlta nó nach bhfuil in ann na hionaid sin a shroicheadh go fisiciúil, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le cianrochtain ar líne ar sheirbhísí den sórt sin trí aip, suíomh gréasáin agus líne chabhrach atá ar fáil 24/7 a chur ar bun. Ba cheart a bheith i gceist leis sin, inter alia, suíomh gréasáin aonair cothrom le dáta a chur ar bun ina gcuirtear an fhaisnéis ábhartha agus an rochtain uile ar sheirbhísí tacaíochta agus cosanta atá ar fáil go pearsanta agus ar líne ar fáil (rochtain ilfhreastail ar líne). Ba cheart go leanfadh an suíomh gréasáin na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh daoine faoi mhíchumas amhail iad siúd a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882. ***Ba cheart gach seirbhís, ar líne agus go pearsanta araon, a bheith go hiomlán inrochtana agus neamh-ídirdealaitheach.***

Leasú 60

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 48 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(48a) Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhairle agus i gcomhar le, inter alia, sainseirbhísí tacaíochta na mban, ionaid cosanta íospartach, gairmithe cúraim sláinte agus gníomhaithe ábhartha eile, bunaithe ar fhianaise, ar a saineolas agus ar a ndea-chleachtais, agus aird á tabhairt ar an bpróiseas chun measúnuithe aonair speisialaithe a***

*dhéanamh chun riachtanais chosanta íospartach a shaináithint agus ábhar na measúnaithe sin, agus ar mheasúnuithe aonair ar riachtanais tacaíochta íospartach, faoin Treoir seo, ba cheart dóibh treoirlínte agus prótacail le haghaidh seirbhísí tacaíochta ginearálta d'íospartaigh a eisiúint agus a athbhreithniú agus, i gcás inar gá, iad a thabhairt cothrom le dáta, ar bhonn rialta, i bhfianaise a gcur i bhfeidhm praiticiúil. Ba cheart a áireamh sna treoirlínte agus sna prótacail sin faisnéis maidir le conas caitheamh le híospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne agus leanáí de, ar bhealach lena seachnaítear steiréitíopaí inscne agus ar bhealach lena gcoiscítear íospairt thánaisteach nó athíospairt.*

## Leasú 61

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 49

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(49) Ba cheart a mheas go bhfuil seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear ionaid ddine agus ionaid éigeandála um éigniú, bunriachtanach le linn géarchéimeanna agus staideanna éigeandála, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna sláinte. Ba cheart leanúint de na seirbhísí sin a thairiscint sna cásanna sin ina mbíonn claonadh i gcásanna foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban.

*Leasú*

(49) Le linn géarchéimeanna agus staideanna éigeandála, lena n-áirítear le linn géarchéimeanna sláinte, ba cheart a mheas go bhfuil sainseirbhísí tacaíochta bunriachtanach, lena n-áirítear ionaid díidine agus ionaid éigeandála um éigniú, ionaid atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach, lárionaid speisialaithe LGBTIQ, línte cabhracha, agus cláir lena dtugtar aghaidh ar athshlánú dhéantóirí an fhoréigin agus ar bhainistiú cliniciúil an éignithe. Ba cheart leanúint de na seirbhísí sin a thairiscint sna cásanna sin ina mbíonn claonadh i gcásanna foréigin teaghlaigh agus foréigin in aghaidh na mban.

## Leasú 62

## Togra le haghaidh Treorach Aithris 50

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(50) I ngeall ar chineál trámach an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear éigniú, tá freagairt an-íogair ag teastáil ó bhail foirne oilte agus speisialaithe. Tá gá ag íospartaigh an chineáil foréigin seo le cúram leighis láithreach agus le tacaíocht tráma mar aon le scrúduithe fóirínseacha láithreacha chun an fhianaise atá ag teastáil le haghaidh ionchúisimh a bhailiú. Ba cheart go mbeadh dóthain ionad géarchéime éignithe nó ionad atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach ar fáil agus iad scaipthe go leordhóthanach ar chríoch gach Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go mbíonn tacaíocht spriocdhírthe de dhíth ar íospartaigh ciorraithe ball giniúna ban, ar cailíní iad go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad tacaíocht thiomnaithe ar fáil atá saincheaptha do na híospartaigh sin.

*Leasú*

(50) Éilíonn nádúr trámach an fhoréigin ghnéasaigh, lena n-áirítear éigniú, freagairt atá inscne-íogair ó fhoireann oilte agus speisialaithe. Tá cúram leighis láithreach, cuimsitheach agus fadtéarmach de dhíth ar íospartaigh an chineáil sin foréigin, lena n-áirítear cúram sláinte gnéis agus atáirgthe agus bainistiú cliniciúil an éignithe, lena n-áirítear frithghiniúint éigeandála, próifíolacsas iarnochta, cóireálacha ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha agus rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil agus tacaíocht tráma chomh maith le rogha na tacaíochta fadtearmaí, lena n-áirítear comhairleoireacht. Ba cheart do lárionaid éigeandála um éigniú nó d'ionaid atreorúcháin maidir le foréigin gnéasach scrúduithe fóirínseacha a chur ar fáil láithreach chun an fhianaise is gá le haghaidh ionchúisimh a bhailiú agus a bheith ar fáil ar bhonn 24 uair an chloig i líon leordhóthanach agus iad scaipthe go leordhóthanach thar chríoch gach Ballstáit. Ar an gcaoi chéanna, is iondúil go mbíonn tacaíocht shaincheaptha de dhíth ar íospartaigh chiorrú ball giniúna ban agus idirghnéasach agus ar chleachtas dhíobhálacha eile, ar cailíní iad go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh siad tacaíocht thiomnaithe atá saincheaptha do na híospartaigh sin trí chur chuige ildisciplíneach atá dírithe ar íospartaigh agus trí oiliúint spriocdhírthe a chur ar fáil do gach gairmí ábhartha a d'fhéadfadh teagmháil a dhéanamh le híospartach nó le duine atá i mbaol. ***Ba cheart tacaíocht speisialaithe den sórt sin a sholáthar leis na caighdeáin is airde príobháideachais, dlúthchaidrimh agus rúndachta.***

Leasú 63

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 50 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(50a) Is iondúil go mbíonn tacaíocht spriocdhírthe de dhíth ar íospartaigh ciorrú ball giniúna ban, ar cailíní iad go minic, agus ar íospartaigh steiriliú éigeantach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh siad tacaíocht ar fáil atá saincheaptha do na híospartaigh sin agus go gcuirfear ar fáil do na sainseirbhísí tacaíochta sin na caihdeáin is airde príobháideachais, dlúthchaidrimh agus rúndachta.**

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 50 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(50b) Ós rud é go bhfuil tearcthuairisciú suntasach déanta ar an gcibearfhoréigean, ba cheart soláthraithe sainseirbhísí tacaíochta d'íospartaigh an chibearfhoréigin a fheistiú go hiomchuí agus ba cheart rochtain éasca a bheith ar na seirbhísí sin. Ba cheart tacaíocht shíceolaíoch, comhairleoireacht dlí agus cúnamh a bheith san áireamh sna seirbhísí sin.**

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 50 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(50c) Tá foréigean ag an obair agus ciapadh i saol na hoibre do-ghlactha agus neamh-chomhoiriúnach d'obair chuibhiúil. Bíonn tionchar aige ar**

*shláinte shíceolaíoch, fhisiceach agus ghnéasach, ar dhínit, agus ar thimpeallacht teaghlaigh agus shóisialta, agus ar cháilíocht na seirbhísí poiblí agus príobháideacha. Go háirithe, is féidir leis cosc a chur ar dhaoine, go háirithe mná, rochtain a fháil ar mhargadh an tsaothair, agus fanacht ann agus dul chun cinn a dhéanamh ann agus, dá bhrí sin, is bagairt é ar chomhionannas deiseanna. Bíonn tionchar diúltach aige freisin ar eagrú na hoibre, ar chaidreamh san ionad oibre, ar rannpháirtíocht oibríthe, ar cháil fiontraíochta agus ar tháirgiúlacht.*

## Leasú 66

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 51

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(51) Meastar gur idirdhealú ar bhonn inscne é ciapadh ag an obair le Treoir 2004/113/CE, le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ós rud é go bhfuil iarmhairtí diúltacha suntasacha ag an gciapadh gnéasach ag an obair do na híospartaigh agus do na fostóirí araon, ba cheart comhairle a chur ar fáil d'íospartaigh agus d'fhostóirí araon maidir le haghaidh a thabhairt ar na cásanna sin ag an láthair oibre, maidir le réitigh dhlíthiúla atá ar fáil don fhostóir chun an ciontóir a bhaint ón láthair oibre agus maidir leis an bhféidearthacht luath-idir-réitigh a chur ar fáil, más mian leis an íospartach é sin a dhéanamh.

*Leasú*

(51) Meastar gur idirdhealú ar bhonn inscne é ciapadh ag an obair le Treoir 2004/113/CE, le Treoir 2006/54/CE agus le Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Ós rud é gur idirdhealú é an gnéaschiapadh i saol na hoibre a bhfuil iarmhairtí diúltacha suntasacha aige do na híospartaigh agus d'fhostóirí araon, ba cheart do sheirbhísí seachtracha speisialaithe agus oilte araon comhairle a chur ar fáil d'íospartaigh agus d'fhostóirí araon maidir le cásanna den sórt sin i saol na hoibre a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach, maidir le réitigh dhlíthiúla atá ar fáil don fhostóir chun an ciontóir a bhaint amach as an ionad oibre agus maidir leis an bhféidearthacht idir-réitigh luath a sholáthar, más mian leis an íospartach. ***Ba cheart dul i ngleic le gnéaschiapadh i saol na hoibre agus leis an bhforéigean ag an obair trí idirphlé sóisialta nó trí bhíthin gníomhartha dlíthiúla nó tríd an dá rud, agus gach láthair oibre mar a leagtar síos i gCoinbhinsiún na hEagraíochta***



*Idirnáisiúnta Saothair maidir le deireadh a chur le foréigean agus ciapadh i saol na hoibre á gcur san áireamh.*

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 51 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(51a) Is féidir ról lárnach a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta maidir le dul i ngleic, trí bhearta ábhartha, le ciapadh gnéasach i saol na hoibre agus an fhoréigin teaghlaigh. Ós rud é go bhfuil teilea-obair bhaile ar fáil níos mó agus níos mó, d'fhéadfadh láthair an fhoréigin teaghlaigh a bheith mar láthair oibre an íospartaigh. Is féidir le fostóirí agus ceardchumann rannchuidiú freisin le cásanna d'fhoréigean teaghlaigh a shainaithint, chun tacú le híospartaigh agus chun aghaidh a thabhairt ar thionchar an fhoréigin teaghlaigh ar an saol gairmiúil. Tá go leor samplaí ann cheana féin de dhea-chleachtais agus de chomhaontuithe maidir le beartais san ionad oibre a thugann tacaíocht d'íospartaigh foréigin teaghlaigh, rud a chuireann ar a gcumas leanúint de bheith ag obair go sábháilte.*

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 52**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(52) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go n-oibrítear línte cabhracha náisiúnta faoin uimhir chomhchuibhithe AE [116016] agus go bhfógrófar an uimhir sin go forleathan mar uimhir phoiblí, saor in aisce agus ar fáil de lá is d'óiche. Ba cheart

(52) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh línte cabhracha náisiúnta d'íospartaigh atá ag lorg tacaíochta inrochtana agus á n-oibriú faoin uimhir chomhchuibhithe AE [116016] nó faoi uimhir eile atá ann cheana, agus go

go n-áireofaí sa tacaíocht a chuirtear ar fáil comhairleoireacht géarchéime agus ba cheart go mbeadh sí in ann tagairt a dhéanamh do sheirbhísí duine le duine, amhail dídean, ionaid chomhairleoireachta nó na póilíní.

bhfógraítear an uimhir sin go forleathan mar uimhir phoiblí, saor in aisce agus ar fáil de lá is d'óiche. Ba cheart go n-áireofaí ar an tacaíocht a chuirfear ar fáil comhairleoireacht i gcás géarchéime atá le déanamh ag sainseirbhísí tacaíochta, agus ba cheart go mbeidís in ann tagairt a dhéanamh do sheirbhísí aghaidh ar aghaidh, amhail ionaid dídine, saintacaíocht do mhná agus seirbhísí sóisialta, sláinte agus ceartais eile. **Ba cheart línte cabhrach den sórt sin a oibriú ar leithligh ó línte cabhracha eile d'íospartaigh na coireachta agus ba cheart do bhaill foirne a bhfuil línte cabhrach den sórt sin acu na huimhreacha éigeandála náisiúnta uile a sholáthar.** Ba cheart íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh, má ghlaonn siad ar líne chabhrach tacaíochta ghinearálta, a atreorú chuig an líne chabhrach speisialaithe a oibrítear faoi uimhir chomhchuibhithe AE nó faoi uimhir eile atá ann cheana le haghaidh comhairleoireacht spriocdhírithé. **Ba cheart do na Ballstáit líne chabhrach náisiúnta a bhunú i gcás nach ann do líne chabhrach den sórt sin.**

## Leasú 69

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 53

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(53) Tá ról ríthábhachtach ag ionaid dídine maidir le híospartaigh a chosaint ar ghníomhartha foréigin. Seachas áit shábháilte fanachta a chur ar fáil, ba cheart do dhídean an tacaíocht is gá a chur ar fáil maidir le fadhbanna cónasctha a bhaineann le sláinte na n-íospartach, a staid airgeadais agus folláine a gcuid leanaí, agus íospartaigh á n-ullmhú ar deireadh do shaol féinrialaitheach.

*Leasú*

(53) Tá ról ríthábhachtach ag ionaid dídine maidir le híospartaigh a chosaint ar ghníomhartha foréigin. Seachas áit shábháilte fanachta a chur ar fáil, ba cheart go soláthrófaí treoir bhunúsach dhlíthiúil agus an tacaíocht is gá maidir le fadhbanna cónasctha a bhaineann le sláinte na n-íospartach, lena n-áirítear meabhairshláinte, staid airgeadais agus folláine a leanaí, agus íospartaigh á n-ullmhú do shaol neamhspleách. **Ba cheart**

*do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil líon leordhóthanach dídine tiomnaithe d'fhoréigean teaghlaigh ar fáil. Airitheoidh na Ballstáit go ndáilfear na hionaid dídine sin go leordhóthanach ar bhonn geografach. Ba cheart na hionaid dídine sin a bheith ar fáil d'íospartaigh gníomhartha foréigin amháin agus ba cheart a suíomh a choinneáil faoi rún chun sábháilteacht na mban a áirithiú. Ba cheart cineálacha éagsúla de shamhail dídine a chur ar fáil, lena n-áirítear ionaid dídine do mhná amháin, agus ar an gcaoi sin an tsolúbthacht is mó is féidir a áirithiú d'íospartaigh. Ba cheart go mbeadh ionaid dídine ar fáil saor in aisce don íospartach i gcónaí agus ba cheart dóibh a áirithiú go mbeidh pearsanra oilte agus speisialaithe i láthair go gníomhach agus go leanúnach chun dul i dteagmháil le híospartaigh agus chun tacú leo. Ba cheart dídean agus cóiríocht eatramhach iomchuí eile a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais shonracha íospartach faoi mhíchumas.*

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 53 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(53a) Is minic a théann foréigean teaghlaigh i bhfeidhm ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht an íospartaigh agus ar shláinte agus sábháilteacht ag an obair mar gheall ar strus agus eagla. Is minic a chuireann déantóirí coire cosc ar a gcomhpháirtithe nó ar a n-iarpháirtnéirí rochtain a fháil ar a n-ionad oibre. Ina theannta sin, is minic a bheidh am breise ón obair ag teastáil ó íospartaigh chun freastal ar choinní leighis nó ar imeachtaí dlíthiúla nó chun socruithe sóisialta a dhéanamh amhail cuardach a dhéanamh ar chóiríocht nua. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit bearta a chur chun*

*feidhme chun a áirithiú go gcoiscfear ar fhostóirí ar tugadh fógra dóibh maidir le himthosca íospartaigh idirdhealú a dhéanamh nó an t-íospartach a dhíbhunú ar bhealach ar bith i ndiaidh an fhoréigin agus mar gheall ar thionchar na bhfachtóirí a bhaineann leis an bhforéigean. Ina ionad sin, chun tacú le híospartaigh trí aistriú deacra agus chun cabhrú leo fanacht sa lucht saothair, agus ar an gcaoi sin a n-acmhainní eacnamaíocha agus a neamhspleáchas airgeadais a choimirciú, ba cheart an ceart chun saoire le pá agus dálaí oibre solúbtha a bheith ag íospartaigh ar feadh tréimhse iomchuí.*

Leasú 71

#### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 54**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(54) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na hiarmhairtí diúltacha d'íospartaigh ar leanaí iad, ba cheart go n-áireofaí ar bhearta tacaíochta do leanaí comhairleoireacht shíceolaíoch a bheadh oiriúnach ó thaobh aoise de, mar aon le cúram pédiatraiceach más gá, agus go gcuirfí ar fáil iad a luaithe a bheidh forais réasúnacha ag na húdaráis inniúla lena chreidiúint go bhféadfadh sé gur íospartaigh iad leanaí, lena n-áirítear leanaí atá ina bhfinnéithe foréigin. Agus tacaíocht á soláthar d'íospartaigh ar leanaí iad, ba cheart tús áite a thabhairt do chearta an linbh, mar a leagtar síos in Airteagal 24 den Chairt iad.

*Leasú*

(54) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar iarmhairtí diúltacha d'íospartaigh ar leanaí iad, ba cheart a áireamh sna bearta tacaíochta do leanaí comhairleoireacht shíceolaíoch atá oiriúnach ó thaobh aoise de ó ghairmithe oilte, mar aon le cúram pédiatraiceach i gcás inar gá, agus ba cheart iad a chur ar fáil a luaithe a bheidh forais réasúnacha ag na húdaráis inniúla chun a chreidiúint go bhféadfadh leanaí a bheith ina n-íospartaigh, lena n-áirítear leanaí atá ina bhfinnéithe foréigin. ***Níor cheart toiliú roimh ré ó shealbhóir na freagrachta tuismitheora a bheith ag teastáil ó bhearta tacaíochta den sórt sin, i gcás inarb é an duine sin an ciontóir nó an t-amhrastach, agus ba cheart iad a bheith i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh, go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 12 de. Ba cheart bearta den sórt sin a chur ar fáil ar bhonn fadtéarmach, i gcomhréir le riachtanais***

*an íospartaigh. Agus tacaíocht á soláthar d'íospartaigh ar leanaí iad, ba cheart tús áite a thabhairt do chearta an linbh, mar a leagtar síos in Airteagal 24 den Chairt iad. **Ba cheart comhar idir údaráis inniúla agus ionaid a dtugann na leanaí cuairt orthu go minic, amhail an scoil, a áirithiú, chun tacú leis an leanbh agus chun tacaíocht chuí a chur ar fáil do leanaí agus do thuismitheoirí eile. Is minic a bhíonn nasc idir cásanna de shiondróm coimhthithe tuismitheora agus coincheapa agus téarmaí comhchosúla a chuireann an milleán ar mháithreacha mar gheall ar choimhthiú óna n-athair agus cásanna d'fhoréigean in aghaidh na mban agus d'fhoréigean teaghlaigh, lena gcuirtear sábháilteacht linbh i mbaol agus lena ndéantar íospairt thánaisteach, strus síceolaíoch breise agus tráma breise a chur ar íospartaigh. Agus tagairt á déanamh do choincheapa den sórt sin, déantar amhras a chaitheamh ar scileanna tuismitheoirí na n-íospartach, neamhaird a thabhairt ar fhianaise na leanaí agus ar an mbaol foréigin a nochtar na leanaí dóibh, agus cuireann sé cearta agus sábháilteacht máithreacha agus leanaí i mbaol.***

Leasú 72

### **Togra le haghaidh Treorach Aithris 55**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(55) Chun sábháilteacht leanaí a áirithiú le linn cuairteanna féideartha le ciontóir ar sealbhóir freagrachta tuismitheora é a bhfuil cearta rochtana aige nó aici, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear áiteanna neodracha faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear oifigí cosanta nó leasa leanaí, ar fáil ionas gur féidir na cuairteanna sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an linbh. Más gá, ba cheart na cuairteanna a thabhairt nuair a bhíonn oifigigh cosanta nó leasa

*Leasú*

(55) Chun sábháilteacht leanaí a áirithiú le linn cuairteanna féideartha le ciontóir ar sealbhóir freagrachta tuismitheora é a bhfuil cearta rochtana aige nó aici, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear áiteanna neodracha faoi mhaoirseacht, lena n-áirítear oifigí cosanta nó leasa leanaí, ar fáil ionas gur féidir na cuairteanna sin a dhéanamh ar mhaithe le leas an linbh. **Ba cheart d'áiteanna neodracha maoirsithe le haghaidh cuairteanna le ciontóir**

leanaí i láthair. I gcás inar gá foráil a dhéanamh maidir le cóiríocht eatramhach, ba cheart, mar thosaíocht, cóiríocht a thabhairt do leanaí in éineacht le sealbhóir freagrachta tuismitheora nach é an ciontóir é nó nach bhfuil faoi amhras, amhail máthair an linbh. Ba cheart leas an linbh a chur san áireamh i gcónaí.

**sábháilteacht an linbh agus, i gcás inarb ábhartha, an duine neamh-dhrochídeach a bhfuil freagracht tuismitheora aige nó aici a áirithiú agus ba cheart go gceadófaí leo teagmháil a sheachaint idir an ciontóir nó an duine atá faoi dhrochamhras agus an tuismitheoir neamhfhoreigneach nó a ngaolta nuair a bhíonn an leanbh á thionlacan ag an gcruinniú.** Más gá, ba cheart na cuairteanna a thabhairt nuair a bhíonn oifigigh cosanta nó leasa leanaí i láthair. I gcás inar gá foráil a dhéanamh maidir le cóiríocht eatramhach, ba cheart, mar thosaíocht, cóiríocht a thabhairt do leanaí in éineacht le sealbhóir freagrachta tuismitheora nach é an ciontóir é nó nach bhfuil faoi amhras, amhail máthair an linbh. Ba cheart leas an linbh a chur san áireamh i gcónaí agus forlámhas a bheith aige sin ar iarraidh ón tuismitheoir foreigneach ar choimeád comhroinnte nó ar chearta rochtana. **Ba cheart tarchuir iomchuí do chiontóirí a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean i leith a mball teaghlaigh.**

Leasú 73

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 55 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(55a) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun claontacht a chosc agus “leas an linbh” á chinneadh acu. D’fhéadfaí a áireamh le claontacht den sórt sin an tuairim gur chun leasa an linbh é teagmháil a choinneáil leis an mbeirt tuismitheoirí nó le gaolta ar ais nó ar éigean, beag beann ar an bhforéigean atá feicthe ag an leanbh, a bhfuil éifeachtaí díobhálacha agus contúirteacha aige don leanbh agus don tuismitheoir eile. Ba chóir srian a chur ar cheart an linbh teagmháil a choinneáil**

Leasú 74

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 56**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(56) Ba cheart cosaint agus tacaíocht shonrach a fháil d'íospartaigh atá i mbaol méadaithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, amhail mná faoi mhíchumas, mná a bhfuil stádas cónaithe cleithiúnach acu nó a bhfuil cead acu, mná ar imircigh iad, iarrthóirí tearmainn, mná atá buailte ag easpa dídine, a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, oibrithé gnéis ban, daoine atá faoi choinneáil nó mná níos sine.

*Leasú*

(56) Íospartaigh a bhfuil riachtanais shonracha acu agus grúpaí atá i mbaol foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a ndéantar idirdhealú trasnach orthu, amhail mná faoi mhíchumas, mná a bhfuil cónaí orthu i saoráidí cúraim institiúideacha, mná a bhfuil stádas nó cead cónaithe cleithiúnach acu, mná imirceacha gan doiciméid, iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar mná iad, mná atá ag teitheadh ó choinbhleacht armtha, mná atá thíos leis an easpa dídine, mná i bpoist ar phá íseal, mná dífhostaithe, mná a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, íospartaigh “coireanna onóra”, mar a thugtar orthu, mná a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe nó i réigiúin is lú rathúnas, mná i striapachas, mionlaigh ghnéis nó féiniúlachta inscne, mná a bhfuil andúil acu, mná atá faoi choinneáil, mná níos sine nó mná LGBTIQ+ ba cheart go bhfaighidís cosaint shonrach, cúram leighis agus tacaíocht. ***Ba cheart íospartaigh foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo agus a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a mheas mar iarratasóirí a bhfuil riachtanais ghlaitha speisialta acu mar a shainmhínítear i dTreoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1a</sup>.***

---

<sup>1a</sup> ***Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 180, 29.6.2013, lch. 96).***

## Leasú 75

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 57

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(57) Tarlaíonn foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh go díreireach do mhná faoi mhíchumas agus is minic a bhíonn deacrachtaí ag mná faoi mhíchumas rochtain a fháil ar bhearta cosanta agus tacaíochta. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le híospartaigh faoi mhíchumas tairbhe iomlán a bhaint as na cearta a leagtar amach sa Treoir seo, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar a leochailí atá na híospartaigh sin agus na deacrachtaí is dócha a bheidh acu dul amach chun cabhair a fháil.

*Leasú*

(57) Tarlaíonn foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh go díreireach do mhná faoi mhíchumas agus is minic a bhíonn deacrachtaí ag mná faoi mhíchumas rochtain a fháil ar bhearta cosanta agus tacaíochta. ***Is minic nach mbíonn rochtain ar an bpróiseas chun foréigean a thuairisciú mar gheall ar bheartais agus caighdeáin neamhleora, dearcthaí diúltacha, bacainní fisiciúla, faisnéis agus cumarsáid gann, easpa soláthair seirbhíse, cistiú neamhleor agus mainneachtain ról a thabhairt d'íospartaigh faoi mhíchumas i gcinntí a mbíonn tionchar díreach acu ar a saol.*** Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a seirbhísí tacaíochta a oiriúnú dá réir chun a áirithiú gur féidir leo tairbhe iomlán a bhaint as na cearta a leagtar amach sa Treoir seo, ar bhonn comhionann le daoine eile, agus aird chuí á tabhairt ag an am céanna ar leochaileacht ar leith na n-íospartach sin agus ar na deacrachtaí is dócha a bheidh acu dul amach chun cabhair a fháil.

## Leasú 76

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 57 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(57a) Ba cheart gníomhaíochtaí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc a bheith bunaithe ar chur chuige trí ghné atá comhdhéanta de bhearta coiscitheacha príomhúla, tánaisteacha agus treasacha.***



*Ba cheart comhordú leordhóthanach ar na trí chur chuige sin a áirithiú. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag bearta coisctheacha príomhúla cosc a chur ar fhoréigean tarlú agus ba cheart feachtais múscailte feasachta a áireamh iontu chun cur leis an tuiscint i measc an phobail i gcoitinne ar na cineálacha éagsúla foréigin agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leo. Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag bearta coisctheacha tánaisteacha foréigean a bhrath go luath agus cosc a chur ar a dhul chun cinn nó a ghéarú ag céim luath. Ba cheart cosc treasach a dhíriú ar athchiontú agus athospairt a chosc agus ar iarmhairtí an fhoréigin a bhainistiú i gceart. Ba cheart go n-áireofaí ar na bearta sin cur chun cinn idirghabhála an tslua, ionad luath-idirghabhála agus clár idirghabhála.*

Leasú 77

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 58**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar bearta coisctheacha, amhail feachtais ardaithe feasachta, chun an foréigean in aghaidh na mban agus an foréigean teaghlaigh a laghdú. Ba cheart cosc a chur san oideachas foirmiúil freisin, go háirithe, trí oideachas gnéasachta agus inniúlachtaí soch-mhothúchánach a neartú, trí ionbhá agus trí chaidrimh fholláine measúla a fhorbairt.

*Leasú*

(58) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar bearta coisctheacha atá bunaithe ar fhianaise, amhail feachtais fhadtéarmacha múscailte feasachta, chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac trí athruithe ar iompar sóisialta agus cultúrtha na mban agus na bhfear. Ba cheart go n-áireofaí i bhfeachtais den sórt sin soláthar iomlán faisnéise maidir le cineálacha éagsúla foréigin agus maidir le tionchar an fhoréigin sin ar leanaí agus ba cheart dóibh cur chuige atá dírithe ar chearta an duine a chur chun cinn. Ba cheart cosc a dhéanamh freisin san oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil, go háirithe, trí oideachas gnéasachta agus caidrimh atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de agus inniúlachtaí soch-mhothúchánacha a neartú, ionbhá agus caidreamh sláintiúil

measúil a fhorbairt. *Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar fheachtais den sórt sin a dhíriú ar shuíomhanna ina mbíonn fir go minic. Ba cheart go mbeadh geallsealbhóirí áitiúla ábhartha rannpháirteach i bhfeachtais den sórt sin. Ba cheart bearta coiscitheacha a cheapadh i gcomhar leis na pobail ábhartha a ndéantar difear dóibh chun a áirithiú go gcumhdófar go hiomlán a gcuid riachtanas agus chun a áirithiú go mbeidh cumarsáid íogair, iomchuí gan stiogma ann.*

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 58 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(58a) Is iad an comhionannas inscne, cumhachtú na mban, agus infheistíocht i sochaí atá comhionann ó thaobh inscne de ina bhfuil mná neamhspleách ó thaobh airgeadais agus sóisialta de na straitéisí coiscitheacha is fearr i gcoinne na gcineálacha éagsúla foréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní agus na féidearthachtaí is gá ag mná chun caidreamh mí-úsáideach a fhágáil trí rochtain ar thacaíocht shóisialta a chur ar fáil, i gcás inar gá.*

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 59**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(59) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitiopaí díobhálacha inscne a shaothrú chun

(59) Ba cheart do na Ballstáit bearta a dhéanamh chun cosc a chur ar steiréitiopaí díobhálacha inscne a shaothrú chun

deireadh a chur leis an smaoinemh maidir le hísleacht na mban nó róil steiréitiopacha na mban agus na bhfear. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbreathnófaí ar an gcultúr, ar an nós, ar an reiligiún, ar an traidisiún ná ar an onóir mar údar le cionta foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh ná go gcaithfí leo ar bhealach níos trócairí. Ós rud é, ó aois an-óg ar aghaidh, go nochtar leanaí do róil inscne a mhúnlaíonn a bhféinthuairim agus a imríonn tionchar ar a roghanna acadúla agus gairmiúla chomh maith lena róil mar mhná agus fir ar feadh a saoil, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar steiréitiopaí inscne amhail oideachas agus cúram luathóige.

deireadh a chur leis an smaoinemh maidir le hísleacht na mban nó róil steiréitiopacha na mban agus na bhfear. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin bearta arb é is aidhm dóibh a áirithiú nach mbreathnófaí ar an gcultúr, ar an nós, ar an reiligiún, ar an traidisiún ná ar an onóir mar údar le cionta foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh ná go gcaithfí leo ar bhealach níos trócairí, ach mar imthoisic ghéaraitheach. Ós rud é go ndéantar tearcthuairisciú ar 'coireanna onóra', mar a thugtar orthu, san Aontas, tá sé tábhachtach go gcuirfí oiliúint leordhóthanach ar na húdaráis ábhartha chun go mbeidh siad in ann na coireanna sin a shainaitheint agus iad a láimhseáil ar bhealach ceart. Ós rud é, ó aois an-óg ar aghaidh, go nochtar leanaí do róil inscne a mhúnlaíonn a bhféinthuairim agus a imríonn tionchar ar a roghanna acadúla agus gairmiúla chomh maith lena róil mar mhná agus fir ar feadh a saoil, tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar steiréitiopaí inscne amhail oideachas agus cúram luathóige. ***Maidir le rónnochtadh ar an bporagrafaíocht, áit a gcuireann sí le steiréitiopaí inscne agus gur minic gurb é an t-aon phointe tagartha atá ag daoine óga don chaidreamh gnéasachta, go háirithe in éagmais rochtain ar oideachas cuimsitheach gnéasachta agus caidrimh, is é an toradh a bhíonn air sin pictiúr de ghnéasacht atá saofa agus foréigneach. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit tionchar na poragrafaíochta ar dhaoine óga agus an baol go bhféadfaidís iompar foréigneach a atáirgeadh a chur san áireamh.***

Leasú 80

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 60

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(60) Chun a áirithiú go ndéanfar íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na

RR\1282744GA.docx

*Leasú*

(60) Chun a áirithiú go sainaitheofar íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na

67/165

PE739.730v02-00

mhan agus an fhoréigin teaghlaigh a shainnithint agus go bhfaighidh siad an tacaíocht iomchuí, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh oiliúint agus faisnéis spriocdhírthe. Ba cheart go gcumhdófaí leis an oiliúint an baol imeaglaíthe, ath-íospairt agus íospairt thánaisteach agus an baol go gcuirfí cosc ar imeaglú agus ar íospairt thánaisteach, agus go mbeadh bearta cosanta agus tacaíochta ar fáil d'íospartaigh. Ba cheart oiliúint a chur ar dhaoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu chun cosc a chur ar chásanna gnéaschiaptha ag an obair agus chun aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí. **Ba cheart go gcumhdódh na hoiliúint sin freisin measúnuithe maidir le ciapadh gnéasach ag an obair agus maidir leis na rioscaí sábháilteachta síceasóisialta agus sláinte a bhaineann leis dá dtagraítear faoi Threoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>45</sup>. Ba cheart go gcumhdófaí freisin le gníomhaíochtaí oiliúna an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí. Ba cheart go gcuimseodh sé freisin an baol go dtarlódh foréigean tríú páirtí, ina dtagraítear d'fhoréigean a d'fhéadfadh a bheith ar an bhfoireann san ionad oibre, foréigean nach bhfuil i lámha comhoibrí agus lena n-áirítear cásanna, amhail altraí atá á gciapadh go gnéasach ag othar.**

mhan agus an fhoréigin teaghlaigh, go mbeidh siad in ann gearáin a thaisceadh agus tacaíocht iomchuí a fháil, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh oiliúint agus faisnéis spriocdhírthe atá leordhóthanach agus saincheaptha chun a rochtain ar an gceartas a chur chun cinn. **Ba cheart go mbeadh oiliúint den sórt sin, lena n-áirítear an t-ábhar tacaíochta, saor in aisce agus ba cheart go ndéanfaí é le linn uaireanta oibre.** Ba cheart an riosca a bhaineann le himeaglú, íospairt athdhéanta agus íospairt thánaisteach agus infhaighteacht heart cosanta, leighis agus tacaíochta d'íospartaigh a chumhdach leis an oiliúint. **Ba cheart go mbeadh oiliúint den sórt sin ar fáil, go háirithe, do dhaoine gairmiúla a oibríonn le mná in institiúidí, amhail tithe cúraim chónaithe, ionaid tearmainn agus príosúin, agus do ghairmithe a oibríonn nó a oibríonn go deonach in ionaid dídine. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar oiliúint speisialaithe na n-údarás inniúil a théann i dteagmháil le híospartaigh, lena n-áirítear, go háirithe, oiliúint maidir le conas dearcthaí agus iompraíochtaí maidir le milleán íospartach a sheachaint, atreorú tráthiúil íospartach chuig seirbhísí speisialaithe, lena n-áirítear seirbhísí speisialaithe na mban, agus cóireáil sonraí, d'fhonn tuairisciú foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a éascú.** Ba cheart comhionannas inscne agus idirdhealú a chumhdach leis an oiliúint sin, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, cosc ar íospairt thánaisteach, scileanna cumarsáide, agus cosc agus sainnithint ghnéaschiaptha na ngrúpaí is imeallaithe. Ba cheart go gcuirfí oiliúint den sórt sin ar fáil ó oiliúinóirí cáilithe a chloíonn le dianchaighdeáin cháilíochta maidir le fad, minicíocht, modhanna agus torthaí oiliúna i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo.

<sup>45</sup> Treoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

## Leasú 81

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 60 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(60a) Chun cásanna gnéaschiaptha i saol na hoibre a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go hiomchuí, agus chun cásanna d'fhoréigean teaghlaigh agus a iarmhairtí a shainnithint agus aghaidh a thabhairt orthu, ba cheart oiliúint a chur ar dhaoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu agus cigirí saothair. Ba cheart go gcumhdódh oiliúint den sórt sin measúnuithe maidir le gnéaschiapadh san ionad oibre agus rioscaí gaolmhara sábháilteachta agus sláinte síceasóisialta dá dtagraítear i dTreoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>1d</sup> agus a chomhlíonann na coinníollacha faoi Threoir 89/391/CEE ón gComhairle<sup>1a</sup>. Ba cheart go gcumhdódh oiliúint den sórt sin an baol a bhaineann le foréigean tríú páirtí agus gur cheart tacaíocht a bheith i bhfeidhm d'íospartaigh foréigin den sórt sin mar chuid de shláinte agus sábháilteacht cheirde. Tagraíonn foréigean tríú páirtí don fhoréigean a d'fhéadfadh duine seachas comhoibrí a fhulaingt san ionad oibre. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfidh fostóirí, i gcomhairle le hionadaithe na n-oibrithe i gcomhréir le Treoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, straitéisí cuimsitheacha, comhtháite agus speisialaithe ar bun chun gnéaschiapadh san ionad saol na hoibre a mhaolú agus a**

*chosc.*

---

*1<sup>a</sup>* Treoir 89/391/CEE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ag an obair a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

## Leasú 82

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 61

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(61) Chun gníomhú i gcoinne tearcthuairiscithe, ba cheart do na Ballstáit idirchaidreamh a dhéanamh le húdaráis forfheidhmithe dlí chun oiliúint a fhorbairt, go háirithe maidir le steiréitíopaí díobhálacha inscne, ach freisin maidir le cionta a chosc, i bhfianaise a ndlúththeagmhála le grúpaí atá i mbaol foréigin agus íospartach.

*Leasú*

(61) Chun gníomhú in aghaidh tearcthuairiscíú agus cosc a chur ar íospairt thánaisteach, ba cheart do na Ballstáit idirchaidreamh a dhéanamh freisin le húdaráis forfheidhmithe dlí, le húdaráis bhreithiúnacha, leis an tsochaí shibhialta, le heagraíochtaí pobalbhunaithe, leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus le gníomhaithe speisialaithe ábhartha eile maidir le hoiliúintí a fhorbairt go háirithe maidir le steiréitíopaí agus míthuiscintí díobhálacha inscne maidir le foréigean gnéasach agus foréigean teaghlaigh, ach freisin maidir le cionta a chosc, i bhfianaise a ndlúththeagmhála le grúpaí atá i mbaol foréigin, íospartaigh agus ciontóirí. ***Tá sé riachtanach oiliúint a chur ar údaráis forfheidhmithe dlí maidir le conas íospartach foréigin inscnebhunaithe, foréigin teaghlaigh nó cibearfhoréigin a fháil chun cabhrú go cuí leis an íospartach gearán a dhéanamh agus chun measúnú cuí a dhéanamh ar a staid.***

## Leasú 83

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 61 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(61a) Ba cheart do na Ballstáit aitheantas a thabhairt d'eagraíochtaí sochaí sibhialta na mban, lena n-áirítear eagraíochtaí a oibríonn le mná atá i mbaol níos mó foréigin inscnebhunaithe a fhulaingt, mar chomhpháirtithe i bhforbairt agus i gcur chun feidhme beartas agus ba cheart dóibh, i gcás inarb ábhartha, iad a áireamh in obair comhlachtaí rialtais agus coistí atá ag obair chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Ina theannta sin, ba cheart dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha eile maidir le saincheisteanna ábhartha, amhail na comhpháirtithe sóisialta i ndáil le gnéaschiapadh i saol na hoibre.**

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 62**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(62) Ba cheart cláir idirghabhála a chur ar bun chun an riosca go ndéanfar foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a chosc agus a íoslaghdú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm shonrach ag na cláir ciontóirí nó iad siúd atá i mbaol cionta a dhéanamh a theagasc conas iompar neamhforéigneach a ghlacadh i gcaidrimh idirphearsanta agus conas cur i gcoinne patrúin iompraíochta foréigneacha. Ba cheart do na cláir ciontóirí a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a ngníomhaíochtaí agus a ndearcthaí agus a dtuairimí i leith na mban a scrúdú.

(62) Ba cheart cláir idirghabhála a chur ar bun chun an riosca go ndéanfar foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a chosc agus a íoslaghdú. **Ba cheart go ndéanfadh gairmithe oilte iad a chur i gcrích agus i ndlúthchomhar le sainseirbhísí tacaíochta d'íospartaigh.** Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm shonrach ag na cláir ciontóirí nó iad siúd atá i mbaol cionta a dhéanamh a theagasc conas iompar neamhforéigneach a ghlacadh i gcaidrimh idirphearsanta agus conas cur i gcoinne patrúin iompraíochta foréigneacha. **I gcás ina dtoilíonn an t-íospartach idirghníomhú leis an gciontóir nó i gcás ina bhfuil an t-íospartach i ndlúthghaireacht fhisiciúil don chiontóir le toiliú an íospartaigh, ba cheart aird ar**

*leith a thabhairt ar shábháilteacht an íospartaigh le linn na gclár idirghabhála sin. Ba cheart do na cláir ciontóirí a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a ngníomhaíochtaí agus a ndearcthaí agus a dtuairimí i leith na mban a scrúdú. **Ba cheart go bhféachfadh na cláir le cabhrú le ciontóirí tuiscint a fháil agus a aithint go bhfuil siad freagrach, a ndearcthaí agus a n-iompraíocht dhiobhálacha a athrú agus iompar neamhfhoréigineach i gcaidrimh idirphearsanta a ghlacadh.***

Leasú 85

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 62 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*(62a) **Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhlíonann na cláir idirghabhála íoschaighdeáin agus go bhfuil siad i gcomhréir leis na cleachtais is fearr. Ba cheart do bhaill foirne oilte cláir idirghabhála a sholáthar, cur chuige inscne-bhunaithe a bheith acu, a bheith dírithe ar íospartaigh, measúnú riosca iomlán ar dhéantóir na coire a áireamh, a bheith mar chuid de líonraí ilghníomhaireachta, iarracht a dhéanamh comhoibriú láidir a bhunú le seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear sainseirbhísí tacaíochta do mhná, treoirlínte a sholáthar chun meastóireacht a dhéanamh ar an toradh. Ba cheart do na Ballstáit comhoibriú leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne maidir le caighdeáin choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú***

Leasú 86

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 62 b (nua)**



**(62b) Ní mór cistiú leordhóthanach, intuartha agus inbhuanaithe a bheith ag gabháil leis na bearta uile dá bhforáiltear sa Treoir seo. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin chun a áirithiú go mbeidh maoiniú leordhóthanach agus acmhainní daonna, teicniúla agus teicneolaíocha leordhóthanacha ag údaráis náisiúnta agus ag soláthraithe seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear sainseirbhísí neamhrialtasacha ban, chun an Treoir seo a chur chun feidhme go héifeachtach agus go cuimsitheach. Ba cheart do na Ballstáit sainseirbhísí tacaíochta na mban a áireamh mar chuid lárnach de chur chun feidhme an chórais tacaíochta náisiúnta d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe.**

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 63**

(63) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh na gcionta cibearfhoréigin atá sa Treoir seo a gcearta a bhaint amach go héifeachtach maidir le hábhar mídhleathach as cionta den chineál sin a bhaint ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go gcomhoibreoidh na húdaráis inniúla go dlúth le soláthraithe seirbhísí idirmheánacha. Chun a áirithiú go n-aimseofar ábhar den sórt sin go luath agus go rachfar i ngleic leis go héifeachtach agus go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht leordhóthanach d'íospartaigh na gcionta sin, ba cheart do na Ballstáit bunú nó úsáid beart féinrialála de chineál deonach a éascú freisin, amhail cóid iompair, lena n-áirítear maidir le rioscaí córasacha a bhrath i ndáil leis an gcibearfhoréigean sin agus oiliúint a chur ar fhostaithe na soláthraithe lena

(63) Chun a áirithiú gur féidir le híospartaigh na gcionta cibearfhoréigin atá sa Treoir seo a gcearta a bhaint amach go héifeachtach maidir le hábhar neamhdhleathach a bhaineann le cionta den sórt sin a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit an comhar idir soláthraithe seirbhísí idirghabhálacha, údaráis agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta a spreagadh, mar shampla trí chomharthóirí iontaofa a bhunú de bhun Rialachán (AE) 2022/2065. Chun a áirithiú go n-aimseofar ábhar den sórt sin go luath agus go rachfar i ngleic leis go héifeachtach agus go dtabharfar cúnamh agus tacaíocht leordhóthanach d'íospartaigh na gcionta sin, ba cheart do na Ballstáit bunú nó úsáid beart féinrialála de chineál deonach a éascú freisin, amhail cóid iompair, lena n-áirítear

mbaineann tríd an bhforéigean sin a chosc agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh.

maidir le rioscaí córasacha a bhrath i ndáil leis an gcibearfhoréigean sin agus oiliúint a chur ar fhostaithe na soláthraithe lena mbaineann tríd an bhforéigean sin a chosc agus trí chúnamh a thabhairt d'íospartaigh.

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 63 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(63a) Ba cheart do na Ballstáit a dtiomantas a léiriú maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac trí phleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhorbairt ina leith sin.**

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 63 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(63b) D'fhonn straitéis chomhdhlúite de chuid an Aontais a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar fhoréigean teaghlaigh, arb é is aidhm di an tiomantas agus na hiarrachtaí a dhéanann an tAontas agus na Ballstáit chun í a chosc agus a chomhrac a neartú tuilleadh, ba cheart do na Ballstáit éascú a dhéanamh ar bhunú comhordaitheora um fhoréigean inscnebhunaithe agus ar chúraimí an chomhordaitheora sin (“comhordaitheoir an Aontais”) Ba cheart go n-áireofaí i gcúraimí an chomhordaitheora de chuid an Aontais, mar shampla, feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhleanúnachas, dúbailt iarrachtaí idir institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais a**

*sheachaint agus idir na Ballstáit agus gníomhaithe idirnáisiúnta, ag rannchuidiú le forbairt beartas agus straitéisí nua de chuid an Aontais nó atá ann cheana agus atá ábhartha chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus tuairisciú d'institiúidí an Aontais.*

Leasú 90

### Togra le haghaidh Treorach Aithris 64

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(64) Ní féidir beartais a cheapadh chun dul i ngleic go leordhóthanach le foréigean in aghaidh na mban agus le foréigean teaghlaigh ach amháin ar bhonn sonraí imdhealaithe cuimsitheacha agus inchomparáide. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit agus chun bearnaí i sonraí inchomparáide a líonadh, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna a dhéanamh go rialta ag baint úsáid as modheolaíocht chomhchuibhithe an Choimisiúin (Eurostat) chun sonraí a bhailiú agus na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat).

*Leasú*

(64) Ní féidir beartais a cheapadh chun dul i ngleic go leordhóthanach le foréigean in aghaidh na mban agus le foréigean teaghlaigh ach amháin ar bhonn sonraí imdhealaithe cuimsitheacha agus inchomparáide. Chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar fhorbairtí sna Ballstáit agus chun bearnaí i sonraí inchomparáide a líonadh, ba cheart do na Ballstáit suirbhéanna a dhéanamh go rialta ag baint úsáid as modheolaíocht chomhchuibhithe an Choimisiúin (Eurostat) chun sonraí a bhailiú agus na sonraí sin a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat). ***Ina theannta sin, ba cheart sonraí cáilíochtúla a úsáid toisc gur féidir leo léargas uathúil a thabhairt ar na réaltachtaí atá ann faoi láthair maidir le dul i ngleic le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh agus ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Treorach seo. Ba cheart sonraí a bhailiú ag an bpointe céanna sa phróiseas chun torthaí inchomparáide agus ininste a áirithiú. Ba cheart d'eagraíochtaí neamhrialtasacha atá ag obair chun foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear eagraíochtaí ban, sainseirbhísí tacaíochta do mhná agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe eile, a bheith rannpháirteach i bhforbairt***

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 65**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(65) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na sonraí a bhailítear teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach i ndáil le tacú le faireachán ar leitheadúlacht agus treochtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus straitéisí nua beartais a cheapadh sa réimse sin. Agus na sonraí a bhailítear á roinnt, níor cheart aon sonraí pearsanta a chur san áireamh.

*Leasú*

(65) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na sonraí a bhailítear teoranta don mhéid atá fíor-riachtanach i ndáil le tacú le faireachán ar leitheadúlacht agus treochtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh agus straitéisí nua beartais a cheapadh sa réimse sin. ***Ba cheart do na Ballstáit sonraí agus faisnéis ábhartha a sholáthar d'institiúidí ábhartha amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus Eurofound chun gur féidir inchomparáideacht, measúnú agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go n-áireofaí sna sonraí a bhailítear an comhthéacs inar tharla an cion, amhail an fíoras go ndearnadh é sa bhaile, san ionad oibre nó ar líne, chomh maith le faisnéis faoi cé acu atá nó nach bhfuil íospartach i mbaol níos mó foréigin inscnebhunaithe a fhulaingt, toisc go mbeidh sé sin mar bhonn eolais do ghníomhaíochtaí beartais spriocdhírthe amach anseo. Ba cheart a áireamh sna sonraí sin freisin an ndearnadh foréigean in aghaidh íospartach a ndearna idirdhealú trasnach difear dóibh.*** Chun anaithnideacht agus rúndacht a chosaint, chun príomhphrionsabail na cosanta sonraí a urramú agus chun cearta bunúsacha a urramú, níor cheart aon sonraí pearsanta a áireamh nuair a chomhroinntear na sonraí a bhailítear.

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 65 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(65a) Ba cheart sonraí chun críocha staidrimh a bhailiú ar bhonn leanúnach chun faireachán a dhéanamh ar threochtaí agus chun dea-chleachtais agus réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a shainaithint. Ba cheart do Eurostat agus don Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne tuarascálacha a ullmhú go rialta maidir leis an staidreamh a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach seo agus iad a tharchur chuig comhordaitheoir an Aontais, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go leithdháilfear cistiú leordhóthanach chun tuairisciú den sórt sin a dhéanamh.**

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh Treorach  
Aithris 71**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(71) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [XX XX 2022],

(71) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a bharúlacha uaidh an 4 Aibreán 2022,

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(c) cosaint íospartach agus tacaíocht d'íospartaigh.

(c) **cearta na** n-íospartach **chun** cosaint agus tacaíocht

## Leasú 95

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 1 – mír 1 – pointe c a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ca) cosc agus idirghabháil luath.**

## Leasú 96

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Agus na bearta faoin Treoir seo á gcur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an riosca méadaithe foréigin a bhíonn os comhair íospartach atá faoi idirdhealú bunaithe ar mheascán inscne agus ar fhorais eile chun freastal ar a riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta, mar a leagtar amach in Airteagail 18(4), 20(2), 27(5) agus 37(7).

1. Agus na bearta faoin Treoir seo á gcur chun feidhme, cuirfidh na Ballstáit san áireamh an riosca méadaithe foréigin a bhíonn os comhair íospartach a ndéantar idirdhealú trasnach orthu bunaithe ar theaghlaim dá ngnéas nó dá n-inscne agus d'fhorais eile chun freastal ar a riachtanais chosanta agus tacaíochta fheabhsaithe, mar a leagtar amach in Airteagal 18(4), Airteagal 27(5), Airteagal 35(1) agus Airteagal 37(7).

## Leasú 97

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 2 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcur i bhfeidhm na Treorach seo, go dtabharfar aird ar leith ar an mbaol imeaglaithe, frithbheartaíochta, tánaisteach agus athíospartha agus ar an ngá atá le dínit agus sláine fhisiciúil na n-íospartach a chosaint.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, agus an Treoir seo á cur i bhfeidhm, go dtabharfar aird ar leith ar an mbaol a bhaineann le himeagló, frithbheartaíocht, íospairt thánaisteach agus athíospairt agus ar an ngá atá le dínit agus cearta íospartach a chosaint, lena n-áirítear a sláine fhisiceach agus shíceolaíoch, a bpríobháideachas agus a sábháilteacht.

## Leasú 98

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Chun críocha na Treorach seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

*Leasú*

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

## Leasú 99

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) Ciallóidh “foréigean in aghaidh ban” foréigean inscne, atá dírithe i gcoinne mná nó cailín toisc gur bean nó cailín í nó a dhéanann difear díreireach do mhná nó do chailíní, lena n-áirítear gach gníomh foréigin den sórt sin a mbíonn, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, dochar nó fulaingt fhisiceach, gnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfaí gníomhartha den sórt sin, comhéigean nó cailleadh treallach sairse, bíodh sin sa saol poiblí nó sa saol príobháideach;

*Leasú*

(a) ciallaíonn “foréigean in aghaidh na mban” gach gníomh foréigin inscnebhunaithe atá dírithe ar bhean nó ar chailín toisc gur bean nó cailín í nó a dhéanann difear díreireach do mhná nó do chailíní ina n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear gach gníomh foréigin den sórt sin as a n-eascaíonn, nó ar dócha go mbeidh, díobháil nó fulaingt fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch mar thoradh orthu, lena n-áirítear bagairtí go ndéanfaí gníomhartha den sórt sin, comhéigean nó díothú treallach sairse, bíodh sin ag tarlú sa saol poiblí nó sa saol príobháideach;

## Leasú 100

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) Ciallaíonn “foréigean baile” gach gníomh foréigin a mbíonn de thoradh air, nó ar dócha go mbeidh mar thoradh air, díobháil fhisiceach, ghnéasach, shíceolaíoch nó eacnamaíoch, a tharlaíonn sa teaghlach nó san aonad baile, beag beann ar cheangail bhitheolaíocha nó

*Leasú*

(b) ciallaíonn “foréigean teaghlaigh” gach gníomh, nó gach bagairt gníomhartha, d’fhoréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch nó eacnamaíoch as a n-eascaíonn, nó ar dócha go mbeidh, díobháil nó fulaingt mar thoradh orthu, a tharlaíonn laistigh den teaghlach nó den

dhlíthiúla teaghlaigh, nó idir iarchéilí nó céilí reatha nó idir iarchéilí nó páirtithe reatha, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil cónaí roinnte ag an gciontóir leis an íospartach;

aonad baile, beag beann ar naisc teaghlaigh bhitheolaíocha nó dhlíthiúla, nó idir iarchéilí nó iarpháirtneírí nó idir céilí nó páirtneírí reatha, cibé acu atá nó nach bhfuil teaghlach roinnte ag an gciontóir leis an íospartach;

## Leasú 101

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe f

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) ciallaíonn “soláthraithe seirbhísí idirmheánacha” soláthraithe na seirbhísí mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointe (f) de Rialachán (AE) **BBB/XXX** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup>[Rialachán maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha];

---

<sup>17</sup> Rialachán (AE) **BBB/XXX** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (IO L...).

## Leasú 102

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 4 – mír 1 – pointe g

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) Ciallaíonn “gnéaschiapadh ag an obair” aon chineál iompair bhriathartha, neamhbhriathartha nó fhisiciúil nach dteastaíonn de chineál gnéasach, i gcás ina dtarlaíonn an t-iompar sin le linn imeaglaíthe, naimhdeach, díghrádaithe, uiríslithe nó gránna i gcúrsaí fostaíochta, slí bheatha agus féinfhostaíochta, nó i gcás

*Leasú*

(f) ciallaíonn “**soláthraí** seirbhísí idirghabhálacha” **soláthraí seirbhís idirghabhála** mar a shainmhínítear in Airteagal 3, point (g), de Rialachán (AE) **2022/2065** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>17</sup>;

---

<sup>17</sup> Rialachán (AE) **2022/2065** ó Pharlaimint na hEorpa **agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022** maidir le Margadh Aonair Do Sheirbhísí Digiteacha agus **lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha)** (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

*Leasú*

(g) ciallaíonn “gnéaschiapadh i saol na hoibre” aon chineál iompair neamh-inmhianaithe ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiceach de chineál gnéasach, i gcás ina dtarlaíonn sé le linn cúrsaí fostaíochta, slí bheatha, féinfhostaíochta, obair neamhfhoirmiúil agus neamhdhoiciméadaithe, post a lorg nó



ina dtarlaíonn sé i gcúrsaí den sórt sin, d'fhonn dínit an íospartaigh a shárú, nó d'fhonn dínit an íospartaigh a shárú, go háirithe nuair a chruthaítear timpeallacht imeaglaíthe, naimhdeach, táireach, uiríslithe nó mhaslach;

oiliúint, lena n-áirítear i spásanna oibre poiblí agus príobháideacha, áiteanna ina n-íoctar an t-oibrí, scíth a ghlacadh, sos nó béile, nó ina n-úsáideann sé nó sí saoráidí sláintíochta, níocháin nó athraitheacha, le linn turais a bhaineann leis an obair, le linn taistil, oiliúna, imeachtaí nó gníomhaíochtaí sóisialta, trí chumarsáid a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear iad siúd a chumasaítear le teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, i gcóiríocht a chuireann fostóirí ar fáil, nó nuair a dhéantar comaitéireacht chuig an obair agus ón obair, chun dínit an íospartaigh a shárú, go háirithe agus timpeallacht imeaglaíthe, naimhdeach, tháireach, uiríslithe nó mhaslach á cruthú aige, lena n-áirítear i gcás ina n-úsáidtear iompar den sórt sin go sainráite nó go hintuigthe mar bhonn do chinntí a bhaineann le post;

## **Leasú 103**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamh-chomhfhiosach mar ghníomh a dhéantar gan toiliú na mná a thabhairt dá dheoin féin nó i gcás nach bhfuil an bhean in ann uacht a dhéanamh mar gheall ar a riocht coirp nó meabhrach, agus ar an gcaoi sin a héagumas a shaothrú chun uacht shaor a dhéanamh, amhail i riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, tinnis, díobhála coirp nó míchumais.

## **Leasú 104**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 5 – mír 3**

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamhthoiliúil mar ghníomh a dhéantar gan toiliú na mná go deonach nó i gcás nach féidir leis an mbean a saorthoil a dhéanamh mar gheall ar a riocht coirp nó meabhrach, agus ar an gcaoi sin leas a bhaint as a héagumas chun saorthoil a dhéanamh, amhail staid eagla, imeaglaíthe, neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, tinnis, díobhála coirp nó míchumais nó i gcás atá an-leochaileach ar bhealach eile.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir leis an mbean an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach le tost, neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó iompar gnéasach san am a chuaigh thart.

*Leasú*

3. Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú le tost na mná, le neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó le hiompar gnéasach san am a chuaigh thart nó leis an gcaidreamh atá aici cheana nó san am a chuaigh thart leis an gciontóir, lena n-áirítear stádas pósta nó aon stádas comhpháirtíochta eile. ***Tabharfar an toiliú go deonach mar thoradh ar shaorthoil agus déanfar é a mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca uile;***

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 5a***

***Ionsaí gnéasach***

***1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar intinniúil seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil:***

***(a) gabháil le bean in aon ghníomh neamhthoiliúil de chineál gnéasach, seachas na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (a);***

***(b) a chur faoi deara do bhean dul i dteagmháil le duine eile in aon ghníomh neamhthoiliúil de chineál gnéasach, seachas gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 5(1), pointe (b);***

***2. Áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamhthoiliúil mar ghníomh a dhéantar gan toiliú na mná go deonach nó i gcás nach féidir leis an mbean saorthoil a dhéanamh mar gheall ar a riocht coirp nó meabhrach, agus go mbaintear leas as an éagumas chun***

*saorthoil a dhéanamh, amhail riocht eagla, imeaglaisithe, neamhchomhfhiosachta, meisce, codlata, breoiteachta, díobhála coirp nó míchumais nó a bheith i staid atá an-leochaileach ar bhealach eile;*

*3. Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú le tost na mná, le neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó le hiompar gnéasach san am a chuaigh thart nó leis an gcaidreamh atá aici cheana nó san am a chuaigh thart leis an gciontóir, lena n-áirítear stádas pósta nó aon stádas comhpháirtíochta eile. Tabharfar an toiliú go deonach mar thoradh ar shaorthoil agus déanfar é a mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca uile;*

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 6a*

*Ciorrú ball giniúna idirghnéasach*

*1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar intínniúil seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil:*

*(a) aon nós imeachta máinliachta nó míochaine nó cóireáil hormónach nach bhfuil gá leo ó thaobh leighis de a dhéanamh ar shaintréithe gnéis mná sláintiúla nó linbh a rugadh le héagsúlachtaí ar shaintréithe gnéis, gan toiliú feasach a fháil roimh ré agus gan an bhean nó an leanbh a bheith ag tuiscint an nós imeachta nó na cóireála, chun na saintréithe gnéis sin a athrú chun iad a ailíniú le saintréithe gnéis a mheastar gur baineann nó fireann iad de*

*ghnáth;*

*(b) iallach a chur ar bhean shláintiúil nó ar leanbh dul faoi nós imeachta nó cóireáil dá dtagraítear i bpointe (a).*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir toiliú ó bhean nó ó chaomhnóir dlíthiúil an linbh a chur in ionad réamhthoiliú feasach mná nó linbh chun dul faoi nós imeachta nó cóireáil dá dtagraítear i mír 1.*

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

*Airteagal 6b*

*Steiriliú éigeantais*

*1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar intinniúil seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil:*

*(a) máinliacht a dhéanamh, arb é is cuspóir nó is éifeacht di cumas atáirgthe nádúrtha mná nó linbh a fhoirceannadh gan toiliú feasach a fháil roimh ré, agus gan an bhean nó an leanbh a bheith ag tuiscint an ghnáthaimh, lena n-áirítear mar réamhriachtanas le haghaidh gnáthaimh liachta eile;*

*(b) bean nó leanbh a chomhéigniú nó a sholáthar chun dul faoin máinliacht dá dtagraítear i bpointe (a).*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit nach féidir toiliú ó bhean nó ó chaomhnóir dlíthiúil an linbh a chur in ionad réamhthoiliú feasach mná nó linbh chun dul faoin nós imeachta dá dtagraítear i mír 1, pointe (a).*

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 6c***

***Pósadh éigeantais***

***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an t-iompar intinniúil seo a leanas inphionóis mar chion coiriúil:***

- (a) iallach a chur ar bhean nó ar leanbh pósadh;***
- (b) bean nó leanbh a mhealladh go dtí críoch tíre seachas an ceann ina bhfuil cónaí ar an mbean nó ar an leanbh chun iallach a chur ar an duine sin pósadh.***

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 6 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 6d***

***Ciapadh gnéasach i saol na hoibre***

***Áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil é ciapadh gnéasach a dhéanamh d'aon ghnó i saol na hoibre.***

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) íomhánna pearsanta, nó fiseáin nó ábhar eile a léiríonn gníomhaíochtaí gnéasacha, de chuid duine eile a dhéanamh gan toiliú an duine sin a bheith inrochtana don iliomad úsáideoirí deiridh trí bhíthin

(a) ábhar dlúthchaidrimh duine eile a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí deiridh eile gan toiliú an duine sin trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide;

## **Leasú 111**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) íomhánna, fiseáin nó ábhar eile a thaispeántar amhail is dá mbeadh duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha a tháirgeadh nó a ionramháil agus a scaipeadh ar an bpobal ina dhiaidh sin, gan toiliú uathu;

*Leasú*

(b) táirgeadh nó ionramháil agus rochtain d'úsáideoirí deiridh eile ina dhiaidh sin, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, ábhar dlúthchaidrimh nó ábhar eile chun é a chur i láthair amhail is dá mbeadh duine eile ag gabháil do ghníomhaíochtaí gnéasacha, gan toiliú an duine sin;

## **Leasú 112**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) bagairt a dhéanamh an t-iompar dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) a dhéanamh d'fhonn iallach a chur ar dhuine eile gníomh áirithe a dhéanamh nó staonadh ó ghníomh áirithe.

*Leasú*

(c) bagairt a dhéanamh páirt a ghlacadh san iompar dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b);

## **Leasú 113**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 7 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Chun críocha an Airteagail seo, tuigfear leis an téarma ‘ábhar dlúthchaidrimh’ go n-áirítear íomhánna, grianghraif agus fístaifeadtaí de chineál príobháideach nó pearsanta agus de chineál gnéasach nó nocht.***

## Leasú 114

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 8 – mír 1 – pointe c

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) ábhar ina bhfuil sonraí pearsanta duine eile, gan cead an duine sin, a chur ar fáil don iliomad úsáideoirí deiridh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun na húsáideoirí deiridh sin a ghríosú chun díobháil fhisiceach nó shuntasach shíceolaíoch a dhéanamh don duine.

*Leasú*

(c) ábhar ina bhfuil nó ina nochtar sonraí pearsanta duine eile, gan toiliú an duine sin, a dhéanamh inrochtana d'úsáideoirí deiridh eile, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, chun daoine eile a ghríosú chun díobháil fhisiciúil, síceolaíoch nó eacnamaíoch a dhéanamh don duine sin.

## Leasú 115

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – pointe a

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) ionsaí a thionscnamh le tríú páirtithe atá dírithe ar dhuine eile, trí ábhar bagarthach nó maslach a dhéanamh inrochtana don iliomad úsáideoirí deiridh, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus é mar thoradh air sin dochar suntasach síceolaíoch a dhéanamh don duine a ndearnadh ionsaí air;

*Leasú*

(a) ionsaí a thionscnamh atá dírithe ar dhuine eile, trí ábhar bagrach nó mí-úsáideach a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh eile, trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus é mar thoradh air sin díobháil síceolaíoch nó eacnamaíoch a dhéanamh don duine a ndearnadh ionsaí air.

## Leasú 116

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 9 – mír 1 – pointe b

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) páirt a ghlacadh le tríú páirtithe sna hionsaithe dá dtagraítear i bpointe (a).

*Leasú*

(b) páirt a ghlacadh sna hionsaithe dá dtagraítear i bpointe (a).

## Leasú 117

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) íomhá, físeán nó ábhar eile lena dtaispeántar baill ghiniúna a sheoladh gan iarraidh chuig duine, trí bhithín teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, agus é mar éifeacht leis sin díobháil shíceolaíoch a dhéanamh don duine sin.**

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 10 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis mar chion coiriúil an t-iompar intinneach arb é atá ann gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa den sórt sin a shainítear trí thagairt a dhéanamh d'inscne nó d'inscne, trí ábhar poiblí ina bhfuil gríosú den sórt sin a scaipeadh trí bhithín teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Áiritheoidh na Ballstáit gurb inphionóis mar chion coiriúil an t-iompar intinneach arb é atá ann gríosú chun foréigin nó fuatha a dhírítear i gcoinne grúpa daoine nó ball de ghrúpa den sórt sin a shainítear trí thagairt a dhéanamh do ghnéaschlaonadh, léiriú inscne, féiniúlacht inscne nó saintréithe gnéis, trí ábhar poiblí ina bhfuil gríosú den sórt sin a scaipeadh trí bhithín teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 11 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Maidir le haon iarracht na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 5 go 6 a dhéanamh, áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil inphionóis í.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil iarracht a dhéanamh aon cheann de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 5, 5a, 6, 6a, 6b agus 6c a dhéanamh.



**Leasú 120**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar pionós uasta trí bliana príosúnachta ar a laghad agus cúig bliana príosúnachta ar a laghad a ghearradh i leith an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 5a más rud é go ndearnadh an cion faoi na himthosca géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 13;**

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2b. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 6a inphionóis le pionós uasta bliana príosúnachta ar a laghad.**

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh ciontóir sa chion coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 5, a ciontaíodh cheana i gcionta den chineál céanna, rannpháirteach go héigeantach i gclár idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 38.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh ciontóir an chiona choiriúil dá dtagraítear in Airteagal 5 páirt ar bhonn éigeantach i gclár idirghabhála dá dtagraítear in Airteagal 38 gan mhoill tar éis an chiontaithe;

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 12 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis an **cion** coiriúil dá dtagraítear in Airteagal 6 le pionós uasta 5 bliana príosúnachta ar a laghad agus 7 bliana príosúnachta ar a laghad más rud é go ndearnadh an cion faoi dhálaí géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 13.

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) má rinneadh an cion i gcoinne duine a d'fhág imthosca ar leith leochaileach, amhail staid spleáchais nó míchumas coirp, meabhrach, intleachta nó céadfach, nó ina chónaí in institiúidí;

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) go raibh leibhéil foircneacha foréigin ann roimh an gcion nó go raibh siad ag gabháil leis;

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar pionós uasta 5 bliana príosúnachta ar a laghad agus 7 mbliana príosúnachta ar a laghad a ghearradh i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 6, 6a, 6b agus 6c más rud é go ndearnadh an cion faoi na himthosca géaraitheacha dá dtagraítear in Airteagal 13

*Leasú*

(b) má rinneadh an cion i gcoinne duine a ndearnadh soghontacht air nó uirthi de bharr imthosca ar leith, amhail stádas cónaithe, toircheas, staid spleáchais nó míchumas coirp, meabhrach, intleachta nó céadfach, nó anacair ar íospartach gáinneála é nó a bhfuil cónaí air nó uirthi in institiúidí, lena n-áirítear tithe scoir, árais leanaí, ionaid ghlactha, saoráidí coinneála nó ionaid chóiríochta d'iarthóirí tearmainn;

(f) go raibh leibhéil foircneacha foréigin ann roimh an gcion nó ag gabháil leis **nó gníomhartha mídhaonna, táireach nó uiríslithe go háirithe;**

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe i**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(i) go bhfuair an t-íospartach bás nó féinmharú nó go ndearnadh díobháil thromchúiseach fhisiciúil nó shíceolaíoch don íospartach mar thoradh ar an gcion;

*Leasú*

(i) go bhfuair an t-íospartach bás nó féinmharú nó go ndearnadh díobháil thromchúiseach fhisiciúil nó shíceolaíoch don íospartach nó do na cleithiúnaithe mar thoradh ar an gcion;

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe j**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(j) má ciontaíodh an ciontóir cheana i gcionta den chineál céanna;

*Leasú*

(j) má ciontaíodh an ciontóir cheana i gcionta de chineál comchosúil;

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe o a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(oa) gur i gcoinne ionadaí poiblí, iriseoir nó cosantóir chearta an duine a rinneadh an cion;***

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 – mír 1 – pointe o b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ob) gur bhain brabús nó gnóchan leis an gcion nó go ndearnadh é le hintinn brabús nó gnóchan a fháil;***

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 –mír 1 – pointe o c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(oc) gurbh é a bhí i gceist leis an gcoir ná “onóir” mar a thugtar air a chaomhnú nó a athbhunú i gcás duine, teaghlaigh, pobail nó grúpa eile dá shamhail;**

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 13 –mír 1 – pointe o d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(od) ba é aidhm na coire pionós a chur ar íospartaigh as a gclaonadh gnéasach, a léiriú inscne, a bhféiniúlacht inscne, a dtréithe gnéis, dath a gcráicinn, a reiligiún, a mbunús sóisialta nó a gcreideamh polaitiúil.**

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. I gcás ina gcinneann Ballstát dlínse a leathnú chuig cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5 go 11 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a ndlínse a bhunú ar chionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5 agus in Airteagal 6 a rinneadh lasmuigh dá gcríoch in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 14 – mír 2 a (nua)**

**2a. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann siad a ndlínse a bhunú ar chionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5a agus in Airteagal 6a go hAirteagal 11 a rinneadh lasmuigh dá gcríoch agus a rinneadh:**

**(a) in aghaidh a náisiúnach nó a ngnáthchónaitheoirí ar a gcríoch; nó**

**(b) ag ciontóirí a bhfuil gnáthchónaí orthu ina gcríoch.**

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5 arb ionann í agus 20 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion.

*Leasú*

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in **Airteagal 5 agus in Airteagal 6** arb ionann í agus 20 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion;

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 6 arb ionann í agus 10 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion.

*Leasú*

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in **Airteagal 5a, in Airteagal 6a, 6b agus 6c** arb ionann í agus 10 bliana ar a laghad ón tráth a rinneadh an cion;

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 15 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh do thréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 7 agus Airteagal 9 de 5 bliana ar a laghad tar éis deireadh a theacht leis an gcion coiriúil nó tar éis don íospartach teacht ar an eolas faoi.

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Sa bhreis ar chearta íospartach agus gearán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh íospartaigh cionta coiriúla a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar bhealach éasca agus inrochtana. Áireofar leis sin go bhféadfaí cionta coiriúla a thuairisciú ar líne nó trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear an fhéidearthacht fianaise a thíolacadh, go háirithe maidir le tuairisciú cionta coiriúla ar chibearfhoréigean.

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1 a (nua)**

*Leasú*

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh do thréimhse teorann le haghaidh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 6d, Airteagal 7 agus Airteagal 9 de 5 bliana ar a laghad tar éis deireadh a theacht leis an gcion coiriúil nó tar éis don íospartach teacht ar an eolas faoi.

*Leasú*

1. Sa bhreis ar chearta íospartach agus gearán á dhéanamh acu faoi Airteagal 5 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le híospartaigh cionta coiriúla a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thuairisciú do na húdaráis inniúla ar bhealach éasca, sábháilte agus inrochtana, agus aird chuí á tabhairt ar a bpríobháideacht. Áireofar leis sin an fhéidearthacht cionta coiriúla a thuairisciú ar líne nó trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide eile atá inrochtana agus slán, lena n-áirítear an fhéidearthacht fianaise a chur isteach, go háirithe maidir le cionta coiriúla cibearfhoréigin a thuairisciú;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1a. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag íospartaigh ar chúnaimh agus cúnaimh dlíthiúil, saor in aisce agus i dteanga a thuigeann siad, agus cionta coiriúla á dtuairisciú acu agus le linn imeachtaí breithiúnacha;***

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1b. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla na bearta uile is gá chun a áirithiú go mbeidh an fhianaise uile daingnithe ón tráth is luaithe is féidir, lena n-áirítear trí mhodhanna teicniúla iomchuí.***

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 1 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**1c. *Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear íospartaigh ar aghaidh chuig duine teagmhála speisialaithe laistigh den údaráis inniúil beag beann ar ghearán coiriúil a bheith curtha isteach.***

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 16 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is

gá chun spreagadh a thabhairt d'aon duine a bhfuil a fhios aige nó aici, de mheon macánta, go bhfuil cionta foréigin in aghaidh ban nó foréigean teaghlaigh tar éis tarlú, nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin, chun é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla.

gá chun spreagadh a thabhairt d'aon duine a bhfuil a fhios aige nó aici nó a bhfuil amhras air nó uirthi, de mheon macánta, go bhfuil cionta foréigin in aghaidh ban nó foréigean teaghlaigh tar éis tarlú, nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin, chun é sin a thuairisciú do na húdaráis inniúla gan eagla a bheith orthu faoi iarmhairtí diúltacha.

## **Leasú 142**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na rialacha rúndachta arna bhforchur ag an dlí náisiúnta ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte, ina mbac ar a dtuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go bhfuil garbhaol ann go ndéanfar díobháil thromchúiseach fhisiciúil do dhuine mar gheall ar é a bheith faoi réir aon cheann de na cionta a chumhdaítear faoin Treoir seo. Más leanbh é an t-íospartach, beidh na gairmithe ábhartha in ann tuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go ndearnadh gníomh tromchúiseach foréigin a chumhdaítear faoin Treoir seo nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha tromchúiseacha foréigin.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh na rialacha rúndachta a fhorchuirtear leis an dlí náisiúnta ar ghairmithe ábhartha, amhail gairmithe cúraim sláinte agus oideachais, ina mbacainn ar a dtuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil baol tromchúiseach ann go ndéanfar díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch do dhuine toisc iad a bheith faoi réir aon cheann de na cionta a chumhdaítear faoin Treoir seo. Más leanbh é an t-íospartach, beidh na gairmithe ábhartha in ann tuairisciú do na húdaráis inniúla má tá forais réasúnacha acu chun a chreidiúint go ndearnadh gníomh tromchúiseach foréigin a chumhdaítear faoin Treoir seo nó go bhfuiltear ag súil le tuilleadh gníomhartha foréigin.

## **Leasú 143**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. I gcás ina dtuairiscíonn leanaí cionta coiriúla a bhaineann le foréigean in

*Leasú*

4. I gcás ina dtuairiscíonn leanaí cionta coiriúla a bhaineann le foréigean in



aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, rúnda, deartha agus inrochtana ar bhealach agus i dteanga atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Má bhaineann an cion le sealbhóir na freagrachta tuismitheora, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú nach bhfuil an tuairisciú coinníollach ar thoiliú an duine sin.

aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na nósanna imeachta tuairiscithe sábháilte, rúnda, deartha agus inrochtana ar bhealach agus i dteanga atá fabhrach do leanaí, i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuideoidh gairmithe atá oilte chun oibriú le leanaí le nósanna imeachta tuairiscithe chun a áirithiú gur chun leasa an linbh iad.** Áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh tuairisciú coinníollach ar thoiliú tuismitheora agus nach mbeidh aon oibleagáid ar na húdaráis inniúla sealbhóir freagrachta tuismitheora a chur ar an eolas láithreach faoin tuairisciú.

## Leasú 144

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 16 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh toirmeasc ar na húdaráis inniúla a bheidh i dteagmháil le híospartaigh a thuiriscíonn cionta maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaithe an íospartaigh a aistriú chuig údaráis inniúla imirce, ar a laghad go dtí go mbeidh an chéad mheastóireacht aonair dá dtagraítear in Airteagal 18 curtha i gcrích.

## Leasú 145

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Maidir le daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh, áiritheoidh

*Leasú*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear toirmeasc ar na húdaráis inniúla agus ar sheirbhísí eile a bhíonn i dteagmháil le híospartach a thuiriscíonn cionta foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh sonraí pearsanta a bhaineann le stádas cónaithe an íospartaigh a aistriú chuig na húdaráis inniúla imirce;

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh saineolas leordhóthanach speisialaithe agus uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha ag daoine, aonaid nó seirbhísí a dhéanann

na Ballstáit go bhfuil saineolas leordhóthanach agus uirlisí éifeachtacha imscrúdaitheacha acu chun coireanna den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go háirithe chun fianaise leictreonach a bhailiú, a anailísiú agus a shlánú i gcásanna cibearfhoréigin.

## **Leasú 146**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cionta tuairiscithe maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a phróiseáil agus a aistriú gan mhoill chuig na húdaráis inniúla le haghaidh ionchúisimh agus imscrúdaithe.

## **Leasú 147**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla líomhaintí maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thairfeadh agus a imscrúdú go pras agus go héifeachtach agus áiritheoidh siad go ndéanfar gearán oifigiúil a chomhdú i ngach cás.

## **Leasú 148**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 4**

foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a imscrúdú agus a ionchúiseamh chun coireanna den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach, go háirithe chun fianaise leictreonach a bhailiú, a anailísiú agus a dhaingniú i gcásanna cibearfhoréigin.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cionta tuairiscithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a phróiseáil agus a aistriú gan mhoill chuig na húdaráis inniúla chun bearta cosanta a ghlacadh agus chun críocha imscrúdaithe agus ionchúisimh.

*Leasú*

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla líomhaintí maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a thairfeadh agus a imscrúdú go pras agus go héifeachtach agus áiritheoidh siad go gcoimeádfar tairfead riaracháin i ngach cás agus go gcaomhnófar fianaise, cibé acu an leanann an t-imscrúdú ar aghaidh nó nach leanann.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla íospartaigh a tharchur go pras chuig gairmithe cúraim sláinte nó seirbhísí tacaíochta ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 29 chun cuidiú le fianaise a áirithiú, go háirithe i gcásanna foréigin ghnéasaigh, i gcás inar mian leis an íospartach cúisimh a thabhairt ina leith agus úsáid a bhaint as na seirbhísí sin.

#### **Leasú 149**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 17 – mír 5**

5. Ní bheidh imscrúduithe ar chionta dá dtagraítear in Airteagal 5 ná ionchúiseamh na gcionta sin ag brath ar thuairisciú nó cúiseamh arna dhéanamh ag íospartach nó ag a n-ionadaí, agus leanfar le himeachtaí coiriúla fiú má dhéantar an tuairisc nó an cúiseamh a tharraingt siar.

#### **Leasú 150**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 1**

1. Faoi chuimsiú an mheasúnaithe aonair atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar measúnú ar na gnéithe breise maidir le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh mar a leagtar amach i mír 2 go mír 7 den Airteagal seo.

4. Déanfaidh na húdaráis inniúla íospartaigh a tharchur go pras chuig gairmithe ábhartha cúraim sláinte nó chuig sainseirbhísí tacaíochta ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 27, 28, 29 agus 29a chun cabhrú le fianaise a dhaingniú, go háirithe i gcásanna foréigin ghnéasaigh. **Áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfear íospartaigh ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le fianaise a bhailiú a luaithe is féidir;**

5. Ní bheidh imscrúduithe ar chionta dá dtagraítear in **Airteagal 5, Airteagal 6, agus Airteagal 6c** ná ionchúiseamh na gcionta sin ag brath ar thuairisciú nó cúiseamh arna dhéanamh ag íospartach nó ag a n-ionadaí, agus leanfar le himeachtaí coiriúla fiú má dhéantar an tuairisc nó an cúiseamh a tharraingt siar.

1. Faoi chuimsiú an mheasúnaithe aonair atá le déanamh faoi Airteagal 22 de Threoir 2012/29/AE, áiritheoidh na Ballstáit, maidir le híospartaigh a chumhdaítear leis an Treoir seo, go ndéanfar measúnú ar na heilimintí breise a leagtar amach i míreanna 2 go 7 den Airteagal seo (an ‘measúnú aonair

speisialaithe’).

## Leasú 151

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an measúnú aonair sin a thionscnamh nuair a rachaidh an t-íospartach i dteagmháil den chéad uair leis na húdaráis inniúla. Fíoróidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla ar a dhéanaí an ndearnadh measúnú. Murab amhlaidh an cás, déanfaidh siad an scéal a leigheas trí mheasúnú a dhéanamh a luaithe is féidir.

## Leasú 152

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Díreoidh an measúnú aonair ar an riosca a eascraíonn ón gciontóir, lena n-áirítear an baol foréigin arís agus arís eile, baol díobhála coirp, úsáid arm, an ciontóir a bhfuil cónaí air leis an íospartach, mí-úsáid drugaí nó alcóil an chiontóra, mí-úsáid leanaí, saincheisteanna meabhairshláinte nó iompar stalcaireachta.

*Leasú*

2. Tionscnófar an measúnú aonair speisialaithe gan mhoill nuair a bheidh an t-íospartach i dteagmháil den chéad uair leis na húdaráis inniúla agus is gairmithe a bhfuil saineolas acu sa réimse seo a dhéanfaidh é. Fíoróidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla go tráthúil agus ar a dhéanaí tráth a thionscnaítear imeachtaí coiriúla an ndearnadh measúnú den sórt sin. Murab amhlaidh an cás, déanfaidh siad an scéal a leigheas trí mheasúnú speisialaithe aonair a dhéanamh.

*Leasú*

3. Díreofar sa mheasúnú aonair speisialaithe ar an riosca a bhaineann leis an gciontóir nó leis an amhrastach, lena n-áirítear an baol go ndéanfaí foréigean arís agus arís eile, an méid smachta a bhíonn á fheidhmiú ag an gciontóir nó an té a bhfuil amhras faoi maidir leis an íospartach agus an éifeacht a d’fhéadfadh a bheith aige ar fhianaise a chaomhnú, ar an mbaol go ndéanfaí díobháil choirp nó shíceolaíoch, ar úsáid fhéideartha armán agus ar rochtain fhéideartha ar airm, ar chiontóir nó amhrastach atá ina chónaí leis an íospartach, mí-úsáid drugaí nó alcóil an chiontóra nó amhrastaigh, mí-úsáid leanaí, saincheisteanna meabhairshláinte, lena n-áirítear an baol féinmharaithe, nó iompar

## Leasú 153

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú cúinsí aonair an íospartaigh, lena n-áirítear an bhfuil idirdhealú bunaithe ar mheascán inscne agus foras eile ann agus, dá bhrí sin, an bhfuil baol méadaithe foréigin ann, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar a chuntas féin agus measúnú a dhéanamh ar an gcás. Déanfar é a sheoladh ar mhaithe le leas an íospartaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá le híospairt thánaisteach nó íospairt arís agus arís eile a sheachaint.

*Leasú*

4. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú aonair speisialaithe imthosca aonair an íospartaigh, lena n-áirítear an ndéantar idirdhealú orthu bunaithe ar mheascán gnéis, inscne agus forais eile amhail dá dtagraítear in Airteagal 35(1) agus, dá bhrí sin, go bhfuil baol níos airde foréigin rompu. ***Áireofar sna himthosca a éillonn aird ar leith go bhfuil an t-íospartach torrach, go bhfuil an t-íospartach ag brath ar an gciontóir nó go bhfuil gaol aige leis, an riosca go bhfillfidh an t-íospartach ar an gciontóir nó amhrastach, scaradh ó chiontóir nó amhrastach le déanaí, an riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go n-úsáidfí leanaí agus ainmhithe coimhdeachta chun an t-íospartach a rialú agus na rioscaí d'íospartaigh faoi mhíchumas.*** Tabharfar aird ar leith freisin ar chuntas an íospartaigh féin agus ar mheasúnú ar an gcás. Déanfar é a sheoladh ar mhaithe le leas an íospartaigh, agus aird ar leith á tabhairt ar an ngá le híospairt thánaisteach nó íospairt arís agus arís eile a sheachaint.

## Leasú 154

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 5 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta cosanta leordhóthanacha ar bhonn an mheasúnaithe aonair, amhail:

*Leasú*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta cosanta leordhóthanacha ar bhonn an mheasúnaithe speisialaithe aonair, amhail:

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 5 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) orduithe urchoisc agus srianta éigeandála nó orduithe cosanta a dheonú de bhun Airteagal 21 den Treoir seo;

*Leasú*

(b) orduithe urchoisc agus srianta nó cosanta éigeandála a dheonú agus úsáid gabhála agus coinneála de bhun Airteagal 21 den Treoir seo;

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Déanfar an measúnú aonair i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha go léir ag brath ar chéim na n-imeachtaí, agus ar sheirbhísí tacaíochta ábhartha, amhail ionaid chosanta íospartach agus ionaid dídine do mhná, seirbhísí sóisialta agus gairmithe cúraim sláinte.

*Leasú*

6. Déanfar an measúnú speisialaithe aonair i gcomhar leis na húdaráis inniúla ábhartha uile ag brath ar chéim na n-imeachtaí agus ar na seirbhísí tacaíochta ábhartha, amhail ionaid cosanta íospartach, seirbhísí speisialaithe ban agus leanaí, ionaid dídine, seirbhísí sóisialta, seirbhísí cosanta nó leasa leanaí, gairmithe cúraim sláinte, sainseirbhísí tacaíochta d'íospartaigh LGBTIQ agus geallsealbhoirí ábhartha eile.

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 18 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun a áirithiú go mbaineann na bearta cosanta le staid reatha an íospartaigh. Áireofar leis sin measúnú i dtaobh an gá bearta cosanta, go háirithe

*Leasú*

7. Déanfaidh na húdaráis inniúla an measúnú speisialaithe aonair a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, lena n-áirítear le linn tréimhsí tábhachtacha i gcás ina n-athraítear cearta caomhnóireachta nó cearta rochtana, chun a áirithiú go mbaineann na bearta cosanta le staid reatha

faoi Airteagal 21, a oiriúnú nó a dhéanamh.

an íospartaigh. Áireofar sa mheasúnú speisialaithe aonair meastóireacht ar cé acu is gá nó nach gá bearta cosanta, go háirithe faoi Airteagal 21, a oiriúnú nó a dhéanamh.

## Leasú 158

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 18 – mír 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Toimhdeofar go bhfuil riachtanais shonracha chosanta ag cleithiúnaithe na n-íospartach gan dul faoi na measúnuithe dá dtagraítear i mír 1 go mír 6.

*Leasú*

8. Toimhdeofar go bhfuil riachtanais shonracha chosanta ag cleithiúnaithe íospartach gan measúnú speisialaithe aonair a dhéanamh.

## Leasú 159

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Agus an measúnú aonair dá dtagraítear in Airteagal 18 á chur san áireamh, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar riachtanais tacaíochta an íospartaigh agus a gcleithiúnaí féin dá bhforáiltear faoi Chaibidil 4.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, agus an measúnú speisialaithe aonair á chur san áireamh, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú rialta ar riachtanais aonair an íospartaigh agus ar a gcleithiúnaithe maidir le tacaíocht dá bhforáiltear faoi Chaibidil 4 (an ‘measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta na n-íospartach’).

## Leasú 160

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Ní bheidh an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta na n-íospartach agus soláthar seirbhísí tacaíochta ag brath ar íospartach an chiona choiriúil a thuairisciú.***

## Leasú 161

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 19 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh feidhm ag Airteagal 18(4) agus (7) maidir leis an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta faoi mhír 1 den Airteagal seo.

*Leasú*

2. Beidh feidhm mutatis mutandis ag Airteagal 18(4), (6) agus (7) maidir leis an measúnú aonair ar riachtanais tacaíochta íospartach.

## Leasú 162

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 20 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Más rud é go mbeidh riachtanais shonracha tacaíochta nó cosanta sainaitheanta ag na measúnuithe dá dtagraítear in Airteagal 18 agus in Airteagal 19 nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí tacaíochta i dteagmháil le híospartaigh chun tacaíocht a thairiscint.

*Leasú*

1. Má sainaithníodh sa mheasúnú speisialaithe aonair agus sa mheasúnú aonair ar riachtanais tacaíochta na n-íospartach riachtanais shonracha cosanta nó tacaíochta nó má iarrann an t-íospartach tacaíocht, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh seirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear sainseirbhísí tacaíochta do mhná, teagmháil le híospartaigh chun tacaíocht a thairiscint, agus aird chuí á tabhairt ar a sábháilteacht.

## Leasú 163

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 20 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Freagróidh na húdaráis inniúla iarrataí ar chosaint agus ar thacaíocht ar bhealach tráthúil comhordaithe.

*Leasú*

2. Freagróidh na húdaráis inniúla iarrataí ar chosaint agus ar thacaíocht, lena n-áirítear cúram leighis, gan mhoill agus ar bhealach comhordaithe.



## Leasú 164

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 20 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás inar gá, beidh siad in ann íospartaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear finnétithe, a tharchur chuig seirbhísí tacaíochta gan toiliú roimh ré ó shealbhóir na freagrachta tuismitheora.

*Leasú*

3. I gcás inar gá, áiríteoidh na Ballstáit gur féidir leis na húdaráis inniúla íospartaigh ar leanaí iad, lena n-áirítear finnétithe, a tharchur chuig sainseirbhísí tacaíochta gan toiliú a fháil roimh ré ó shealbhóir na freagrachta tuismitheora.

## Leasú 165

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 21 – teideal

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Orduithe coiscthe éigeandála, sriantachta agus cosanta

*Leasú*

Orduithe urchoisc, srianta agus cosanta éigeandála, gabháil agus coinneáil

## Leasú 166

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 21 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcásanna ina mbeidh contúirt láithreach ann do shláinte nó do shábháilteacht an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe, go n-eiseoidh na húdaráis inniúla orduithe a dhírítear ar chiontóir foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo chun áit chónaithe an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe a fhágáil ar feadh tréimhse leordhóthanach ama agus chun cosc a chur ar an gciontóir dul isteach san áit chónaithe nó teagmháil a dhéanamh leis an íospartach nó lena gcleithiúnaithe ar bhealach ar bith. Beidh éifeacht láithreach ag orduithe den sórt sin agus ní bheidh siad ag brath ar íospartach a thuairiscíonn an

*Leasú*

1. Áiríteoidh na Ballstáit, i gcásanna ina mbeidh contúirt ann do shláinte nó do shábháilteacht an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe, go n-eiseoidh na húdaráis inniúla orduithe gan mhoill a dhírítear ar chiontóir nó duine faoi amhras foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo chun áit chónaithe an íospartaigh nó a gcleithiúnaithe a fhágáil ar feadh tréimhse leordhóthanach ama agus chun toirmeasc a chur ar an gciontóir nó ar an amhrastach dul isteach san áit chónaithe sin nó ar láthair oibre an íospartaigh, nó teacht níos gaire ná achar forordaithe dóibh nó teagmháil a dhéanamh leis an íospartach,

cion coiriúil.

lena gcleithiúnaithe nó lena n-ionad oibre ar bhealach ar bith. Beidh éifeacht láithreach ag orduithe den sórt sin agus ní bheidh siad ag brath ar íospartach a thuairiscíonn an cion coiriúil. ***Féadfaidh orduithe den sórt sin a bheith comhlántach le horduithe mar atá leagtha amach i mír 2 agus i mír 2a.***

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2a. Áiritheoidh na Ballstáit go n-úsáidfear bearta faireacháin leictreonacha nó bearta maoirseachta eile chun forfheidhmiú na n-orduithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a áirithiú agus chun cosaint an íospartaigh a mhéadú.***

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***2b. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na húdaráis inniúla breithniú ar ordú a thabhairt, gan mhoill, chun duine a bhfuil amhras faoi a ghabháil agus a choinneáil i gcásanna ina bhfuil contúirt láithreach ann don íospartach nó do na cleithiúnaithe nó chun fianaise a chaomhnú.***

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2c.** *Áiritheoidh na Ballstáit nach n-úsáidfeadh orduithe urchoisc, srianta nó cosanta éigeandála mar ionadach ar ghabháil agus ar choinneáil i gcás ina bhfuil baol ann go ndéanfar foréigean tromchúiseach arís agus arís eile i gcoinne íospartaigh nó cleithiúnaithe.*

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 2 d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2d.** *I gcás ina bhfuil ciontóir faoi réir coinneála, áiritheoidh na húdaráis inniúla go gcuirfeadh an t-íospartach ar an eolas nuair a scaoilfeadh saor an ciontóir.*

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Beidh aon sárúithe ar urchosc éigeandála nó ar orduithe sriantachta agus cosanta faoi réir pionóis choiriúla nó pionóis dhlíthiúla eile atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

4. Beidh aon sárúithe ar urchosc éigeandála nó ar orduithe sriantachta agus cosanta faoi réir pionóis choiriúla nó pionóis dhlíthiúla eile atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. **Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfeadh íospartaigh ar an eolas faoi aon sárú ar orduithe den sórt sin. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás inar sáraíodh ordú den sórt sin, go ndéanfaidh na húdaráis inniúla measúnú láithreach ar an ngarbhaol féideartha go ndéanfaí díobháil agus go ndéanfaidh siad na bearta cosanta is gá.**

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 21 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**4a. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcásanna ina n-eisítear orduithe urchoisc, srianta nó cosanta, go gcuirfear déantóirí na coire ar an eolas faoi chlár speisialaithe lena dtugtar aghaidh ar fhoréigean inscnebhunaithe.**

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte do na húdaráis inniúla atá ag gníomhú in imeachtaí coiriúla, lena n-áirítear treoirlínte ionchúisimh agus breithiúnacha, maidir le cásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh. Aireofar sna treoirlínte sin treoir maidir leis an méid seo a leanas:

Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte speisialaithe do na húdaráis inniúla atá ag gníomhú in imeachtaí coiriúla agus, i gcás inarb ábhartha, in imeachtaí sibhialta, amhail imeachtaí coimeádta, lena n-áirítear treoirlínte ionchúisimh agus breithiúnacha, maidir le cásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh. Beidh na treoirlínte sin inscne-íogair agus beidh treoir iontu maidir leis an méid seo a leanas:

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(a) conas is féidir a áirithiú go ndéanfar gach cineál foréigin den sórt sin a shainnithint go cuí;

(a) conas is féidir a áirithiú go ndéanfar gach cineál foréigin den sórt sin a shainnithint go cuí agus go ndéanfar fianaise ábhartha a bhailiú agus a chaomhnú, lena n-áirítear fianaise ar líne;

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) An bealach leis an measúnú aonair a dhéanamh faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19;

*Leasú*

(b) conas measúnú aonair speisialaithe agus measúnú aonair a dhéanamh ar riachtanais tacaíochta na n-íospartach, lena n-áirítear a mhinice atá measúnuithe den sórt sin le nuashonrú;

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***(ba) conas orduithe urchoisc éigeandála, srianta nó cosanta a fháil gan mhoill, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil éifeacht láithreach acu;***

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) Conas cóir leighis a chur ar íospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne agus leanáí de;

*Leasú*

(c) conas cóir leighis a chur ar íospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne, míchumais, agus ar bhealach atá íogair do leanáí agus conas ceart an linbh chun éisteacht a fháil agus leas an linbh a áirithiú;

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe d**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(d) conas a áirithiú go seolfar na himeachtaí ar bhealach lena gcoiscfear íospairt thánaisteach nó athíospairt;

*Leasú*

(d) conas a áirithiú go gcaithfear le híospartaigh ar bhealach measúil agus go seolfar na himeachtaí ar bhealach lena gcoiscfear íospairt thánaisteach nó athíospairt;

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe e**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) Conas freastal ar riachtanais fheabhsaithe cosanta agus tacaíochta íospartach a bhfuil idirdhealú á dhéanamh orthu bunaithe ar mheascán de ghnéas agus d'fhorais eile;

*Leasú*

(e) conas freastal ar riachtanais fheabhsaithe cosanta, leighis agus tacaíochta na n-íospartach a ndéantar idirdhealú trasnach orthu bunaithe ar mheascán de ghnéas, d'inscne agus d'fhorais eile dá dtagraítear in Airteagal 35 (1);

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe f**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(f) conas steiréitiopaí inscne a sheachaint;

*Leasú*

(f) conas steiréitiopaí inscne a shainnithint agus a sheachaint;

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 23 – mír 1 – pointe g**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(g) conas íospartaigh a tharchur chuig seirbhísí tacaíochta, chun a áirithiú go gcaithfear go hiomchuí le híospartaigh agus go ndéileálfar le cásanna foréigin in

*Leasú*

(g) conas íospartaigh a tharchur chuig sainseirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí leighis, chun a áirithiú go gcuirfear cóireáil iomchuí ar íospartaigh

aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh.

agus go ndéileálfar le cásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh gan mhoill;

## **Leasú 182**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 23 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Déanfar na treoirlínte dá dtagraítear sa chéad mhír a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, ag féachaint don chaoi a bhfuil feidhm acu sa chleachtas, i gcomhairle agus i gcomhar le sainseirbhísí, lena n-áirítear sainseirbhísí tacaíochta do mhná.***

## **Leasú 183**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 24 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Ról na gcomhlachtaí náisiúnta agus na gcomhlachtaí comhionannais

Ról na gcomhlachtaí náisiúnta agus na gcomhlachtaí comhionannais agus gníomhaithe ábhartha speisialaithe eile

## **Leasú 184**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

Ainmneoidh na Ballstáit agus déanfaidh siad an socrú is gá chun gur féidir leis an gcomhlacht nó leis na comhlachtaí na cúraimí seo a leanas a chur i gcrích:

Ainmneoidh na Ballstáit agus déanfaidh siad an socrú is gá chun go ndéanfaidh comhlacht nó comhlachtaí nó gníomhaithe ábhartha speisialaithe eile na cúraimí seo a leanas:

## **Leasú 185**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon saincheist a bhaineann leis na cineálacha foréigin sin;

*Leasú*

(b) tuarascálacha neamhspleácha a fhoilsiú agus moltaí a dhéanamh maidir le haon saincheist a bhaineann le cineálacha foréigin den sórt sin, lena n-áirítear an deachleachtas atá ann cheana a bhailiú;

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) faisnéis atá ar fáil a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne.

*Leasú*

(c) tacú le bailiú sonraí agus an fhaisnéis atá ar fáil a mhalartú le comhlachtaí Eorpacha comhfhreagracha amhail an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne;

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 24 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 gníomhú thar ceann nó chun tacú le híospartach amháin nó roinnt íospartach nó níos mó as gach cineál foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear an t-iarratas ar chúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 26 agus an t-ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 29 a bhaint, le formheas na n-íospartach.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na comhlachtaí nó gníomhaithe ábhartha speisialaithe eile dá dtagraítear i mír 1 gníomhú thar ceann íospartach amháin nó roinnt íospartach foréigin in aghaidh na mban nó foréigin teaghlaigh nó chun tacú leo in imeachtaí breithiúnacha, lena n-áirítear maidir leis an iarratas ar chúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 26 agus maidir leis an ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhaint, le formheas na n-íospartach.



## Leasú 188

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbainfear ábhar dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointe (c), agus Airteagal 9 agus Airteagal 10. Áireofar ar na bearta sin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh a n-údaráis bhreithiúnacha inniúla, ar iarratas ón íospartach, dlíchórais cheangailteacha a eisiúint chun ábhar den sórt sin atá dírithe ar sholáthraithe ábhartha seirbhísí idirmheánacha a bhaint.

## Leasú 189

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir orduithe dá dtagraítear i mír 1 a eisiúint in imeachtaí eatramhacha, fiú sula bhfoirceannfar aon imeachtaí coiriúla maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointe (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 i gcás ina measfaidh an t-údarás breithiúnach a urghabhadh an méid seo a leanas:

## Leasú 190

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 2 – pointe a

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar ábhar dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointí (a) agus (c), Airteagal 9 agus Airteagal 10, a bhfuil rochtain ag an bpobal air ar líne, a bhaint nó a dhíchumasú go pras. Áireofar ar na bearta sin foráil a dhéanamh go bhféadfaidh a n-údaráis bhreithiúnacha inniúla, ar iarratas ón íospartach, dlíchórais cheangailteacha a eisiúint chun ábhar den sórt sin atá dírithe ar sholáthraithe ábhartha seirbhísí idirghabhálacha, a bhaint.

*Leasú*

2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir orduithe a eisiúint in imeachtaí eatramhacha chun rochtain ar ábhar dá dtagraítear in Airteagal 7, pointe (a) nó (b), Airteagal 8, pointe (a) nó (c), nó Airteagal 9 nó Airteagal 10 a dhíchumasú, fiú sula bhfoirceannfar aon imeachtaí coiriúla maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointí (a) agus (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 i gcás ina measann an t-údarás breithiúnach a urghabhadh an méid seo a leanas:

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) gur tugadh fianaise leordhóthanach dó chun bonn cirt a thabhairt don chonclúid gur dócha go ndearnadh an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointe (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 i leith an iarratasóra agus gur ábhar é an t-ábhar arb é cuspóir an iarratais é dá dtagraítear sna hairteagail sin;

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 25 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) gur gá an t-ábhar sin a bhaint chun dochar don íospartach a chosc nó a theorannú;

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 25 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh orduithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 bailí ar feadh tréimhse iomchuí ama nach faide ná bliain amháin, faoi réir a n-athnuachana ar feadh tréimhse ama iomchuí bhreise, ar iarratas ón íospartach, i gcás ina measann an t-údarás breithiúnach a urghabhtar go bhfuil coinníollacha mhír 2 á gcomhlíonadh i gcónaí. Áiritheoidh na Ballstáit, áfach, i gcás ina ndéanfar imeachtaí coiriúla maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, i bpointe (a) agus i bpointe (b), in Airteagal 8, i bpointe (c), in Airteagal 9 nó in Airteagal 10 a

*Leasú*

(a) go dtíolactar fianaise leordhóthanach chun bonn cirt a thabhairt don chonclúid gur dócha go raibh an t-iompar dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointí (a) agus (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 i leith an iarratasóra agus gur ábhar é an t-ábhar arb é cuspóir an iarratais é dá dtagraítear sna hairteagail sin;

*Leasú*

(b) gur gá rochtain ar an ábhar sin a bhaint anuas nó a dhíchumasú chun díobháil shuntasach don íospartach a chosc nó a theorannú;

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh orduithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 bailí ar feadh tréimhse iomchuí ama nach faide ná bliain amháin, faoi réir a n-athnuachana ar feadh tréimhse ama iomchuí bhreise, ar iarratas ón íospartach, i gcás ina measann an t-údarás breithiúnach a urghabhtar go bhfuil coinníollacha mhír 2 á gcomhlíonadh i gcónaí. Áiritheoidh na Ballstáit, áfach, i gcás ina ndéanfar imeachtaí coiriúla maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, **pointe (a), agus, i gcás ina mbaineann sé le hábhar atá ar fáil go**

fhoirceannadh gan cinneadh a bheith déanta go ndearnadh cion den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go neamhbhaileofar na horduithe agus go gcuirfear an soláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin.

*poiblí*, pointe (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 a fhoirceannadh gan cinneadh a bheith déanta go ndearnadh cion den sórt sin, áiritheoidh na Ballstáit go neamhbhaileofar na horduithe agus go gcuirfear an soláthraí seirbhísí idirghabhálacha lena mbaineann ar an eolas faoin méid sin. **Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina dtagann imeachtaí coiriúla maidir leis na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointe (a) nó (b), Airteagal 8, pointe (a) nó (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10 i gcrích agus cinneadh déanta go ndearnadh cion den sórt sin, go mbeidh na horduithe dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo buan.**

## Leasú 193

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na horduithe agus na bearta eile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 de réir nósanna imeachta trédhearcacha agus go mbeidh siad faoi réir coimircí leordhóthanacha, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh na horduithe agus na bearta eile sin teoranta don mhéid is gá agus is comhréireach agus go dtabharfar aird chuí ar chearta agus leasanna na bpáirtithe uile lena mbaineann.

## Leasú 194

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na soláthraithe seirbhíse

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na horduithe agus na bearta eile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 de réir nósanna imeachta trédhearcacha agus go mbeidh siad faoi réir coimircí leordhóthanacha, go háirithe chun a áirithiú go mbeidh na horduithe agus na bearta eile sin teoranta dá bhfuil riachtanach agus comhréireach agus go dtabharfar aird chuí ar chearta agus leasanna na bpáirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear a gcearta bunúsacha i gcomhréir leis an gCairt.

*Leasú*

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh na soláthraithe seirbhíse

idirmheánacha lena mbaineann úsáideoirí na seirbhísí ábhartha ar an eolas, i gcás inarb iomchuí, faoi na cúiseanna le rochtain ar an ábhar a bhaint nó a bhlocáil de bhun na n-orduithe nó na mbeart eile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 agus go mbeidh rochtain ag na húsáideoirí sin ar shásamh breithiúnach.

idirghabhálacha lena mbaineann úsáideoir deiridh na seirbhísí ábhartha a chuir an t-ábhar faoi réir ordú breithiúnach ar fáil ar líne ar an eolas, i gcás inarb iomchuí, faoi na cúiseanna atá leis an ábhar a bhaint nó rochtain air a dhíchumasú de bhun na n-orduithe nó na mbeart eile dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 agus go bhfuil rochtain ag na húsáideoirí deiridh sin ar shásamh breithiúnach.

## **Leasú 195**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 25 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, maidir le rochtain ar an ábhar a bhaint nó a bhlocáil de bhun na n-orduithe nó na mbeart eile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, nach gcuirfear cosc ar na húdaráis inniúla an fhianaise is gá a fháil nó a fháil chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointe (c), Airteagal 9 nó Airteagal 10.

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighfear agus go slánófar fianaise gan moill mhíchúí tar éis an cion a thuairisciú. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach gcuirfidh baint an ábhair nó díchumasú na rochtana ar an ábhar de bhun na n-orduithe nó na mbeart eile dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 cosc ar na húdaráis inniúla an fhianaise is gá a fháil nó a dhaingniú chun na cionta dá dtagraítear in Airteagal 7, pointí (a) agus (b), Airteagal 8, pointe (a), agus, i gcás ina mbaineann sé le hábhar atá ar fáil go poiblí, i bpointe (c), in Airteagal 9 nó in Airteagal 10 a imscrúdú agus a ionchúiseamh.

## **Leasú 196**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag íospartaigh cúiteamh iomlán a éileamh ó chiontóirí as damáistí a eascraíonn as gach cineál foréigin in

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an ceart ag íospartaigh cúiteamh iomlán a éileamh ó chiontóirí as damáistí a eascraíonn as gach cineál foréigin in

aghaidh na mban nó as foréigean teaghlaigh.

aghaidh na mban nó as foréigean teaghlaigh. *I gcás nach gcloífidh ciontóirí leis an gcinneadh cúiteamh a íoc leis an íospartach laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh, áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain ag na híospartaigh ar na scéimeanna cúitimh atá ann cheana.*

## Leasú 197

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áireofar sa damáiste costais do sheirbhísí cúraim sláinte, seirbhísí tacaíochta, athshlánú, caillteanas ioncaim agus costais réasúnacha eile a tháinig chun cinn mar thoradh ar an gcion nó chun iarmhairtí an chiona a bhainistiú. Cúiteoidh méid na ndamáistí a dhámhfar díobháil fhisiceach agus shíceolaíoch agus dochar morálta freisin.

*Leasú*

4. Áireofar leis an damáiste costais a bhaineann le seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe agus síceolaíochta, seirbhísí tacaíochta, athshlánú, caillteanas ioncaim agus costais réasúnacha eile a tháinig chun cinn mar thoradh ar an gcion nó chun iarmhairtí an chiona a bhainistiú. Tabharfar cúiteamh freisin i méid na ndamáistí a dhámhfar as díobháil fhisiciúil nó shíceolaíoch, amhail íospairt thánaisteach, agus dochar morálta.

## Leasú 198

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 26 – mír 5 – fomhír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Ní bheidh an tréimhse teorann chun éileamh ar chúiteamh a dhéanamh níos giorra ná 5 mbliana ón tráth a dhéantar an cion.

*Leasú*

5. Ní bheidh na tréimhsí teorann chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh as na cionta dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 11 níos lú ná na tréimhsí teorann comhfhreagracha do na cionta sin a leagtar amach in Airteagal 15. Maidir leis na tréimhsí teorann chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh as gníomhartha foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh mar a choirítear iad faoi ionstraimí eile de chuid dhlí an Aontais agus maidir le haon ghníomhartha eile

foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh mar a choirítear faoin dlí náisiúnta iad, ní bheidh na tréimhsí sin níos lú ná 5 bliana ón uair a rinneadh an cion.

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 26 – mír 5 – fomhír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Cuirfear tús leis an tréimhse teorann chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh i gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 7 le heolas an íospartaigh ar an gcion.

*Leasú*

Cuirfear tús leis an tréimhse teorann, chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 7 go hAirteagal 10, agus fios ag an íospartach faoin gcion.

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 26 – mír 5 – fomhír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Is ón tráth a rinneadh an cion a thosóidh an tréimhse teorann chun éileamh a dhéanamh ar chúiteamh as cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 6d.***

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tacaíocht speisialaithe d'íospartaigh

*Leasú*

Tacaíocht ghinearálta agus speisialaithe d'íospartaigh

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na seirbhísí speisialaithe tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Threoir 2012/29/AE na nithe seo a leanas, ar a laghad, a sholáthar d'íospartaigh na ngníomhartha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo: Soláthróidh na sainseirbhísí tacaíochta an méid seo a leanas:

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) Comhairle agus faisnéis maidir le haon nithe ábhartha dlí nó praiticiúla a eascraíonn de thoradh na coire, lena n-áirítear maidir le rochtain ar thithíocht, ar oideachas, ar oiliúint agus ar chúnamh chun fanacht i bhfostaíocht nó fostaíocht a fháil;

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 1 – pointe b**

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí ginearálta tacaíochta d'íospartaigh agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe dá dtagraítear in Airteagal 8 agus in Airteagal 9 de Threoir 2012/29/AE ar fáil d'íospartaigh gníomhartha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo agus go gcomhoibreoidh soláthraithe na seirbhísí sin lena chéile chun a áirithiú go ndéanfar soláthar na seirbhísí sin a chomhordú. Soláthróidh na seirbhísí tacaíochta ginearálta an méid seo a leanas díospartaigh, ***ag an gcéim is luaithe is féidir***:

*Leasú*

(a) Comhairle agus faisnéis maidir le haon ábhar ábhartha dlíthiúil, sóisialta nó praiticiúil a thagann chun cinn mar thoradh ar an gcoir, lena n-áirítear maidir le rochtain ar thithíocht cúraim sláinte, oideachas, oiliúint agus cúnamh chun fanacht i bhfostaíocht nó fostaíocht a fháil, cúram leanaí, cúnamh airgeadais agus sochair agus maidir le tarchuir chuig sainseirbhísí tacaíochta ábhartha, lena n-áirítear seirbhísí ábhartha scoir;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) tarchuir chuig scrúduithe fóirínseacha leighis;

*Leasú*

(b) atreorú chuig scrúduithe fóirínseacha leighis, lena n-áirítear seirbhísí cuimsitheacha cúraim sláinte, comhairleoireacht shíceolaíoch, ionaid éigeandála um éigniú, ionaid tacaíochta do mhná, ionaid dídine do mhná, ionaid atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach agus seirbhísí coisctheacha príomhúla;

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) tacaíocht d'íospartaigh an chibearfhoréigin, lena n-áirítear comhairle maidir le leigheasanna breithiúnacha agus leigheasanna chun ábhar ar líne a bhaineann leis an gcoireacht a bhaint.

*Leasú*

(c) tacaíocht d'íospartaigh an chibearfhoréigin, lena n-áirítear maidir le conas fianaise agus comhairle a fháil maidir le leigheasanna breithiúnacha agus leigheasanna chun ábhar ar líne a bhaineann leis an gcoireacht a bhaint;

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Soláthróidh sainseirbhísí tacaíochta an méid seo a leanas, ag an gcéim is luaithe is féidir:***

***(a) Comhairle agus faisnéis maidir le haon ábhair ábhartha dhlíthiúla, shóisialta nó phraiticiúla a eascraíonn as foréigean in aghaidh na mban agus as foréigean teaghlaigh, go háirithe maidir le rochtain ar shainseirbhísí na mban, lena n-áirítear ar ionaid tacaíochta do mhná, ar dhídean do mhná, ar línte cabhracha, ar éigeandáil éignithe nó ar ionaid atreorúcháin maidir le foréigean***



*gnéasach, seirbhísí príomhúla um chosc, seirbhísí scoir, agus maidir le rochtain ar na seirbhísí tacaíochta speisialaithe eile dá dtagraítear in Airteagal 29;*

*(b) comhairleoireacht shíceolaíoch ghearrthéarmach agus fhadtéarmach, cúram tráma, comhairleoireacht dhlíthiúil, seirbhísí abhcóideachta agus for-rochtana, agus seirbhísí sonracha do leanaí mar íospartaigh nó mar fhinnéithe;*

*(c) comhairle maidir le fianaise fhóiréinseach leighis a bhailiú i gcásanna éignithe agus ionsaithe ghnéasaigh;*

*(d) tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh trí chur chuige trasnach, cur chun feidhme modheolaíochtaí cumhachtaithe a chuirtear ar fáil i spás sábháilte agus atá curtha in oiriúint do riachtanais na n-íospartach, agus urraim á tabhairt do ghníomhaireacht na n-íospartach maidir le cinní agus céimeanna ina bpróiseas téarnaimh.*

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar an tacaíocht speisialaithe dá dtagraítear i mír 1 a thairiscint go pearsanta agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ar líne nó trí mhodhanna leordhóthanacha eile, amhail teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, atá saincheaptha do riachtanais íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh.

*Leasú*

2. Déanfar saintacaíocht dá dtagraítear i mír 1a a thairiscint go pearsanta agus beidh rochtain éasca uirthi, lena n-áirítear ar líne nó trí mhodhanna leordhóthanacha eile, amhail teicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide, a dháileadh go geografach go leordhóthanach, bacainní teicneolaíochta a sheachaint, agus a chur in oiriúint do riachtanais íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. ***Is é is aidhm don tacaíocht speisialaithe sin a áirithiú go mbeidh sé de chúram casta íospartaigh a chumhachtú trí thacaíocht agus cúnaimh***

*barrmhaith a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha. Cuirfear tacaíocht speisialaithe den sórt sin ar fáil i dteanga is féidir leis an íospartach a thuiscint agus ar bhealach atá oiriúnach ó thaobh aoise de don íospartach;*

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**3. *Áiritheoidh na Ballstáit dóthain acmhainní daonna agus airgeadais chun na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a sholáthar, go háirithe na seirbhísí dá dtagraítear i bpointe c den mhír sin, lena n-áirítear i gcás ina soláthraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha na seirbhísí sin.***

*Leasú*

*scriosta*

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**4. Soláthróidh na Ballstáit na seirbhísí cosanta agus na seirbhísí tacaíochta speisialaithe is gá chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais iolracha na n-íospartach ag an áitreabh céanna, nó chun seirbhísí den sórt sin a chomhordú trí phointe teagmhála lárnach, nó trí rochtain ilfhreastail ar líne ar na seirbhísí sin. Áireofar ar na tairiscintí seirbhísí comhcheangailte sin ar a laghad cúram liachta agus seirbhísí sóisialta céad lámhe, tacaíocht shíceasóisialta, seirbhísí dlíthiúla agus seirbhísí póilíneachta.**

*Leasú*

**4. Soláthróidh na Ballstáit na seirbhísí cosanta, leighis agus tacaíochta speisialaithe is gá chun aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar riachtanais iolracha íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh san áitreabh céanna, nó beidh na seirbhísí sin á gcomhordú acu trí chur chuige ilghníomhaireachta, agus trí phointe teagmhála lárnach, nó trí rochtain ilfhreastail ar líne ar na seirbhísí sin, lena n-áirítear iad siúd a sholáthraíonn eagraíochtaí neamhrialtasacha. ***Beidh prótacail atreoruithe shoiléire ag seirbhísí den sórt sin.*** Áireofar i dtairiscint chomhcheangailte seirbhísí den sórt sin**

cúram leighis pearsanta ar a laghad, atreorú chuig cúram leighis breise, seirbhís sóisialta, agus tacaíocht shíceasóisialta, seirbhís dlí, agus seirbhís póilíneachta. ***I gcás inar gá, éascófar athshlánú agus lánpháirtíú socheacnamaíoch tar éis an teacht i dtír ghnéasaigh trí shainseirbhís tacaíochta;***

## Leasú 210

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 27 – mír 5

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte agus prótacail do ghairmithe cúraim sláinte agus do ghairmithe seirbhísí sóisialta maidir le híospartaigh gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a shainaitheint agus a sholáthar dóibh, lena n-áirítear íospartaigh a atreorú chuig na seirbhísí tacaíochta ábhartha. Tabharfar le fios freisin sna treoirlínte agus sna prótacail sin conas aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha íospartach atá i mbaol méadaithe an fhoréigin sin mar thoradh ar idirdhealú atá déanta acu bunaithe ar mheascán d’idirdhealú inscne agus ar fhorais eile idirdhealaithe.

*Leasú*

5. Eiseoidh na Ballstáit treoirlínte agus prótacail le haghaidh seirbhísí ginearálta tacaíochta d’íospartaigh amhail gairmithe seirbhíse cúraim sláinte, seirbhíse sóisialta agus cosanta leanáí maidir le tacaíocht iomchuí a shainaitheint agus a chur ar fáil d’íospartaigh de gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh, lena n-áirítear maidir le híospartaigh a atreorú chuig na seirbhísí ábhartha leighis agus speisialaithe tacaíochta agus íospairt thánaisteach a sheachaint. Léireofar sna treoirlínte agus sna prótacail sin freisin conas aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na n-íospartach atá i mbaol méadaithe foréigin den sórt sin mar thoradh ar idirdhealú a rinneadh orthu bunaithe ar mheascán gnéis nó inscne agus ar fhorais eile idirdhealaithe. ***Cruthófar treoirlínte den sórt sin ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne, tráma agus leanáí de i gcomhar leis na soláthraithe seirbhíse ginearálta tacaíochta d’íospartaigh agus le soláthraithe seirbhíse tacaíochta speisialaithe agus déanfar iad a athbhreithniú ar bhonn rialta;***

## Leasú 211

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh seirbhísí speisialaithe tacaíochta de bheith ag feidhmiú go hiomlán d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh tráth géarchéime, amhail géarchéimeanna sláinte nó staideanna éigeandála eile.

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 27 – mír 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh sainseirbhísí tacaíochta ar fáil d'íospartaigh roimh imeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina ndiaidh.

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 28 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh na Ballstáit foráil d'ionaid atreorúcháin um éigniú nó d'fhoréigean gnéasach atá feistithe go hiomchuí agus a bhfuil rochtain éasca

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh seirbhísí tacaíochta speisialaithe, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta leighis, de bheith go hiomlán oibríochtúil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh le linn géarchéime, amhail géarchéimeanna sláinte nó staideanna éigeandála eile;

*Leasú*

7. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh gach seirbhís ghinearálta tacaíochta d'íospartaigh agus gach sainseirbhís tacaíochta, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta leighis, ar fáil d'íospartaigh gan mhoill agus saor in aisce. ***Ní bheidh rochtain ar sheirbhísí den sórt sin coinníollach ar thoilteanas an íospartaigh gearán a dhéanamh i gcoinne an chiontóra chuig údarás inniúil.*** Beidh rochtain ar sheirbhísí den sórt sin ar fáil roimh imeachtaí coiriúla, lena linn agus ar feadh tréimhse iomchuí ina ndiaidh;

orthu chun tacaíocht éifeachtach d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh a áirithiú, lena n-áirítear cúnaimh a thabhairt fianaise a chaomhnú agus a dhoiciméadú. Déanfaidh na hionaid sin foráil do scrúduithe liachta agus fóiréinseacha, tacaíocht tráma agus comhairleoireacht shíceolaíoch, tar éis an cion a bheith déanta agus fad is gá ina dhiaidh sin. I gcás inar leanbh an t-íospartach, cuirfear na seirbhísí sin ar fáil ar bhealach atá fabhrach don leanbh.

orthu chun tacaíocht éifeachtach d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh a áirithiú, lena n-áirítear cúnaimh a thabhairt fianaise a chaomhnú agus a dhoiciméadú. Déanfaidh na hionaid sin foráil maidir le cúram leighis agus scrúduithe fóiréinseacha, atreorú tráthúil chuig seirbhísí eile cúraim leighis, lena n-áirítear cúram sláinte atáirgthe gnéis mar chuid de bhainistiú cliniciúil ar éigniú, tacaíocht tráma agus comhairleoireacht shíceolaíoch, tar éis an cion a bheith déanta agus chomh fada agus is gá ina dhiaidh sin. I gcás inar leanbh an t-íospartach, cuirfear na seirbhísí sin ar fáil ar bhealach atá fabhrach don leanbh. ***Beidh teorainn le hagallaimh leanaí a d'fhulaing foréigean gnéasach. Ní dhéanfaidh ach speisialtóirí ar cuireadh oiliúint orthu chun agallamh a chur ar leanaí leanaí a d'fhulaing foréigean gnéasach a chur faoi agallamh;***

## Leasú 214

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 28 – mír 1 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***1a. Ráthóidh na Ballstáit go mbeidh rochtain thráthúil ag íospartaigh foréigin ghnéasaigh ar sheirbhísí cuimsitheacha cúraim sláinte, lena n-áirítear seirbhísí cúraim sláinte gnéis agus atáirgthe, frithghiniúint éigeandála, scagthástáil agus próifíolacsas iarnochta le haghaidh ionfhabhtuithé gnéas-tarchurtha agus rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil;***

## Leasú 215

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 28 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 ar fáil saor in aisce agus inrochtana gach lá den tseachtain. Féadfaidh siad a bheith mar chuid de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 27.

#### **Leasú 216**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 28 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh geografach leordhóthanach agus acmhainneacht leordhóthanach ag na seirbhísí sin ar fud an Bhallstáit.

#### **Leasú 217**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 28 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Tá feidhm ag Airteagal 27(3) agus (6) maidir le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh an fhoréigin ghnéasaigh.

#### **Leasú 218**

##### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 29 – teideal**

*Leasú*

2. Beidh na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 agus mír 1a ar fáil saor in aisce agus inrochtana gach lá den tseachtain. Féadfaidh siad a bheith mar chuid de na seirbhísí dá dtagraítear in Airteagal 27.

*Leasú*

3. Áiritheoidh na Ballstáit dáileadh geografach leordhóthanach agus acmhainneacht leordhóthanach na seirbhísí sin ar fud an Bhallstáit agus áiritheoidh siad sábháilteacht íospartach agus rúndacht dóibh. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh ar a laghad ionad éigeandála um éigniú amháin nó ionad atreorúcháin maidir le foréigean gnéasach amháin in aghaidh gach 200 000 áitritheoir;

4. Beidh feidhm ag Airteagal 27 maidir le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh foréigin ghnéasaigh;

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Saintacaíocht d'íospartaigh ciorrú ball giniúna ban

*Leasú*

Saintacaíocht d'íospartaigh ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasach

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit tacaíocht éifeachtach, oiriúnach ó thaobh aoise d'íospartaigh ciorrú ball giniúna ban, lena n-áirítear trí chúram gíniceolaíoch, gnéaseolaíoch, síceolaíoch agus tráma a chur ar fáil agus trí chomhairleoireacht a chur ar fáil atá saincheaptha do riachtanais shonracha na n-íospartach sin, tar éis don chion a bheith déanta agus chomh fada agus is gá ina dhiaidh sin. Áireofar leis sin freisin faisnéis a sholáthar maidir le haonaid in ospidéal phoiblí a bhfuil máinliacht chlitéarach atógtha á déanamh acu. Féadfaidh na lárionaid atreorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28 nó aon ionad sláinte tiomnaithe eile tacaíocht den sórt sin a sholáthar.

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Beidh feidhm ag mír 3, mír 4 agus mír 6 d'Airteagal 27 agus mír 2 d'Airteagal 28 maidir le tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh chiorraithe ball giniúna ban.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit tacaíocht éifeachtach, oiriúnach ó thaobh aoise de, inrochtana d'íospartaigh ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasacha, lena n-áirítear trí chúram gíniceolaíoch, gnéaseolaíoch, síceolaíoch agus tráma a sholáthar mar aon le comhairleoireacht atá saincheaptha do riachtanais shonracha na n-íospartach sin, tar éis an cion a dhéanamh agus chomh fada agus is gá ina dhiaidh sin. Áireofar leis sin freisin faisnéis a sholáthar maidir le haonaid in ospidéal phoiblí a dhéanann máinliacht athchruthaitheach ball giniúna agus chlitéarach i gcás ciorrú ball giniúna ban, agus rochtain ar chóireáil agus ar chógais a bhfuil gá leo mar thoradh ar chiorrú ball giniúna idirghnéasach. Féadfaidh na hionaid atreorúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28 nó aon ionad sláinte tiomnaithe tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil;

*Leasú*

2. Beidh feidhm ag Airteagal 27 agus ag Airteagal 28(2) maidir le soláthar tacaíochta d'íospartaigh ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasach dá dtagraítear in

Airteagail 6 agus 6a, faoi seach;

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 29a***

***Saintacaíocht d'íospartaigh an steirilithe  
éigeantaigh***

- 1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht éifeachtach atá oiriúnach ó thaobh aoise de ar fáil d'íospartaigh steiriliú éigeantais, lena n-áirítear cúram gínéiceolaíoch, síceolaíoch agus tráma atá saincheaptha do riachtanais shonracha na n-íospartach sin, tar éis an cion a bheith déanta agus chomh fada agus is gá ina dhiaidh sin;***
- 2. Beidh feidhm ag Airteagal 27 agus ag Airteagal 28(2) maidir le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh steiriliú éigeantais dá dtagraítear in Airteagal 6b.***

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 29 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 29b***

***Tacaíocht speisialaithe d'íospartaigh an  
chibearfhoréigin***

- 1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le seirbhísí atá feistithe agus inrochtana go hiomchuí chun tacaíocht éifeachtach a áirithiú d'íospartaigh an chibearfhoréigin, lena n-áirítear tacaíocht shíceolaíoch, comhairleoireacht dhlíthiúil agus cúnaimh chun orduithe breithiúnacha a fháil chun ábhar áirithe***



*ar líne a bhaint, nó rochtain air a dhíchumasú, amhail dá dtagraítear in Airteagal 25, cúnamh a thabhairt sa chumarsáid le soláthraithe seirbhíse idirghabhálacha ábhartha ar líne agus, i gcás inarb ábhartha, cúnamh a thabhairt i gcaomhnú agus i ndoiciméadú fianaise;*

**2. Beidh feidhm ag Airteagal 27 maidir le tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh an chibearfhoréigin.**

## **Leasú 223**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 30 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Saintacaíocht d'íospartaigh an chiaptha ghnéasaigh ag an obair

*Leasú*

Saintacaíocht chun aghaidh a thabhairt ar ghnéaschiapadh i saol na hoibre;

## **Leasú 224**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 30 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh seirbhísí seachtracha comhairliúcháin ar fáil d'íospartaigh agus d'fhostóirí i gcásanna gnéaschiaptha ag an obair. ***Áireofar ar na seirbhísí sin comhairle maidir le haghaidh leordhóthanach a thabhairt ar chásanna den sórt sin ag an láthair oibre, maidir le leigheasanna dlí atá ar fáil don fhostóir chun an ciontóir a bhaint ón láthair oibre agus maidir leis an bhféidearthacht luath-idir-réitigh a sholáthar, más mian leis an íospartach é sin a dhéanamh.***

*Leasú*

***1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, treoirlínte maidir le nósanna imeachta chun dul i ngleic le foréigean ag an obair agus gnéaschiapadh i saol na hoibre. Áireofar sna treoirlínte sin nósanna imeachta tuairiscithe agus leigheasanna iomchuí agus éifeachtacha.*** Áiritheoidh na Ballstáit go mbunóidh gnóthais, grúpaí gnóthas nó saincheadúnais, i gcás inarb infheidhme trí chómhargáil le ceardchumann, cláir oiliúna agus beartais chun gnéaschiapadh i saol na hoibre agus cibearfhoréigean agus foréigean tríú páirtí ag an obair a chosc agus a chomhrac agus sásraí inrochtana éifeachtacha gearáin a chur ar fáil d'íospartaigh an chiaptha nó an

fhoreigin sin.

Leasú 225

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 2 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**2. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain, saor in aisce, ag íospartaigh gnéaschiaptha i saol na hoibre ar shainseirbhísí tacaíochta agus ar shásraí gearáin atá sábháilte, rúnda agus éifeachtach, lena n-áirítear comhairleoireacht sheachtrach agus comhairle sheachtrach maidir le cásanna foréigin ag an obair agus gnéaschiapadh i saol na hoibre a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu go leormhaith. Beidh ionadaithe ceardchumainn in ann tacú le hoibrithe in imeachtaí ábhartha. Déanfar íospartaigh gnéaschiaptha i saol na hoibre a chosaint ar thuilleadh íospartha de bhun Threoir 2000/78/CE ón gComhairle<sup>1a</sup>. Áiritheoidh na Ballstáit go gcaithfear faoi rún le céannacht íospartach gnéaschiaptha i saol na hoibre nó le haird chuí ar a gceart chun anaithnideachta.***

---

<sup>1a</sup> *Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO L 303, 2.12.2000, lch. 16).*

Leasú 226

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 3 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3. *Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh***

*seirbhísí seachtracha comhairleoireachta ar fáil d'fhostóirí i gcásanna gnéaschiaptha i saol na hoibre, lena n-áirítear treoir maidir le leigheasanna dlíthiúla chun an ciontóir a bhaint den ionad oibre agus maidir leis an bhféidearthacht idir-réiteach luath a chur ar fáil, más mian leis an íospartach.*

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 4 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh an ceart ag oibríthe atá ag fulaingt foréigean inscnebhunaithe nó foréigean teaghlaigh socrúithe oibre solúbtha gearrthéarmacha a iarraidh. Cinnfidh na Ballstáit ré na socrúithe oibre sin agus na rialacha mionsonraithe ina leith.***

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 30 – mír 5 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***5. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta in ann cómhargáil a dhéanamh ar bhearta san ionad oibre chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe ag an obair a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus cuidiú le híospartaigh foréigin den sórt sin a shainiú agus tacú leo, go háirithe maidir leis na bearta coisctheacha dá dtagraítear in Airteagal 36(8) agus maidir le hoiliúint agus faisnéis do ghairmithe dá dtagraítear in Airteagal 37. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun cómhargáil den sórt sin a***

*chur chun cinn, lena n-áirítear trí fheachtais múscailte feasachta agus oiliúint a chur ar na comhpháirtithe sóisialta agus ar ionadaithe sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.*

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 31 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Bunóidh na Ballstáit línte cabhrach ar fud an stáit (24/7) saor in aisce, chun comhairle a chur ar íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Cuirfear an chomhairle ar fáil faoi rún nó tabharfar aird chuí ar a n-anaithnideacht. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear an tseirbhís sin ar fáil freisin trí theicneolaíochtaí eile faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear feidhmchláir ar líne.

*Leasú*

1. Bunóidh na Ballstáit línte cabhracha ar fud an stáit, 24 uair sa lá (24/7), le tacaíocht ó shainseirbhísí tacaíochta na mban, saor in aisce, chun faisnéis agus comhairle a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Cuirfidh sainseirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear sainseirbhísí tacaíochta na mban, an chomhairle sin ar fáil faoi rún nó le haird chuí ar anaithnideacht na n-íospartach. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthrófar an tseirbhís sin freisin trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide atá slán agus inrochtana, lena n-áirítear feidhmchláir ar líne;

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 31 – mír 1 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*1a. Ní thiocfaidh línte cabhrach teileafóin dá dtagraítear i mír 1 in ionad línte cabhrach eile atá ann cheana agus atá speisialaithe san fhoréigean in aghaidh na mban nó san fhoréigean teaghlaigh sna Ballstáit, lena n-áirítear línte cabhracha atá á reáchtáil ag eagraíochtaí neamhrialtasacha;*

*Leasú*

## Leasú 231

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 31 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun inrochtaineacht na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear tacaíocht a chur ar fáil i dteanga atá éasca le tuiscint. Beidh rochtain ar na seirbhísí sin i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup>.

---

<sup>18</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lch. 70-115.

## Leasú 232

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 31 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh feidhm ag Airteagal 27(3) agus (6) maidir le soláthar línte cabhrach agus tacaíocht trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide faoin Airteagal seo.

## Leasú 233

*Leasú*

2. Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun inrochtaineacht na seirbhísí dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú d'úsáideoirí deiridh faoi mhíchumas, lena n-áirítear tacaíocht a chur ar fáil i dteanga atá éasca le tuiscint. Beidh rochtain ar na seirbhísí sin i gcomhréir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh seirbhísí cumarsáide leictreonaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<sup>18</sup> ***Áiritheoidh na Ballstáit freisin go soláthrófar na seirbhísí sin i dteanga is féidir le híospartaigh a thuiscint, lena n-áirítear trí bhíthin ateangaireacht teileafóin.***

---

<sup>18</sup> Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, (IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

*Leasú*

3. Beidh feidhm ag Airteagal 27 (6) maidir le soláthar línte cabhrach agus tacaíocht trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide faoin Airteagal seo.

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 31 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. [Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an tseirbhís faoi mhír 1 d’íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban a oibriú faoin uimhir chomhchuibhithe ar leibhéal an AE “116 016” agus go gcuirfear na húsáideoirí deiridh ar an eolas go leordhóthanach faoin uimhir sin a bheith ann agus faoi úsáid na huimhreach sin.]

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 31 – mír 4 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 31 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an tseirbhís faoi mhír 1 d’íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh a oibriú faoin uimhir chomhchuibhithe ar leibhéal AE “116 016”.

*Leasú*

**4a. 6Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húsáideoirí deiridh ar an eolas go leordhóthanach faoi na línte cabhrach atá ann agus faoi uimhir na línte cabhrach, lena n-áirítear trí fheachtais rialta múscailte feasachta;**

*Leasú*

***Airteagal 31a***

***Tacaíocht i bhfostaíocht d’íospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh***

***1. Déanfaidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, bearta chun a áirithiú go gcuirfear cosc ar fhostóirí idirdhealú a dhéanamh ar oibríthe ar íospartaigh foréigin teaghlaigh***

*nó foréigin ghnéasaigh iad, nó iad a chur faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith, ar fhorais an fhoréigin sin;*

*2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, go mbeidh an ceart ag íospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh chun saoire le pá ar feadh tréimhse iomchuí chun rochtain a fháil ar sheirbhísí tacaíochta agus chun freastal ar imeachtaí dlíthiúla agus breithiúnacha. Féadfaidh na Ballstáit raon feidhme, fad agus coinníollacha na saoire sin a chinneadh i gcomhréir leis an dlí náisiúnta nó leis an geleachtas náisiúnta.*

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 32 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Leis nanaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile dá bhforáiltear i bpointe (a) d'Airteagal 9(3) de Threoir 2012/29/AE, tabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha íospartaigh ban an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin ghnéasaigh. Cabhróidh siad leo agus iad ag téarnamh, ag cur dálaí maireachtála leordhóthanacha iomchuí ar fáil dóibh d'fhonn filleadh ar mhaireachtáil neamhspleách.

*Leasú*

1. Cuirfear ionaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile dá bhforáiltear in Airteagal 9(3), pointe (a) de Threoir 2012/29/AE ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban ar íospartaigh foréigin teaghlaigh, foréigin ghnéasaigh nó teacht i dtír ghnéasaigh iad, agus chun na críche sin amháin, lena n-áirítear trí ionaid dídine do mhná amháin a chur ar fáil. Tabharfaidh siad cúnamh d'íospartaigh maidir lena dtéarnaimh trí dhálaí maireachtála sábháilte, inrochtana, leordhóthanacha agus iomchuí a chur ar fáil d'fhonn filleadh ar an maireachtáil neamhspleách agus trí sheirbhísí tacaíochta riachtanacha a chur ar fáil, amhail atreorú le haghaidh cúram leighis breise;

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 32 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Déanfar na hionaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile a fheistiú chun freastal ar riachtanais shonracha leanaí, lena n-áirítear íospartaigh ar leanaí iad.

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 32 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh na hionaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile ar fáil d'íospartaigh, beag beann ar a náisiúntacht, ar a saoránacht, ar a n-áit chónaithe nó ar a stádas cónaithe.

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 32 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Beidh feidhm ag Airteagal 27(3) agus (6) maidir le hionaid dídine agus le cóiríocht eatramhacha iomchuí eile.

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 33 – mír 1**

*Leasú*

2. Beidh na hionaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile feistithe chun freastal ar chearta agus riachtanais shonracha leanaí, lena n-áirítear íospartaigh ar leanaí iad;

*Leasú*

3. Beidh na hionaid dídine agus an chóiríocht eatramhach iomchuí eile ar fáil d'íospartaigh agus dá gcleithiúnaithe beag beann ar a náisiúntacht, a saoránacht, a n-áit chónaithe nó a stádas cónaithe. ***Beidh ionaid dídine speisialaithe do mhná ar fáil i ngach réigiún, ina mbeidh áit teaghlaigh amháin in aghaidh gach 10 000 áitritheoir;***

*Leasú*

4. Beidh feidhm ag Airteagal 27 (6) ***agus ag Airteagal 28(2) agus (3)*** maidir le hionaid dídine agus maidir le cóiríocht eatramhach iomchuí eile;



*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tacaíocht leordhóthanach shonrach do leanaí a luaithe a bheidh forais réasúnacha ag na húdaráis inniúla lena chreidiúint go bhféadfadh sé go raibh na leanaí faoi réir foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear ina bhfinnéithe ar fhoréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh. Beidh tacaíocht do leanaí speisialaithe agus oiriúnach ó thaobh aoise de, agus leas an linbh á urramú.

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 33 – mír 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 33 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. I gcás inar gá foráil a dhéanamh maidir le cóiríocht eatramhach, déanfar leanaí a shuíomh mar thosaíocht in éineacht le daoine eile den teaghlach, go háirithe le tuismitheoir neamhfhoréigneach i dtithíocht bhuan nó shealadach, agus iad feistithe le seirbhísí tacaíochta. Is rogha

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfead tacaíocht shonrach leordhóthanach ar fáil do leanaí a luaithe a bheidh forais réasúnacha ag na húdaráis inniúla chun a chreidiúint go bhféadfadh sé go raibh na leanaí faoi réir foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear ina bhfinnéithe ar fhoréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh agus chomh fada agus is gá ina dhiaidh sin. Beidh tacaíocht do leanaí speisialaithe agus oiriúnach ó thaobh aoise de, agus leas an linbh á urramú.

*Leasú*

**2a. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar tacaíocht shonrach leordhóthanach do leanaí íospartach a maraíodh mar gheall ar fhoréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh agus dá ngaolta le linn imeachtaí breithiúnacha ábhartha;**

*Leasú*

3. I gcás inar gá foráil a dhéanamh maidir le cóiríocht eatramhach, déanfar leanaí, tar éis éisteacht a fháil, a chur mar thosaíocht in éineacht le daoine eile den teaghlach, go háirithe le tuismitheoir neamhfhoréigneach, agus ní scarfar iad ó siblíni, i dtithíocht bhuan nó shealadach,

dheiridh a bheidh ann iad a shuíomh in ionaid dídine.

feistithe le seirbhísí tacaíochta agus curtha in oiriúint do riachtanais shonracha na n-íospartach ar leanaí iad. Is rogha dheiridh a bheidh ann iad a shuíomh in ionaid dídine.

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 33 – mír 3 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**3a. Beidh feidhm ag Airteagal 27(6) agus ag Airteagal 28(2) agus (3) maidir le tacaíocht d'íospartaigh ar leanaí iad;**

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 34 – mír -1 (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**-1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear teagmhais foréigin san áireamh i gcinntí breithiúnacha a bhaineann leis an leanbh agus go dtabharfar tús áite do leas an linbh i ngach cinneadh a bhaineann le leanaí agus go mbeidh tosaíocht acu ar chearta tuismitheora ciontóra nó a bhfuil amhras ann go ndéanann sé foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tuairimí an linbh san áireamh i gcomhréir lena n-aois agus lena n-aibíocht. Áiritheoidh na Ballstáit sábháilteacht sealbhóirí freagrachta tuismitheora nach bhfuil drochídeach le linn na n-imeachtaí;**

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 34 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit áiteanna sábháilte a bhunú agus a chothabháil a cheadóidh teagmháil shábháilte idir leanbh agus sealbhóir freagrachtaí tuismitheora ar ciontóir foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh é, a mhéid a bhfuil cearta rochtana ag an leanbh sin. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gairmithe oilte maoirseacht, de réir mar is iomchuí, ar mhaithe le leas an linbh.

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 35 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Tacaíocht spriocdhírthe d'íospartaigh a bhfuil riachtanais **shonracha** acu agus do ghrúpaí i mbaol

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 35 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht shonrach ar fáil d'íospartaigh a bhfuil baol méadaithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh acu, amhail mná faoi mhíchumas, mná atá ina gcónaí i gceantair thuaithe, mná a bhfuil stádas cónaithe cleithiúnach acu nó mná a bhfuil stádas cónaithe cleithiúnach acu, mná a bhfuil tearmann gan doiciméad acu, mná atá gan dídean, mná a bhfuil cúlra mionlaigh ciníoch nó eitneach acu, oibríthe gnéis ban,

*Leasú*

A mhéid atá cearta rochtana ag ciontóir nó ag duine a bhfuil faoi amhras ó thaobh foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, déanfaidh na Ballstáit áiteanna sábháilte a bhunú agus a chothabháil lena gceadófar teagmháil shábháilte idir leanbh agus sealbhóir freagrachta tuismitheora. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gairmithe oilte maoirseacht, de réir mar is iomchuí, ar mhaithe le leas an linbh.

*Leasú*

Tacaíocht spriocdhírthe d'íospartaigh a bhfuil riachtanais **thrasnacha** acu agus do ghrúpaí i mbaol;

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear tacaíocht shonrach ar fáil d'íospartaigh atá i mbaol méadaithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigin teaghlaigh de bhua idirdhealú trasnach, amhail mná faoi mhíchumas, mná a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, mná a bhfuil stádas cónaithe cleithiúnach acu nó ceadúnas acu, mná imirceacha neamhdhoiciméadaithe, mná a dhéanann iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, mná atá ag teitheadh ó choinbhleacht armtha, mná

mná atá faoi choinneáil, nó mná níos sine.

atá thíos leis an easpa dídine, mná a bhfuil cúlra ciníoch nó eitneach mionlaigh acu, mná LBTIQ+, mná atá i mbun striapachas, íospartaigh “coireanna onóra” mar a thugtar orthu, mná atá faoi choinneáil, mná atá ag fulaingt de bharr andúile, mná torracha nó mná scothaosta;

## **Leasú 248**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 35 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Beidh na seirbhísí tacaíochta ar fáil do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh d’fhoréigean in aghaidh na mban agus d’fhoréigean teaghlaigh iad, lena n-áirítear d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, do dhaoine neamhdhoiciméadaithe agus do dhaoine atá faoi choinneáil agus faoi réir nósanna imeachta maidir le filleadh. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar íospartaigh a iarrann amhlaidh a choimeád scartha ó dhaoine den ghnéas eile i saoráidí coinneála do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta maidir le filleadh, nó go bhfreastalófar ar leithligh orthu in ionaid ghlactha d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.

## **Leasú 249**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 35 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh daoine in ann tarluithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh in ionaid ghlactha agus choinneála a thuairisciú chuig an bhfoireann ábhartha agus go mbeidh prótacail i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go leordhóthanach agus go pras

*Leasú*

3. Beidh na seirbhísí tacaíochta ar fáil do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh foréigin in aghaidh na mban agus foréigin teaghlaigh iad, lena n-áirítear d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta, do dhaoine gan doiciméid agus do dhaoine atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh atá faoi choinneáil. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar íospartaigh a iarrann amhlaidh a choinneáil i gcodanna de shaoráidí coinneála do náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir nósanna imeachta um fhilleadh do mhná agus do leanaí amháin, nó cóiríocht a chur ar fáil ar leithligh in ionaid ghlactha d’iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta;

*Leasú*

4. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir le daoine tarluithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh in institiúidí agus in ionaid ghlactha agus choinneála a thuairisciú don fhoireann ábhartha, agus go bhfuil prótacail i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go leormhaith agus go pras ar na

ar thuarascálacha den sórt sin i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 18, in Airteagal 19 agus in Airteagal 20.

tuarascálacha sin i gcomhréir leis na ceanglais in Airteagal 18, Airteagal 19 agus Airteagal 20;

## **Leasú 250**

### **Togra le haghaidh Treorach Caibidil 5 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

COSC

*Leasú*

COSC AGUS LUATH-IDIRGHABHÁIL

## **Leasú 251**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí iomchuí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc.

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí iomchuí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc trí chur chuige cuimsitheach ilsrathach a ghlacadh;

## **Leasú 252**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áireofar ar na bearta coisctheacha feachtais múscailte feasachta, cláir thaighde agus oideachais, arna bhforbairt i gcás inarb iomchuí i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, comhpháirtithe sóisialta, pobail a bhfuil tionchar acu orthu agus geallsealbhóirí eile.

*Leasú*

2. Áireofar ar na bearta coisctheacha feachtais múscailte feasachta arb é is aidhm dóibh tuiscint a mhéadú i measc an phobail i gcoitinne ar na cineálacha éagsúla foréigin, trí chláir thaighde agus oideachais, lena n-áirítear oideachas gnéasachta agus caidrimh atá oiriúnach d'aois agus cuimsitheach agus cláir luath-idirghabhála, arna bhforbairt, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, le sainseirbhísí, le comhpháirtithe sóisialta, le

pobail a bhfuil tionchar orthu, le rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus le geallsealbhóirí eile;

## Leasú 253

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 3

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Cuirfidh na Ballstáit faisnéis maidir le bearta coisctheacha, cearta íospartach, rochtain ar an gceartas agus dlíodóir, agus na bearta cosanta agus tacaíochta atá ar fáil don phobal i gcoitinne ar fáil.

*Leasú*

3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le bearta coisctheacha, cearta íospartach, rochtain ar cheartas agus ar dlíodóir, agus na bearta cosanta agus tacaíochta atá ar fáil, lena n-áirítear cóir leighis, a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus rochtain éasca a fháil orthu trí theicneolaíochtaí éagsúla faisnéise agus cumarsáide, i dteangacha ábhartha agus i bhformáidí éagsúla, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas;

## Leasú 254

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Díreofar gníomhaíocht spriocdhírthe ar ghrúpaí atá i mbaol, lena n-áirítear leanaí, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta, agus ar dhaoine faoi mhíchumas, agus na bacainní teanga agus leibhéil éagsúla litearthachta agus cumas á gcur san áireamh. Déanfar faisnéis do leanaí a fhoirmliú ar bhealach a thacaíonn le leanaí.

*Leasú*

4. Díreofar gníomhaíocht spriocdhírthe ar ghrúpaí atá i mbaol méadaithe foréigin in aghaidh na mban nó foréigin teaghlaigh de bhua idirdhealú trasnach amhail iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 35(1), leanaí, de réir a n-aoise agus a n-aibíochta, agus daoine faoi mhíchumas, agus bacainní teanga agus leibhéil éagsúla litearthachta agus cumais á gcur san áireamh. Déanfar faisnéis do leanaí a fhoirmliú ar bhealach a thacaíonn le leanaí;

## Leasú 255

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 36 – mír 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

5. Díreofar go háirithe le bearta coisctheacha ar steiréitíopaí díobhálacha inscne a cheistiú, combhionannas idir mná agus fir a chur chun cinn, gach duine, lena n-áirítear fir agus buachaillí, a spreagadh chun gníomhú mar eiseamláirí dearfacha chun tacú le hathruithe iompraíochta comhfhreagracha ar fud na sochaí ina hiomláine i gcomhréir le cuspóirí na Treorach seo.

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 36 – mír 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 36 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Le bearta coisctheacha, forbrófar agus/nó méadófar íogaireacht maidir le cleachtas díobhálach an chiorraithe ball

*Leasú*

5. Beidh sé d'aidhm ag bearta coisctheacha go háirithe mná agus cailíní a chumhachtú trí fheasacht ar choincheap an toilithe a mhéadú, dúshlán a thabhairt do steiréitíopaí díobhálacha inscne, go háirithe d'fhir agus do bhuachaillí, combhionannas inscne a chur chun cinn, meas frithpháirteach a chur chun cinn, an ceart chun sláine phearsanta a chur chun cinn, gach duine a spreagadh, lena n-áirítear fir agus buachaillí, gníomhú mar eiseamláirí dearfacha chun tacú le hathruithe iompraíochta comhfhreagracha ar fud na sochaí ina hiomláine i gcomhréir le cuspóirí na treorach seo, agus feasacht a mhéadú maidir leis an bpatrún géaraitheach sonrath foréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh.

*Leasú*

**5a. Beidh sé d'aidhm ag bearta coisctheacha an t-éileamh ar íospartaigh an teacht i dtír ghnéasaigh a spriocdhíriú agus a laghdú.**

*Leasú*

6. Déanfaidh bearta coisctheacha íogaireacht a fhorbairt nó a mhéadú maidir le cleachtas díobhálach ciorrú ball giniúna

giniúna ban.

ban agus idirghnéasach, pósadh éigeantais agus steiriliú éigeantais;

## Leasú 258

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Leis na bearta coisctheacha, tabharfar aghaidh go sonrath ar an gcibearfhoréigean. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar ar na bearta oideachais scileanna litearthachta digití a fhorbairt, lena n-áirítear rannpháirtíocht chriticiúil leis an saol digiteach, chun a chur ar chumas úsáideoirí cásanna cibearfhoréigin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, tacaíocht a lorg agus a dhéanamh a chosc. Cothóidh na Ballstáit comhar ildisciplíneach agus comhar geallsealbhóirí, lena n-áirítear seirbhísí idirmheánacha agus údaráis inniúla chun bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean.

*Leasú*

7. Leis na bearta coisctheacha, tabharfar aghaidh go sonrath ar an gcibearfhoréigean. Go háirithe, áiritheoidh na Ballstáit go n-áireofar ar na bearta oideachais scileanna litearthachta digití a fhorbairt, lena n-áirítear rannpháirtíocht chriticiúil leis an saol digiteach agus smaointeoireacht chriticiúil chun a chur ar chumas úsáideoirí cásanna cibearfhoréigin a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, a chineálacha éagsúla a aithint, tacaíocht a lorg agus a dhéanamh a chosc. Cothóidh na Ballstáit comhar ildisciplíneach agus comhar le geallsealbhóirí, lena n-áirítear seirbhísí idirghabhálacha agus údaráis inniúla chun bearta a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean;

## Leasú 259

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 36 – mír 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

8. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfar aghaidh ar ghnéaschiapadh ag an obair sna beartais náisiúnta ábhartha. Déanfar gníomhaíochtaí spriocdhírthe dá dtagraítear i mír 2 a shainaithint agus a bhunú leis na beartais náisiúnta sin do na hearnálacha sin is mó a bhfuil oibríthe neamhchosanta iontu.

*Leasú*

8. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, go dtabharfar aghaidh ar ghnéaschiapadh i saol na hoibre i mbeartais náisiúnta ábhartha. Déanfar gníomhaíochtaí spriocdhírthe dá dtagraítear i mír 2 a shainaithint agus a bhunú leis na beartais náisiúnta sin do na hearnálacha sin is mó a bhfuil oibríthe neamhchosanta iontu.  
***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh***



*fostóirí san áireamh an fhéidearthacht maidir le foréigean ag an obair agus gnéaschiapadh i saol na hoibre ina mbeartais sláinte agus sábháilteachta, arna nglacadh de bhun Threoir 89/391/CEE Beidh sé de cheart ag oibríthe tacaíocht a fháil ó cheardchumann agus ón ionadaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre.*

## **Leasú 260**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh, lena n-áirítear údaráis um fhorfheidhmiú an dlí, foireann chúirte, breithiúna agus ionchúisitheoirí, dlíodóirí, soláthraithe tacaíochta íospartach agus seirbhísí ceartais aisiríoch, gairmithe cúraim sláinte, seirbhísí sóisialta, seirbhísí oideachais agus baill foirne ábhartha eile, oiliúint ghinearálta agus speisialta agus faisnéis spriocdhírith ar leibhéal atá oiriúnach dá dteagmhálacha le híospartaigh, chun a chur ar a gcumas cásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a shainathint, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu agus cóir leighis a chur ar íospartaigh ar bhealach tráma, inscne agus leanaí.

*Leasú*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh gairmithe ar dócha go mbeidh teagmháil acu le híospartaigh agus le déantóirí coire nó ciontóirí, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, pearsanra fóirínseach leighis, foireann chúirte, breithiúna agus ionchúisitheoirí, dlíodóirí, soláthraithe seirbhísí tacaíochta íospartach, lena n-áirítear sainseirbhísí, gairmithe atá ag obair i gclár ciontóirí, soláthraithe seirbhísí ceartais aisiríoch, gairmithe cúraim sláinte, seirbhísí sóisialta, baill foirne oideachais agus baill foirne ábhartha eile, oiliúint ghinearálta agus sainoiliúint agus faisnéis spriocdhírith ar leibhéal is iomchuí dá dteagmhálacha le híospartaigh agus le ciontóirí, chun a chur ar a gcumas cásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh a shainathint, a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu, chun athíospairt a sheachaint agus chun caitheamh le híospartaigh ar bhealach atá íogair ó thaobh tráma, inscne, míchumais, teanga agus leanaí de.

## **Leasú 261**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 2**

2. Gheobhaidh gairmithe sláinte ábhartha, lena n-áirítear pédiatraithe agus cnáimhseacha, oiliúint spriocdhírithé chun iarmhairtí fisiciúla, síceolaíocha agus gnéasacha ciorrú ball giniúna ban a shainathint agus chun aghaidh a thabhairt orthu, ar bhealach atá íogair ó thaobh an chultúir de.

## **Leasú 262**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 3**

3. Maidir le daoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu san ionad oibre, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, gheobhaidh siad oiliúint maidir le conas gnéaschiapadh ag an obair a aithint, a chosc agus aghaidh a thabhairt air, lena n-áirítear maidir le measúnuithe riosca a bhaineann le sábháilteacht cheirde agus rioscaí sláinte, chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh a ndéantar difear dóibh dá bharr sin agus chun freagairt ar bhealach leordhóthanach. Gheobhaidh na daoine agus na fostóirí sin faisnéis spriocdhírithé maidir le héifeachtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin baile ar an obair agus maidir leis an mbaol foréigin tríú páirtí.

2. Cuirfear oiliúint spriocdhírithé ar ghairmithe sláinte ábhartha, lena n-áirítear pédiatraithe, gínéiceolaithe, obstatraithe, cnáimhseacha agus baill foirne tacaíochta shíceolaíche, chun iarmhairtí fisiciúla, síceolaíocha agus gnéasacha ciorrú ball giniúna ban agus idirghnéasacha, steiriliú éigeantais, “coireanna onóra” mar a thugtar orthu agus cleachtais dhíobhálacha eile a shainathint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar bhealach atá íogair ó thaobh an chultúir de.

3. Daoine a bhfuil feidhmeanna maoirseachta acu san ionad oibre, lena n-áirítear ionadaithe sláinte agus sábháilteachta agus cigirí saothair, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, cuirfear oiliúint orthu maidir le conas gnéaschiapadh i saol na hoibre a aithint, a chosc agus aghaidh a thabhairt air, lena n-áirítear maidir le measúnuithe riosca a bhaineann le rioscaí sábháilteachta agus sláinte ceirde, chun tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh a ndéanann sé difear dóibh agus chun freagairt ar bhealach leordhóthanach, i gcomhréir leis an oiliúint a chuirtear ar fáil de bhun Threoir 89/391/CEE. Gheobhaidh na daoine agus na fostóirí sin faisnéis faoi éifeachtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh ar an obair agus faoi bhaol an fhoréigin tríú páirtí agus conas tacú le híospartaigh foréigin teaghlaigh ag an obair.

## Leasú 263

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. Áireofar leis na gníomhaíochtaí oiliúna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 oiliúint maidir le comhar ilghníomhaireachta comhordaithe ionas gur féidir déileáil go cuimsitheach agus go hiomchuí le atreoraithe i gcásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh.

## Leasú 264

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 6

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiliúint iomchuí ar na húdaráis atá inniúil chun tuairiscí ar chionta a fháil ó íospartaigh chun tuairisciú coireanna den sórt sin a éascú agus chun cuidiú leis na coireanna sin a thuairisciú.

## Leasú 265

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Na gníomhaíochtaí oiliúna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, beidh siad rialta agus éigeantach, lena n-áirítear gníomhaíochtaí maidir le cibearfhoréigean, agus beidh siad tógtha ar shainiúlachtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Áireofar ar na

*Leasú*

4. Áireofar sna gníomhaíochtaí oiliúna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 oiliúint maidir le comhar comhordaithe ilghníomhaireachta agus ildisciplíneach chun gur féidir atreoraithe a láimhseáil go cuimsitheach agus go hiomchuí i gcásanna foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh.

*Leasú*

6. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear oiliúint iomchuí ar na húdaráis atá inniúil chun tuairiscí ar chionta ó íospartaigh a fháil chun tuairisciú coireanna den sórt sin a éascú agus cúnaimh a thabhairt ina leith agus chun riachtanais shonracha na n-íospartach a chur san áireamh;

*Leasú*

7. Beidh na gníomhaíochtaí oiliúna dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3 rialta agus éigeantach, lena n-áirítear maidir le cibearfhoréigean, agus beidh siad bunaithe ar shainiúlachtaí an fhoréigin in aghaidh na mban agus an fhoréigin teaghlaigh. Áireofar ar na gníomhaíochtaí oiliúna sin

gníomhaíochtaí oiliúna sin oiliúint maidir le conas riachtanais shonracha cosanta agus tacaíochta íospartach a shainaitheint agus aghaidh a thabhairt orthu, ar riachtanais iad a bhfuil baol méadaithe foréigin os a gcomhair mar gheall ar idirdhealú atá déanta acu ar bhonn gnéis agus foras eile.

oiliúint maidir le conas riachtanais shonracha cosanta agus tacaíochta na n-íospartach a shainaitheint agus aghaidh a thabhairt orthu, a bhfuil baol níos airde foréigin os a gcomhair mar gheall ar a n-idirdhealú bunaithe ar theaghlaim dá ngnéas nó dá n-inscne, agus forais eile dá dtagraítear in Airteagal 35(1);

## **Leasú 266**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 37 – mír 7 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**7a. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus meastóireacht go tráthrialta agus go neamhspleách ar thoradh agus ar chur i bhfeidhm praiticiúil na hoiliúna faoin Airteagal seo.**

## **Leasú 267**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 38 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbunófar cláir idirghabhála spriocdhírithe agus éifeachtacha chun an riosca go ndéanfar cionta foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, nó go ndéanfar athchiontú a chosc agus a íoslaghdú.

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbunófar cláir idirghabhála spriocdhírithe agus éifeachtacha i gcomhordú le sainseirbhísí tacaíochta chun an baol go ndéanfar cionta foréigin in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, nó go ndéanfar athchiontú, a chosc agus a íoslaghdú.

## **Leasú 268**

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 39 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Déanfaidh an comhlacht sin bailiú na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44 a chomhordú, agus déanfaidh sé anailís ar na torthaí agus scaipfidh sé iad.

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 39 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

3. Déanfaidh an comhlacht sin comhordú ar bhailiú na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 44, déanfaidh sé anailís ar a torthaí agus scaipfidh sé iad agus déanfaidh sé moltaí agus tograí chun feabhas a chur ar tháscairí agus ar chórais bailithe faisnéise agus sonraí.

*Leasú*

***Airteagal 39a***

***Pleananna gníomhaíochta náisiúnta chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a dhíothú***

***1. Faoin ... [dhá bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], forbróidh na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta, i gcomhairle le sainseirbhísí tacaíochta agus le rannpháirtíocht ó shainseirbhísí tacaíochta agus ó chomhordaitheoir an Aontais, chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac (na ‘pleananna gníomhaíochta náisiúnta’).***

***2. Leagfar amach an méid seo a leanas sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta:***

***(a) tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac;***

***(b) spriocanna agus sásraí faireacháin le haghaidh na dtosaíochtaí agus na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a);***

***(c) na hacmhainní is gá chun na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (a) a bhaint amach agus an chaoi a leithdháilfear iad.***

**3. *Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na pleananna gníomhaíochta náisiúnta a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta gach cúig bliana.***

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 40 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhordú agus comhar  
ilghníomhaireachta

*Leasú*

Comhordú agus comhar  
ilghníomhaireachta **agus ildisciplíneach**

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 40 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí i bhfeidhm chun comhordú agus comhar éifeachtach a áirithiú, ar an leibhéal náisiúnta, idir údaráis, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, na breithiúna, ionchúisitheoirí poiblí, soláthraithe seirbhíse tacaíochta chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha, seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear údaráis cosanta leanaí nó leasa, soláthraithe oideachais agus cúraim sláinte, comhpháirtithe sóisialta, gan dochar dá neamhspleáchas, agus eagraíochtaí agus eintitis ábhartha eile.

*Leasú*

1. Cuirfidh na Ballstáit sásraí iomchuí i bhfeidhm chun comhordú agus comhar éifeachtach, struchtúrtha agus rialta a áirithiú, ar an leibhéal náisiúnta, i measc na n-údarás, na ngníomhaireachtaí agus na gcomhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, cigireachtaí saothair, gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, na breithiúna, ionchúisitheoirí poiblí, soláthraithe seirbhíse tacaíochta chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha, go háirithe sainseirbhísí tacaíochta, seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear údaráis cosanta nó leasa leanaí, soláthraithe oideachais agus cúraim sláinte, comhpháirtithe sóisialta, gan dochar dá neamhspleáchas, agus eagraíochtaí agus eintitis ábhartha eile.

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 40 – mír 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Bainfidh na sásraí sin go háirithe leis na measúnuithe aonair faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19, agus le soláthar beart cosanta agus tacaíochta faoi Airteagal 21 agus Caibidil 4, leis na treoirlínte d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha faoi Airteagal 23, agus leis an oiliúint do ghairmithe dá dtagraítear in Airteagal 37.

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 41 – mír 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhoibreoidh na Ballstáit le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus rachaidh siad i gcomhairle leo, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhíonn ag obair le híospartaigh an fhoréigin in aghaidh na mban nó an fhoréigin teaghlaigh, go háirithe chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh, maidir le tionscnaimh cheaptha beartais, feachtais ardaithe faisnéise agus feasachta, cláir thaighde agus oideachais agus san oiliúint, chomh maith le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart chun tacú le híospartaigh agus iad a chosaint.

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 42 – mír 1**

*Leasú*

2. Bainfidh sásraí den sórt sin leis na réimsí uile a leagtar amach sa Treoir seo, go háirithe na measúnuithe aonair faoi Airteagal 18 agus Airteagal 19, agus le soláthar beart cosanta agus tacaíochta faoi Airteagal 21 agus Caibidil 4, leis na treoirlínte d'údaráis forfheidhmithe dlí agus d'údaráis bhreithiúnacha faoi Airteagal 23, agus leis an oiliúint do ghairmithe dá dtagraítear in Airteagal 37.

*Leasú*

Cruthóidh na Ballstáit struchtúir inbhuanaithe le haghaidh comhairliúcháin agus comhpháirtíochta le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha a oibríonn le híospartaigh foréigin in aghaidh na mban nó le híospartaigh foréigin teaghlaigh agus le heagraíochtaí sochaí sibhialta na mban, go háirithe chun críche tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil d'íospartaigh agus dóibh siúd a oibríonn chun ciontóirí a athshlánú, chun críche tionscnaimh ceaptha beartais a dhearadh agus a chur chun feidhme, feachtais faisnéise agus múscaillte feasachta, cláir thaighde agus oideachais, chun críocha oiliúna, agus chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchar na mbeart chun tacú le híospartaigh agus iad a chosaint, lena n-áirítear bailiú sonraí.

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Éascóidh na Ballstáit an chaoi a ndéanfaidh soláthraithe seirbhísí idirmheánacha bearta féinrialála i dtaca leis an Treoir seo, go háirithe chun sásraí inmheánacha a atreisiú chun dul i ngleic leis an ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 25(1) agus chun feabhas a chur ar an oiliúint a chuirtear ar a gcuid fostaithe lena mbaineann maidir le híospartaigh na gcionta dá dtagraítear inti a chosc agus cúnamh a thabhairt dóibh agus maidir le tacaíocht a thabhairt dóibh.

*Leasú*

Éascóidh na Ballstáit glacadh beart féinrialála ag soláthraithe seirbhísí idirghabhála i dtaca leis an Treoir seo, go háirithe chun sásraí inmheánacha a threisiú chun dul i ngleic leis an ábhar ar líne dá dtagraítear in Airteagal 25(1). Éascóidh na Ballstáit réitigh theicneolaíocha chun an t-ábhar dá dtagraítear in Airteagal 25 a bhrath, a thuairisciú agus a bhaint agus chun feabhas a chur ar oiliúint a bhfostaithe lena mbaineann maidir le híospartaigh na gcionta dá dtagraítear san Airteagal sin a chosc, cúnamh a thabhairt dóibh agus tacú leo.

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 43 – teideal**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Comhar ar leibhéal an Aontais

*Leasú*

Comhar ar leibhéal an Aontais agus comhordaitheoir an Aontais

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 43 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí chun comhar a éascú idir a chéile chun cur chun feidhme na Treorach seo a fheabhsú. Beidh sé d’aidhm ag an gcomhar sin ar a laghad:

*Leasú*

*I.* Déanfaidh na Ballstáit gníomhaíocht iomchuí chun comhar idir a chéile agus le hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais a éascú chun cur chun feidhme na Treorach seo a fheabhsú. Beidh sé d’aidhm ag an gcomhar sin ar a laghad:

**Leasú 277**



**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe a**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(a) dea-chleachtais a mhalartú agus dul i gcomhairle lena chéile i gcásanna aonair, lena n-áirítear trí Eurojust agus tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla;

*Leasú*

(a) dea-chleachtais a mhalartú ar bhealach rialta agus struchtúrtha agus dul i gcomhairle le chéile i gcásanna aonair, lena n-áirítear trí Eurojust agus tríd an nGréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla;

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú le gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais;

*Leasú*

(b) faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú le comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, amhail comhordaitheoir an Aontais agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, agus comhoibriú leo maidir le caighdeáin choiteanna agus treoirlínte coiteanna a bhunú;

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 1 – pointe c**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(c) cúnamh a chur ar fáil do líonraí an Aontais a bhíonn ag obair ar ábhair atá ábhartha go díreach maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh.

*Leasú*

(c) cúnamh a chur ar fáil do líonraí an Aontais, do bhrateagraíochtaí agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud an Aontais a oibríonn ar ábhair a bhaineann go díreach le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh.

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh Treorach**  
**Airteagal 43 – mír 2 a (nua)**

**2. Chun rannchuidiú leis na cúraimí a leagtar amach sa Treoir seo a bhaint amach agus chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac, éascóidh na Ballstáit cúraimí chomhordaitheoir an Aontais maidir le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac (“comhordaitheoir an Aontais”). Beidh comhordaitheoir an Aontais freagrach as feabhas a chur ar chomhordú agus ar chomhleanúnachas na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus ag na Ballstáit agus gníomhaithe idirnáisiúnta maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus as forbairt agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus trasuí bheartais an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean inscnebhunaithe. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis atá liostaithe in Airteagal 39a(2) agus na sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 44 a tharchur chuig an gcomhordaitheoir de chuid an Aontais. Ar bhonn na faisnéise agus na sonraí sin, rannchuideoidh comhordaitheoir an Aontais gach dhá bhliain le tuairisciú a dhéanfaidh an Coimisiún faoin Treoir seo ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac i gcoinne an fhoréigin in aghaidh na mban.**

Leasú 281

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 1**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Beidh córas i bhfeidhm ag na Ballstáit chun staidreamh maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean

1. Beidh córas i bhfeidhm ag na Ballstáit chun staidreamh a bhailiú, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh go

teaghlaigh, lena n-áirítear na cineálacha foréigin dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 10, a bhailiú, a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.

rialta maidir le foréigean in aghaidh na mban nó foréigean teaghlaigh, lena n-áirítear na cineálacha foréigin dá dtagraítear in Airteagal 5 go hAirteagal 10, trí shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla.

## Leasú 282

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 44 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Áireofar leis an staidreamh na sonraí seo a leanas atá imdhealaithe de réir inscne, aois an íospartaigh agus an chiontóra, an chaidrimh idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cineál an chiona:

*Leasú*

2. Áireofar sa staidreamh na sonraí inchomparáide seo a leanas atá imdhealaithe de réir gnéis nó inscne, aois an íospartaigh agus an chiontóra, caidreamh idir an t-íospartach agus an ciontóir agus cineál an chiona, cibé acu a bhí nó nach raibh an t-íospartach faoi mhíchumas, agus an comhthéacs inar tharla an cion:

## Leasú 283

### **Togra le haghaidh Treorach Airteagal 44 – mír 2 – pointe b**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(b) líon bliantúil na n-íospartach sin, na gcionta tuairiscithe, na ndaoine a ionchúisítear i leith na gcineálacha foréigin sin agus a ciontaíodh iontu, a fuarthas ó fhoinsí náisiúnta riaracháin.

*Leasú*

(b) líon bliantúil na n-íospartach sin, líon bliantúil na gcionta a thuairiscítear d'fhorfheidhmiú an dlí, líon bliantúil na ndaoine a ionchúisíodh mar gheall ar fhoréigean den sórt sin agus a chiontaítear sna cineálacha sin foréigin, pianbhreitheanna arna bhforchur de réir an chineáil ciona, dífhostú nó tarraingt siar gearán agus an chúis le himscrúduithe a fhoirceannadh, a fuarthas ó fhoinsí náisiúnta riaracháin;

## Leasú 284

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 –mír 2 – pointe b a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(ba) cúiseanna, cineálacha agus  
tionchar an fhoréigin in aghaidh na  
mban agus an fhoréigin teaghlaigh;**

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 2 – pointe b b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bb) líon na n-íospartach a maraíodh  
mar gheall ar fhoréigean in aghaidh na  
mban nó foréigean teaghlaigh, agus cibé  
acu a ndearna siad gearán roimhe sin;**

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 2 – pointe b c (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bc) líon na n-ionad dídine agus na n-  
áiteanna teaghlaigh in aghaidh an  
Bhallstáit;**

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 2 – pointe b d (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(bd) infhaighteacht seirbhísí tacaíochta  
d'íospartaigh, agus líon na n-íospartach a  
fhaigheann rochtain ar sheirbhísí  
tacaíochta nó atá ag fanacht le seirbhísí  
den sórt sin;**

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe b e (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(be) líon na nglanna chuig línte  
cabhrach náisiúnta.**

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

4. Chun comparáideacht sonraí riaracháin a áirithiú ar fud an Aontais, baileoidh na Ballstáit sonraí riaracháin ar bhonn díchomhiomlánuithe coiteanna arna bhforbairt i gcomhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus i gcomhréir leis an modheolaíocht a d'fhorbair an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne i gcomhréir le mír 5. Tarchuirfidh siad na sonraí sin chuig an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ar bhonn bliantúil. Ní bheidh sonraí pearsanta iontu.

4. Chun inchoimparáideacht agus caighdeánú sonraí riaracháin a áirithiú ar fud an Aontais, baileoidh na Ballstáit na sonraí riaracháin dá dtagraítear i mír 2 ar bhonn díchomhiomlánuithe coiteanna arna bhforbairt i gcomhar leis an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne agus de réir na modheolaíochta sin i gcomhréir le mír 5 agus áiritheoidh siad go mbeidh na sonraí sin ar fáil i bhformáid mheaisín-inléite. Tarchuirfidh siad na sonraí sin chuig an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne ar bhonn bliantúil. Foilseoidh an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne tuarascáil go tráthrialta bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit. Ní bheidh sonraí pearsanta iontu.

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh Treorach  
Airteagal 44 – mír 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

6. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh arna bhailiú ar fáil don phobal. Ní bheidh sonraí pearsanta sna staitisticí.

6. Cuirfidh na Ballstáit an staidreamh arna bhailiú ar fáil don phobal ar bhealach a mbeidh rochtain éasca air. Ní bheidh

sonraí pearsanta sna staitisticí.

## Leasú 291

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 44 – mír 7

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

7. Tacóidh na Ballstáit le taighde ar bhunchúiseanna, ar éifeachtaí, ar mhinicíochtaí agus ar rátaí ciontuithe na gcineálacha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo.

*Leasú*

7. Tacóidh na Ballstáit le taighde ar bhunchúiseanna, ar éifeachtaí, ar mhinicíochtaí agus ar rátaí ciontuithe, lena n-áirítear idirdhealú trasnach, ar na cineálacha foréigin a chumhdaítear leis an Treoir seo, agus úsáid á baint as taithí na n-íospartach agus na gciontóirí araon i ndlúthchomhar leis na húdarais inniúla ábhartha agus leis an tseirbhís tacaíochta speisialaithe. ***Le taighde den sórt sin, beifear in ann teipeanna cosanta a shainaitheint agus bearta coisctheacha a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh.***

## Leasú 292

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 44 – mír 7 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***7a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbaileofar na sonraí dá dtagraítear i mír 2 go neamhspleách ar oibleagáidí eile maidir le bailiú sonraí faoin dlí idirnáisiúnta agus faoi dhlí an Aontais.***

## Leasú 293

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 44 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Airteagal 44a***

## *Acmhainní*

*Leithdháilfidh na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha, intuartha agus inbhuanaithe, lena n-áirítear cistiú agus acmhainní daonna, ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí uile a leagtar síos sa Treoir seo. Cuirfear cistiú ar fáil do chomhlachtaí agus gníomhaireachtaí stáit agus do ghníomhaithe ábhartha eile amhail eagraíochtaí neamhrialtasacha, lena n-áirítear sainseirbhísí tacaíochta do mhná, a dhéanann gníomhaíochtaí mar a leagtar síos sa Treoir seo.*

**Leasú 294**

### **Togra le haghaidh Treorach**

#### **Airteagal 45**

Treoir 2011/93/AE

Airteagal 3 – mír 9

#### *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

9. Chun críche mhír 8, áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamh-chomhfhiosach mar ghníomh a dhéantar gan toiliú an linbh a thabhairt go deonach, nó i gcás nach bhfuil an leanbh in ann saorthoil a dhéanamh de bharr cúinsí dá dtagraítear i mír 5 a bheith ann, lena n-áirítear riocht fisiciúil nó meabhrach an linbh amhail riocht neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, tinnis nó díobháil choirp.

Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú go heisiach trí thost an linbh, trí neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó trí iompar gnéasach roimhe seo.

#### *Leasú*

9. Chun críche mhír 8, áiritheoidh na Ballstáit go dtuigfear gníomh neamhthoiliúil mar ghníomh a dhéantar gan toiliú an linbh go deonach, nó i gcás nach féidir leis an leanbh saorthoil a dhéanamh mar gheall ar dhálaí dá dtagraítear i mír 5 a bheith ann, lena n-áirítear riocht coirp nó meabhrach an linbh amhail staid eagla, imeaglaithe, neamh-chomhfhiosachta, meisce, codlata, breoiteachta nó díobhála coirp, míchumas nó a bheith i staid leochaileach ar bhealach eile.

Is féidir toiliú a tharraingt siar tráth ar bith le linn an ghnímh. Ní féidir an easpa toilithe a bhréagnú le tost an linbh, le neamhfhriotaíocht bhriathartha nó fhisiciúil nó le hiompar gnéasach a bhí ann cheana nó leis an ngaol a bhí aige nó aici leis an gciontóir. ***Déanfar toiliú a mheasúnú i gcomhthéacs na n-imthosca uile.***

## Leasú 295

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 47 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

1. Faoin [seacht mbliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann le cur i bhfeidhm na Treorach seo is gá don Choimisiún chun tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.

## Leasú 296

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 47 – mír 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

2. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na Ballstáit ar fáil de bhun mhír 1, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.

## Leasú 297

### Togra le haghaidh Treorach Airteagal 49 – mír 1

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Ní dhéanfar aon ní sa Treoir seo a fhorléiriú mar ní a laghdaíonn, a theorannaíonn nó a mhaolaíonn aon cheann de na cearta agus na coimircí nós imeachta a ráthaítear faoi dhlí aon Bhallstáit a

*Leasú*

1. Faoin [cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo] ar a dhéanaí, agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis ábhartha uile a bhaineann le cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur in iúl don Choimisiún, ar faisnéis í is gá chun go ndéanfaidh an Coimisiún tuarascáil a tharraingt suas maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo.

*Leasú*

2. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit de bhun mhír 1, déanfaidh an Coimisiún go tráthrialta, agus i gcomhréir le hoibleagáidí tuairiscithe na mBallstát faoin Treoir seo, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfaidh sé athbhreithniú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo.

*Leasú*

Ní fhorléireofar aon ní sa Treoir seo mar ní lena n-íslítear, lena dteorannaítear nó lena maolaítear aon cheann de na cearta agus na coimircí nós imeachta a ráthaítear faoi ionstraimí idirnáisiúnta atá ceangailteach ar



sholáthraíonn leibhéal níos airde cosanta.  
Ní laghdóidh na Ballstáit an leibhéal  
cosanta níos airde sin a ráthaítear tráth  
theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

na Ballstáit agus faoi dhlí aon Bhallstáit a  
sholáthraíonn leibhéal cosanta níos airde.  
Ní laghdóidh na Ballstáit an leibhéal  
cosanta níos airde sin a ráthaítear tráth  
theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

An 8 Márta 2022, ar Lá Idirnáisiúnta na mBan 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (2022/0066 (COD)). Tá an togra bunaithe ar Airteagal 82(2) agus ar Airteagal 83(1) CFAE agus is é is aidhm leis foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac go héifeachtach ar fud an Aontais.

Ba fhreagairt a cuireadh fáilte roimpi í an treoir ar ghlaio seanbhunaithe ó Pharlaimint na hEorpa. Ghlac an Parlaimint rúin a théann siar go dtí 2009 inar iarradh treoir maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac laistigh den Aontas. Go dtí seo, níl aon ionstraim cheangailteach ag an Aontas a ceapadh go sonrach chun mná agus cailíní a chosaint ar fhoréigean. Is feiniméan forleathan é an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní san Aontas Eorpach, le bean as gach triúr tar éis foréigean fisiceach nó gnéasach a fhulaingt. Cailleann thart ar 50 bean a saol mar gheall ar fhoréigean teaghlaigh gach seachtain, tá gnéaschiapadh fulaingthe ag 75 % de mhná i suíomh gairmiúil<sup>1</sup> agus meastar go bhfuil cibearfhoréigean inscnebhunaithe fulaingthe ag duine as gach beirt ban óg<sup>2</sup>. I measúnú an Choimisiúin maidir le coiriúlú an fhoréigin inscnebhunaithe in aghaidh na mban i Stáit Eorpacha, lena n-áirítear foréigean arna éascú ag TFC, is é an tátal a bhaintear as gur gá dul i ngleic go práinneach le foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban ar an leibhéal Eorpach. Ní féidir leanúint ar aghaidh a thuilleadh leis na coireanna gránna sin san Aontas seo againne.

Sáruithe ar chearta an duine is ea foréigean inscnebhunaithe agus is cineál tromchúiseach é d'ídirdealú struchtúrach bunaithe ar inscne. Is iomaí cineál a bhíonn ann, lena n-áirítear foréigean síceolaíoch, fisiciúil, gnéasach, eacnamaíoch, digiteach, ciapadh agus tuilleadh. Le blianta beaga anuas, tá cibearfhoréigean inscnebhunaithe ag teacht chun cinn, rud a d'fhéadfadh a bheith níos measa de dheasca phaindéim an choróinvíris ós rud é go bhfuil níos mó de shaol sóisialta na ndaoine tar éis athrú ar líne.<sup>3</sup> Mar sin féin, tá gach cineál foréigin inscnebhunaithe tar éis dul in olcas mar gur cuireadh iallach ar mhná agus ar chailíní fanacht sa bhaile le déantóirí an fhoréigin le linn dhianghlasáil Covid-19. Tá eagla leanúnach ar na milliúin ban san Aontas faoi nuair a thiocfaidh an chéad bhuille eile. Caithfidh stop a chur leis sin.

Is díol sásaimh do na comhrapóirtéirí an togra stairiúil ón gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar deireadh ar an bhforéigean in aghaidh na mban agus ar an bhforéigean teaghlaigh ar bhealach cuimsitheach ar leibhéal coiteann Eorpach. Creideann na comhrapóirtéirí, áfach, nach mór an togra a neartú tuilleadh chun a áirithiú gur féidir leis freagairt mar is ceart do riachtanais na mban agus na gcailíní agus chun an Eoraip a dhéanamh níos sábháilte. Dá bhrí sin, tá roinnt tograí curtha i láthair acu.

Ar an gcéad dul síos, cuireann na comhrapóirtéirí i bhfios go láidir go bhfuil sé ríthábhachtach

<sup>1</sup> <https://www.europarl.europa.eu/news/en/press-room/20210910IPR11927/make-gender-based-violence-a-crime-under-eu-law-meps-say>

<sup>2</sup> Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa (EPRS), *Combating gender-based violence: Cyberviolence* [Foréigean inscnebhunaithe a chomhrac: Cibearfhoréigean], Measúnú Breisluacha Eorpaigh, 2021.

<sup>3</sup> Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa (EPRS), *Combating gender-based violence: Cyberviolence* [Foréigean inscnebhunaithe a chomhrac: Cibearfhoréigean], Measúnú Breisluacha Eorpaigh, 2021.

an choireacht a chosc agus go bhfuil sé ríthábhachtach deireadh a chur leis an mbaol go dtarlódh na coireanna sin, cé nach gcuireann conarthaí an Aontais ach deiseanna teoranta ar fáil chun gníomhú sa réimse sin. Mar sin féin, is mian leis na comhparóirtéirí aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le feasacht a mhúscailt ó aois óg mar go dtosaíonn foréigean fear in aghaidh na mban go minic le foréigean buachaillí i gcoinne cailíní. Ní mór comhráite maidir le steiréitíopaí díobhálacha inscne agus oideachas gnéasach atá cuimsitheach agus oiriúnach ó thaobh aoise de a bheith san áireamh san ardú feasachta freisin. Ina theannta sin, ba cheart oiliúint agus faisnéis a chur ar ghairmithe ábhartha, mar shampla i bhforfheidhmiú an dlí, sna breithiúna, nó gairmithe cúraim sláinte agus baill foirne oideachais, chun gnéithe sonracha na gcoireanna inscnebhunaithe a thuiscint, agus foghlaim conas cásanna féideartha a shainiú agus conas gníomhú go hiomchuí nuair a tharlaíonn cásanna. Thairis sin, ní mór an comhordú agus an comhar idir na gníomhaithe ábhartha a mhéadú ar an leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil, go háirithe nuair a bhaineann sé le coireanna foréigin in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a thuairisciú.

Ar an dara dul síos, nuair a tharlaíonn na coireanna, ní mór na próisis dhlíthiúla a bheith bunaithe ar riachtanais na mban agus níor cheart ionsaí breise a bheith mar thoradh orthu. Ní cheadófar riamh ceisteanna príobháideacha neamhábharta don íospartach sa seomra cúirte, ní mór feabhas soiléir a chur ar eolas laistigh den chóras breithiúnach maidir le gnéithe sonracha na gcoireanna sin agus ní mór an bhean a thógáil go dáiríre i gcónaí ón gcéad uair a thuairiscíonn sí coir.

Ar an tríú dul síos, ní féidir leis an Aontas glacadh leis nach n-eascraíonn ciontú deiridh ach as codán de na coireanna uile a thuairiscítear. Ní mór deireadh a chur leis an tsaoirse ó phionós go fadtéarmach agus go forleathan do dhéantóirí foréigin in aghaidh na mban agus d'fhoréigean teaghlaigh. Dá bhrí sin, molann na comhparóirtéirí bearta neartaithe chun slándáil na n-íospartach a áirithiú le linn an phróisis trí bhéim a leagan ar an ngá atá le horduithe urchoisc, srianta agus cosanta chomh maith le gabháil agus coinneáil a úsáid mar bhealach chun mná a choinneáil sábháilte agus chun an fhianaise a fháil, agus ar an gcaoi sin cosc a chur ar dhéantóir na coire dul i ndiaidh an bhean chun a scéal a tharraingt siar agus an chosaint a bhfuil sí i dteideal a fháil de réir an dlí a ráthú don bhean. Ní mór d'údarás na mBallstát tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh an fhianaise a dhaingniú, ar líne agus as líne, ón nóiméad is luaithe is féidir agus ba cheart faireachán leictreonach, amhail bráisléid rúitín, a úsáid chun a áirithiú go n-urramófar orduithe urchoisc, srianta agus cosanta, agus gur féidir obair leantach a dhéanamh ina leith.

Ar an gceathrú dul síos, i ndáil leis na forálacha ábhartha maidir leis na coireanna a áirítear sa togra, molann na comhparóirtéirí an sainmhíniú ar éigniú a leathnú ní hamháin chun treá a chur san áireamh, ach freisin aon ghníomh neamh-chomhthoiliúil eile de chineál gnéasach atá, i bhfianaise thromchúis an ghnímh, inchomparáide le treá toisc go mbeidh na gníomhartha sin chomh díobhálach céanna don íospartach. Is mian leis na comhparóirtéirí freisin an sainmhíniú ar thoiliú a leathnú, agus béim á leagan acu nach mór na himthosca uile a bhaineann leis a chur san áireamh agus an measúnú á dhéanamh agus cásanna nach féidir a mheas go bhfuil fíor-rogha shaor ag bean, nó nach bhfuil sí in ann diúltú nó toiliú a tharraingt siar gan dochar, mar gheall ar riocht eagla, imeaglaíthe, neamhaireachtálach, meisce, codlata, tinnis, gortaithe coirp, míchumais nó i gcás leochaileach eile. Cuireann na comhparóirtéirí airteagal sonrach ar aghaidh freisin atá tiomnaithe d'éigniú faillíoch atá nasctha le heaspa toilithe, lena n-áirítear, ar an gcaoi sin, cásanna ina raibh déantóir na coire faillíoch go mór maidir le heaspa toilithe.

Cuireann na comhrapóirtéirí steiriliú éigeantais isteach mar chion nua freisin toisc gur cleachtas díobhálach agus dúshaothraithe é sin a dhéantar chun críche forlámhas ar mhná agus ar chailíní a chaomhnú agus a dhearbhu agus chun smacht sóisialta a imirt ar chailíní agus ar ghnéasacht na mban. Cuireann na comhrapóirtéirí na coireanna de theacht i dtír gnéasach trí striapachas daoine eile agus de ghníomhartha gnéasacha a cheannach isteach freisin, toisc gur léir go mbaineann na cionta sin leas as mná i gcásanna atá leochaileach cheana féin, is sárú ollmhór iad ar cheart an duine chun sláine choirp agus tugann siad le tuiscint gur féidir duine agus a thoiliú le gníomhaíocht ghnéasach a cheannach ar shuim ar leith. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an téarma ‘mná i striapachas’ a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur in ionad an téarma ‘oibrí gnéis’ sa togra, toisc nach féidir le gníomhaíocht lena ndéantar leas a bhaint as duine a aithint mar ‘obair’ ag AE.

Chun stop a chur leis an gciapadh leanúnach in aghaidh na mban ar líne agus chun mná a chosaint ar an mborradh atá tagtha ar an gcibearfhoréigean agus ar an gciapadh ina gcoinne, molann na comhrapóirtéirí raon feidhme cibearchoireachta an togra a leathnú, chun níos mó cásanna a chumhdach. Thairis sin, ós rud é go ndíríonn an cibearfhoréigean go háirithe ar dhaoine poiblí amhail polaiteoirí, iriseoirí agus cosantóirí chearta an duine ar mná iad agus go mbíonn tionchar aige orthu, ba cheart go gcumhdódh liosta na n-imthosca géaraitheacha cásanna ina ndearnadh an cion i gcoinne ionadaí poiblí, iriseoir nó cosantóir chearta an duine, ós rud é gur bagairt shoiléir iad na hionsaithe sin ar an daonlathas laistigh den Aontas. Maidir leis an liosta d’imthosca géaraitheacha, ba cheart breathnú freisin ar fhoréigean in aghaidh na mban ina raibh sé de rún leis an gcoir “onóir” duine, teaghlaigh nó pobail, mar a thugtar air, a chaomhnú nó a athbhunú mar imthoisc ghéaraitheach agus is léir gur gá aird níos mó a thabhairt ar na coireanna sin laistigh den Aontas chun iad a chomhrac.

Ar deireadh, is mian leis na comhrapóirtéirí aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le leanaí a chonaic foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a aithint mar íospartaigh i gcónaí agus feabhsuithe sonracha a mholadh chun a áirithiú go dtabharfar aird chúil ar leas an linbh. Áirítear leis sin cearta leanaí ag ionaid dídine a áirithiú agus ceangal a chur ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar tús áite do leas an linbh ar chearta rochtana an chiontóra.

